030667/EU XXVIII. GP
Eingelangt am 21/08/25

Council of the European Union

**Brussels, 21 August 2025**

**15767/24**
**ADD 11**

**Interinstitutional File:**
**2021/0420 (COD)**

**JUR 615**
**TRANS 485**
**CODEC 2135**

**LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF**

| | |
|---|---|
| Subject: | Regulation (EU) 2024/1679 of the European Parliament and of the Council of 13 June 2024 on Union guidelines for the development of the trans-European transport network, amending Regulations (EU) 2021/1153 and (EU) No 913/2010 and repealing Regulation (EU) No 1315/2013 *(Official Journal of the European Union L 2024/1679 of 28 June 2024)* |

LANGUAGE concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

The corrigendum will be published in the Official Journal after approval by the European Parliament.

TIME LIMIT for the observations by Member States: 15 days

**OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu**

**(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)**

**IARSCRÍBHINN**

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 2024/1679 an 28 Meitheamh 2024)*

Is mar a leanas a léitear Rialachán (AE) Uimh 2024/1679:

**'RIALACHÁN (AE) 2024/1679 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Meitheamh 2024**

**maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

---

[1] IO C 290, 29.7.2022, lch. 120.
[2] IO C 498, 30.12.2022, lch. 68.



www.parlament.gv.at

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024.



www.parlament.gv.at

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Teachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip', leagtar síos cuspóir aeráidneodrachta a bheidh le baint amach ag an Aontas faoi 2050 mar aon le cuspóir soiléir na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. Tá na cuspóirí sin leagtha síos mar sprioc i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(2) Is astaíochtaí ón iompar thart faoi 25 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais agus tá méadú tagtha ar na hastaíochtaí sin le roinnt blianta anuas. Dá bhrí sin, éilíonn an Comhaontú Glas don Eoraip laghdú 90 % ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar chun go mbeidh an tAontas ina gheilleagar aeráidneodrach faoi 2050, agus é ag obair i dtreo an truaillithe nialasaigh, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht an 12 Bealtaine 2021 ón gCoimisiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: i dtreo Truailliú Nialasach don Aer, Uisce agus Ithir].

(3) I dteachtaireacht an 9 Nollaig 2020 ón gCoimisiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste - iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí], leagtar síos clocha míle chun conair an chórais iompair Eorpaigh a léiriú ionsar ghnóthú na gcuspóirí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe chliste athléimneach. De réir na teachtaireachta sin, ba cheart méadú 50 % teacht ar sciar margaidh an tráchta lasta iarnróid faoi 2030 agus méadú faoi dhó teacht ar an sciar sin faoi 2050, agus ba cheart don iompar d'uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais a sciar den mhargadh a mhéadú faoi 25 % faoi 2030 agus faoi 50 % faoi 2050 agus ba cheart an trácht ar iarnróid ardluais a mhéadú faoi dhó faoi 2030 agus faoi thrí faoi 2050. Lena chois sin, ba cheart ar a laghad 30 milliún carr astaíochtaí nialasacha agus 80000 trucail astaíochtaí nialasacha a bheith á n-oibriú ar bhóithre an Aontais faoi 2030, agus ba cheart gach carr, gach veain, gach bus agus gach feithicil tromshaothair nua, nach mór, a bheith glan-nialasach faoi 2050; Thairis sin, ba cheart taisteal comhchoiteann sceidealaithe faoi bhun 500 km a bheith neodrach ó thaobh carbóin de

---

**4** Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).


www.parlament.gv.at

faoi 2030 laistigh den Aontas agus, faoi 2030, ba cheart ar a laghad 100 cathair san Eoraip a bheith ann atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

(4) Le cur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair cuirtear na dálaí is gá ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, lenar féidir cur le hinbhuanaitheacht, inacmhainneacht agus cuimsitheacht na modhanna iompair uile, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go háirithe trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh an 16 Meitheamh 2022 ón gComhairle maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú[5].

(5) Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á phleanáil, á fhorbairt agus á oibriú, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a éascú, ba cheart foráil a dhéanamh do réitigh iompair níos fearr ilmhódacha agus idir-inoibritheacha agus do chomhtháthú ilmhódach feabhsaithe sa slabhra lóistíochta iomlán, rudaí a rannchuideodh le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh trí na hartairí is gá a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais agus trí naisc iompair gan uaim a bhunú le tíortha comharsanacha. Maille leis sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú le haghaidh réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileánacha iad, chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra. Ba cheart, freisin, soghluaisteacht shábháilte inbhuanaithe gan uaim na n-earraí agus na ndaoine, dá éagsúla iad, a bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, agus le forbairt an ghréasáin sin, ba cheart rannchuidiú le tuilleadh fáis eacnamaíoch agus tuilleadh iomaíochta i gcomhthéacs domhanda, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin iompair náisiúnta a bhunú ar bhealach inbhuanaithe a bheidh tíosach ar acmhainní.

(6) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an bplódú san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta na bpaisinéirí agus na n-earraí a áirithiú, ba cheart toilleadh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid an toillte sin a bharrfheabhsú agus, nuair is gá, iad a fhairsingiú trí scrogaill bhonneagair a bhaint agus bearnaí sna naisc bhonneagair sna Ballstáit agus eatarthu, agus, i gcás inarb iomchuí, idir iad agus tíortha comharsanacha, a

5 IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.



www.parlament.gv.at

líonadh isteach agus an chaibidlíocht leantach leis na tíortha arb iarrthóirí iad agus na tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí á cur san áireamh.

(7) Tá an chuid is mó de bhonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ann cheana féin. Chun cuspóirí an bheartais nua maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhaint amach go hiomlán, ba cheart ceanglais aonfhoirmeacha a leagan síos dó.

(8) Ba cheart cur le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair trí thionscadail leasa choitinn, lena bhféadfaí bonneagar nua iompair a chruthú, an bonneagar atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú agus bearta a dhéanamh chun a thíosaí ar acmhainní agus a athléimní atá sé a chur chun cinn. Ba cheart breisluach Eorpach a thaispeáint i dtionscadail leasa choitinn. Ba cheart na tionscadail sin a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamúlachta de freisin. Tionscadail i limistéir ar tearc a ndaonra nó tionscadail atá riachtanach le haghaidh dé-úsáid bonneagair, a bhféadfadh sé a bheith deacair an inmharthanacht eacnamaíoch a léiriú ina leith toisc go bhféadfadh luach níos airde a bheith ag baint le tairbhí comhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh, ba cheart dóibh, ar a laghad, rannchuidiú ar bhealach dearfach le forbairt an ghréasáin ar bhonn anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe, agus saintréithe agus srianta sonracha an limistéir lena mbaineann á gcur san áireamh.

(9) Agus na tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chúinsí sonracha an tionscadail ar leith lena mbaineann. Ba cheart, nuair is féidir, sineirgí le beartais eile a shaothrú, mar shampla sineirgí le gréasáin fuinnimh nó teileachumarsáide thras-Eorpacha nó le bonneagar dé-úsáide chun críoch míleata, chomh maith le sineirgí le gnéithe den turasóireacht trí bhonneagar rothar do raonta rothaíochta, lena n-áirítear na bealaí EuroVelo, a chuimsiú laistigh de struchtúir innealtóireachta sibhialta ar nós droichead nó tollán, nó sineirgí le gnéithe slándála trí theicneolaíochtaí nua a chuimsiú, ar nós braiteoirí sna droichid.

(10) Chun bonneagar iompair ardcháilíochta éifeachtúil athléimneach a chur i gcrích sna modhanna uile, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh i bhforbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair: slándáil agus sábháilteacht na bpaisinéirí agus na ngluaiseachtaí lasta, an méid a chuirfí leis an athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus na nguaiseacha nádúrtha féideartha agus na dtubaistí féideartha de dhéantús an duine ar bhonneagar agus ar an inrochtaineacht do na húsáideoirí iompair uile, go háirithe i réigiúin atá faoi thionchar faoi leith ó iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide.

(11) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair rannchuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht seirbhísí, ar dhálaí sóisialta d'oibrithe iompair agus ar an inrochtaineacht do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile ar leochaileach a gcás, chomh maith leis an iomparbhochtaineacht a chosc agus a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghné na hinscne chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus ar bhonneagar a áirithiú.

(12) Agus pleanáil bonneagair á déanamh acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar na measúnuithe riosca agus ar na bearta oiriúnaithe arb aidhm dóibh an athléimneacht a fheabhsú, mar shampla in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine. Trí dhreasachtaí breise a sholáthar chun foirmeacha iompair inbhuanaithe a fhorbairt, agus de bhua caighdeáin ardleibhéil a bheith á gcur chun feidhme le haghaidh bonneagar iompair ghlais, tacóidh cur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tacsanomaíocht[6].

(13) I bhfianaise shíorathrú riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónúcháin, agus i bhfianaise Chonclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020 ina leagtar amach gur cheart do chaiteachas an Aontais a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', ba cheart measúnú a dhéanamh ar na tionscadail leasa choitinn chun a áirithiú go bhfuil beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair comhleanúnach le cuspóirí beartais iompair, chomhshaoil agus aeráide an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit agus lucht tionscanta na dtionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail agus, i gcás tionscadail nach bhfuil tús curtha leis an bpróiseas soláthair le haghaidh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith faoi dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a mheasúnú nach ndéanfaidís aon 'dochar suntasach', bunaithe ar an treoraíocht agus ar an dea-chleachtas is déanaí atá ar fáil.

(14) Ba cheart tionscadail bhonneagair faoin Rialachán seo a bheith athléimneach in aghaidh na dtionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ón athrú aeráide, trí mheasúnú leochaileachta

6 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

agus riosca aeráide, lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha. Na tionscadail nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i dtaca leo, ba cheart dóibh a bheith díonta ó thaobh na haeráide de agus ba cheart costais na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tionchair thairbheacha na mbeart maolaithe aeráide a bheith comhtháthaithe san anailís costais is tairbhe. Ba cheart an díonadh ó thaobh na haeráide de a dhéanamh ar bhonn an dea-chleachtais agus na treoraíochta is déanaí atá ar fáil. Rannchuidíonn sé sin le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus measúnuithe leochaileachta agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála faoi bhuiséad an Aontais. Gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, go háirithe gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis na coinníollacha faoina leithdháiltear tacaíocht airgeadais ón Aontas ar thionscadail leasa choitinn faoi Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas díonadh ó thaobh na haeráide de a dhéanamh ach amháin maidir le tionscadail nach bhfuil tús curtha le próiseas soláthair an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith go fóill faoi dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(15) Ba cheart do na Ballstáit agus lucht tionscanta tionscadal eile measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha chun tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol, amhail bloghadh an tírdhreacha, séalú ithreach, agus truailliú aeir agus uisce, maille le torann, a sheachaint, nó, i gcás nach féidir iad a sheachaint, iad a mhaolú nó a chúiteamh, agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint ar bhealach éifeachtach.

(16) Ba cheart leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le leasanna an phobail lena mbaineann na tionscadail leasa choitinn, a chur san áireamh mar is iomchuí nuair atá na tionscadail ag an gcéim tógála agus ag an gcéim pleanála.

(17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart é a bheith ar an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistithe faisnéise tráchta agus taistil.

---

7 Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).


www.parlament.gv.at

(18) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt de réir a chéile i dtrí chéim arb aidhm fhoriomlán dóibh gréasán uile-Eorpach ilmhódach idir-inoibritheach ar ardchaighdeáin cháilíochta a chur i gcrích, agus cuspóirí foriomlána an Aontais maidir leis an aeráidneodracht agus an gcomhshaol á n-urramú: croíghréasán a bheith críochnaithe faoi 2030, croíghréasán breisithe a bheith críochnaithe faoi 2040, agus gréasán cuimsitheach a bheith críochnaithe faoi 2050 mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo.

(19) I dteannta sprioc-amanna 2030 agus 2050 a tugadh isteach cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], ba cheart sprioc-am idirmheánach 2040 maidir leis an Rialachán seo a bheith á chomhlíonadh ag an ngréasán a chur isteach i dtaca leis an gcroíghréasán breisithe ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha é. Ba cheart feidhm a bheith ag an sprioc-am idirmheánach céanna maidir le caighdeáin nua ar an gcroíghréasán a tugadh isteach sa bhreis ar na ceanglais i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ionas go bhféadfar na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh in am trátha.

(20) Feidhmíonn an bonneagar iompair mar ghréasán, dá bhrí sin, dá mbeadh deighleog bheag de neamh-chomhréireach nó neamh-inoibrithe, d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar éifeachtúlacht agus ar iomaíochas an chórais ina iomláine agus cosc a chur ar thairbhe iomlán a bheith á baint as.

(21) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a bheith ina ghréasán iompar uile-Eorpach a áiritheoidh inrochtaineacht agus nascacht na réigiún uile san Aontas, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileánacha iad, chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra, agus a threiseoidh an comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach eatarthu. Ba cheart na ceanglais maidir le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a leagan síos mar chabhair chun gréasán ardcháilíochta ar fud an Aontais a fhorbairt.

(22) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a bheith feistithe go leordhóthanach le bonneagar breoslaí malartacha, i gcomhréir leis na spriocdhátaí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1804

**8** Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).


www.parlament.gv.at

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], chun a áirithiú go dtacaíonn sé ar bhealach éifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí.

(23) I dteannta an chroíghréasáin, ba cheart croíghréasán breisithe a shainiú ar bhonn stráicí tosaíochta den ghréasán cuimsitheach ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha iad.

(24) Sainaithníodh an croíghréasán ar bhonn modheolaíocht oibiachtúil pleanála. Leis an modheolaíocht sin sainaithníodh na nóid uirbeacha, na calafoirt, na haerfoirt agus na pointí trasnaithe teorann is tábhachtaí. Tá na nóid sin le bheith nasctha trí bhíthin iarnród agus nó bóithre, nó trí bhíthin an dá rud sin, leis an ngréasán tras-Eorpach iompair i ngach cás inar féidir, fad atá siad inmharthana ó thaobh na heacnamúlachta de agus indéanta. Leis an modheolaíocht sin tá idirnascacht na mBallstát uile agus comhtháthú na bpríomhoileán sa chroíghréasán áirithithe.

(25) Ba cheart an croíghréasán, arb é an sprioc-am dó 2030, agus an croíghréasán breisithe, arb é a sprioc-am 2040 mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, a bheith ina mbunsraith ag an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ós é atá i gceist iontu na nóid agus na naisc is tábhachtaí agus is straitéisí sa ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh riachtanais tráchta de. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh iomláin a spreagadh agus é a chur ar a chumas don Aontas a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde breisluach Eorpach, go háirithe na stráicí trasteorann, na naisc atá in easnamh, pointí nascúcháin ilmhódacha, agus scrogaill mhóra.

(26) Ba cheart caighdeáin áirithe a bhaineann leis an gcroíghréasán a chur i bhfeidhm maidir leis an gcroíghréasán breisithe agus leis an ngréasán cuimsitheach freisin chun tairbhí iomlána an ghréasáin a bhaint amach, chun an idir-inoibritheacht idir na cineálacha gréasáin a mhéadú agus chun gníomhaíocht bhreise a chur ar a gcumas do na modhanna iompair is inbhuanaithe, é sin trí bhíthin digiteáil bhreise agus réitigh theicneolaíochta eile freisin.

(27) Níor cheart díolúintí ó na ceanglais bonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach a bheith ar fáil ach amháin i gcásanna cuí-mhínithe agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh leis sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith na hinfheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha

9 Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1).


www.parlament.gv.at

nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin oileánacha iad nó i limistéir ar tearc a ndaonra, nó i limistéir ar dlúth a ndaonra, nó inar ann do thionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Agus iarrataí na mBallstát ar dhíolúintí á measúnú aige, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar idir-inoibritheacht agus leanúnachas an ghréasáin agus ar an tionchar ar stráicí nasctha i mBallstáit chomharsanacha freisin.

(28) Níor cheart gréasán iarnróid de chuid Ballstáit, nó cuid de, ag a bhfuil leithead rianta atá éagsúil le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach dar méid 1435 mm ('gréasán ar leithlis' chun críocha an Rialacháin seo) a bheith faoi réir caighdeáin agus ceanglais áirithe de chuid an Rialacháin seo, toisc nach mbeadh údar leis i dtéarmaí costais agus tairbhí eacnamaíocha mar gheall ar shainiúlachtaí na ngréasán ar leithlis. Tagann na sainiúlachtaí sin ón gcaoi a bhfuil na gréasáin ar leithlis scoite amach ó ghréasáin eile a bhfuil an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1435 mm acu. Thairis sin, cé gur cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh conairí traenach a leithdháileadh, ar fud an ghréasáin iomláin, ar thraenacha lasta a bhfuil fad 740 méadar ar a laghad acu, féadfaidh siad, agus na hiarrachtaí sin á meas acu, saintréithe agus dúshláin shonracha na ngréasán ar leithlis a chur san áireamh, chomh maith leis an bhfíoras nach mbeadh bonn cirt i gcónaí, ar na gréasáin sin, leis an leithdháileadh sin i dtéarmaí socheacnamaíocha.

(29) An gréasán bonneagar talún, arna bhunú tríd an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach, ba cheart dó a bheith comhtháite leis an ngné mhuirí den ghréasán tras-Eorpach iompair. Chun na críche sin, ba cheart Spás Muirí Eorpach a chruthú a bheadh go hiomlán inbhuanaithe, cliste, gan uaim agus athléimneach, lena chur chun feidhme i ndlúthchomhar le straitéisí macrairéigiúnacha Eorpacha agus leis na straitéisí d'imchuacha farraige, lenar cheart an seantogra '*Motorways of the Sea*' ['Mearbhealaí na Mara'] a chuimsiú. Ba cheart dó comhpháirteanna bonneagair mhuirí uile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chuimsiú. Agus na tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn, ba cheart aird a thabhairt go háirithe ar rochtain níos fearr a chur chun cinn ar na réigiúin is forimeallaí agus ar réigiúin eile atá iargúlta, oileánach agus forimeallach.

(30) Na Conairí Lasta Iarnróid a bunaíodh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus Conairí an Chroíghréasáin a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, is ionstraimí beartais comhlántacha iad a bhfuil dlúthghaol idir a gcuspóirí, go háirithe maidir le seirbhísí iompair inbhuanaithe, éifeachtúla agus sábháilte a chur chun cinn. Dá thorthúla an comhar maidir lena lán gnéithe, i roinnt cásanna sainaithníodh go raibh forluí ann idir gníomhaíochtaí agus go raibh malartú ní b'fhearr faisnéise ag teastáil. Thairis sin, níl na Conairí Lasta Iarnróid agus Conairí an Chroíghréasáin lánailínithe le chéile go geografach, rud a chuireann teorainn leis an gcomhordú is féidir a dhéanamh, mar shampla maidir le himscaradh bhonneagar riachtanach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair nó feabhsú cháilíocht na seirbhísí iarnród. Dá bhrí sin, tá acmhainneacht thábhachtach nár saothraíodh fós ann i leith an chuíchóirithe, breise éifeachtachta agus sineirgí.

(31) Mar a luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, ní mór Conairí an Chroíghréasáin agus na Conairí Lasta Iarnróid a chomhtháthú i 'gConairí Iompair Eorpacha' chun na sineirgí idir pleanáil an bhonneagair agus oibriú an iompair a mhéadú. Ba cheart Conairí Iompair Eorpacha a bheith ar an ionstraim lena bhforbrófar sreabha iompair paisinéirí agus lasta inbhuanaithe ilmhódacha san Eoraip agus lena bhforbrófar feidhmíocht bonneagair agus oibríochtúil ardcháilíochta idir-inoibritheach. Dá réir sin, ba cheart iadsan freisin a bheith ar an uirlis lena dtabharfar i gcrích an fhís go ndéanfaí gréasán iarnróid an-iomaíoch ar fud an Aontais a chruthú.

(32) Ba cheart feidhm a bheith ag tosaíochtaí oibríochtúla nua do na Conairí Iompair Eorpacha chun ardcháilíocht seirbhísí a áirithiú. Go háirithe, ba cheart don rialachas lasta iarnróid gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a áirithiú nach rachaidh aga stoptha na dtraenacha lasta a thrasnaíonn teorainn idir dhá Bhallstát thar 25 nóiméad ar an meán agus go sroichfidh formhór na dtraenacha a thrasnaíonn teorainn amháin ar a laghad de Chonair Lasta Eorpach a gceann scríbe nó teorainn sheachtrach an Aontais ag a n-am sceidealaithe nó le moill is lú ná 30 nóiméad. Níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn ama le haghaidh am stoptha i gcás ina mbíonn athrú ar an leithead rianta. Níor cheart feidhm a bheith aige ag teorainneacha idir dhá Bhallstát i gcás nár cuireadh deireadh fós leis na rialuithe i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE)

[10] Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22).


www.parlament.gv.at

2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], lena bhforchuirtear go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar phaisinéirí traenach agus ar bhaill foirne iarnróid ar thraenacha paisinéirí agus earraí a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha, agus i gcás nach féidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh de bharr na seiceálacha a dhéantar ar thraenacha agus an Rialachán sin á chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh plódú agus am feithimh níos faide ag an teorainn eascairt as na hathruithe sin ar an leithead rianta agus ar sheiceálacha ar thraenacha. Níor cheart a chur san áireamh ach oiread moilleanna a tharlaíonn i dtríú tíortha a dtrasnaíonn traenacha lasta iad agus atá inchurtha i leith na dtíortha sin.

(33) Ar dtús, faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, Ballstáit a raibh gréasán iarnróid acu nach ionann a leithead rianta agus leithead rianta an phríomhghréasáin iarnróid laistigh den Aontas, ní raibh sé d'oibleagáid orthu a bheith rannpháirteach i mbunú conairí lasta ná i síneadh na gconairí sin atá ann cheana faoin Rialachán sin. Ba cheart ceadú do na Ballstáit sin, ar feadh uastréimhse shealadach 10 mbliana, a chinneadh nach mbeidh an bainisteoir bonneagair nó na bainisteoirí bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a gcríoch rannpháirteach i mbord bainistíochta na gconairí lasta ar a gcríoch.

(34) Tá Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 dírithe go príomha ar eagrú agus bainistiú conairí idirnáisiúnta iarnróid le haghaidh lasta iarnróid iomaíoch. Ós oileán í, níl nasc iarnróid ag Éirinn le Ballstáit eile. Thairis sin, faoin Rialachán sin, ní raibh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit ag a bhfuil gréasán iarnróid nach ionann a leithead rianta agus leithead rianta an phríomhghréasáin iarnróid laistigh den Aontas a bheith rannpháirteach i mbunú conairí lasta ná i síneadh na gconairí atá ann cheana. Bhain Éire úsáid as an bhféidearthacht sin. Dá réir sin, níor bunaíodh aon chonair lasta iarnróid ar chríoch na hÉireann. Sna himthosca sin, i bhfianaise an bhreisluacha theoranta d'údaráis na hÉireann agus dá lucht bainistithe bonneagair a bheith rannpháirteach i rialachas na gconairí lasta faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, ba cheart d'Éirinn a bheith in ann a chinneadh nach mbeidh ionadaithe a húdarás agus a lucht bainistithe bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a chríoch rannpháirteach i mbord feidhmiúcháin nó i mbord bainistíochta na gconairí lasta ar a críoch nó i gceachtar acu.

11 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).


www.parlament.gv.at

(35) Ba cheart do na Conairí Iompair Eorpacha na sreabha tráchta fad-achair is tábhachtaí a chumhdach, ba cheart aiseanna iompair ilmhódacha Eorpacha barrthábhachtacha a bheith iontu bunaithe ar chodanna den ghréasán tras-Eorpach iompair, ba cheart dóibh teorainneacha a thrasnú, ba cheart dóibh a bheith ilmhódach agus ar oscailt do na modhanna iompair uile a chumhdaítear sa Rialachán seo agus d'fhéadfaí tíortha comharsanacha a áireamh leo.

(36) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena bhféadfaí na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go nglactar bearta iomchuí le go gcríochnófar na tionscadail leasa choitinn a bhaineann leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach faoi na sprioc-amanna a leagtar amach faoi seach, eadhon 2030, 2040 agus 2050, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit comhleanúnachas na bpleananna iompair agus infheistíochta náisiúnta leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit na tosaíochtaí a leagtar amach i bpleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, inter alia, a chur san áireamh freisin. Mar sin féin, is faoi inniúlacht na mBallstát amháin i gcónaí atá raon feidhme, modheolaíocht nó creat ama na bpleananna agus na gclár náisiúnta.

(37) Tá sé riachtanach go ndéanfaí tionscadail leasa choitinn a shainaithint a rannchuideoidh leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích agus a rannchuideoidh leis na cuspóirí a bhaint amach agus a chomhfhreagróidh do na tosaíochtaí arna mbunú sa Rialachán seo. Ba cheart a gcur chun feidhme a bheith ag brath ar a aibí atá siad, ar a mhéid a chomhlíonann siad nósanna imeachta dlíthiúla an Aontais agus na nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta agus ar infhaighteacht na n-acmhainní airgeadais, gan dochar do ghealltanas airgeadais ó Bhallstát nó ón Aontas.

(38) Tionscadail leasa choitinn chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, tá breisluach Eorpach ag baint leo ós rud é go gcuireann siad le gréasán Eorpach ardcháilíochta athléimneach idir-inoibritheach ilmhódach, rud a mhéadaíonn an inbhuanaitheacht, an comhtháthú, an éifeachtúlacht nó na tairbhí d'úsáideoirí. Is airde fós an breisluach Eorpach más toradh air, i dteannta an luacha a d'fhéadfadh an Ballstát féin atá i gceist a bhaint as, feabhsuithe móra ar na naisc iompair nó na sreabha iompair idir Ballstáit nó idir Ballstát agus tríú tír. Ba cheart na tionscadail



www.parlament.gv.at

trasteorann sin a bheith ina n-ábhar tosaíochta ag an Aontas chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

(39) D'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí tionscadail eile a áirithiú go ndéanfar measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn ar bhealach éifeachtúil, go seachnófar moilleanna neamhriachtanacha, agus, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], go ndéanfar gach iarracht is féidir chun a áirithiú go gcuirfear na tionscadail sin chun feidhme ar bhealach tráthúil éifeachtúil.

(40) Agus anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe á déanamh acu, ba cheart do na Ballstáit cur chuige aitheanta comhchuibhithe a leanúint chun gur féidir meastóireacht thrédhearcach chomparáideach a dhéanamh ar thionscadail leasa choitinn. An anailís ar na costais agus na tairbhí don aeráid agus don chomhshaol, ba cheart í a bhunú ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chuirtear i gcrích de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

(41) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na dtíortha sin. Ba cheart don Aontas, i gcás inarb iomchuí, tionscadail leasa choitinn leis na tíortha sin a chur chun cinn, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar cuspóirí agus ceanglais idir-inoibritheachta an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart na tionscadail sin a ailíniú freisin leis an sprioc aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050 agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann san iompar, go háirithe trí sceitheadh carbóin a chosc.

(42) Tugadh dúshlán athléimneacht an ghréasáin iompair Eorpaigh agus cuireadh chun féachana é de bharr thionchar millteanach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. De dheasca an fhogha sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar an timpeallacht gheopholaitiúil, rud a léiríonn leochaileacht an Aontais i leith imeachtaí suaiteacha gan choinne lasmuigh de theorainneacha an Aontais. Leis an mórthionchar a bhí aige ar mhargaí domhanda, ó thaobh na slándála

---

12 Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (TEN-T) (IO L 258, 20.7.2021, lch. 1).

13 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).


www.parlament.gv.at

domhanda bia mar shampla, léiríodh nach féidir margadh inmheánach an Aontais agus a ghréasán iompair a mheas leo féin nuair atá beartas an Aontais á fhorbairt. Tá gá le naisc níos fearr le tíortha comhpháirtíochta comharsanacha an Aontais anois níos mó ná riamh.

(43) I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 dar teideal *An action plan for EU-Ukraine Solidarity Lanes to facilitate Ukraine's agricultural export and bilateral trade with the EU* [Plean gníomhaíochta do Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine chun onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú], sainaithnítear roinnt mórdhúshlán don bhonneagar iompair nach mór don Aontas agus dá thíortha comharsanacha a réiteach chun tacú le geilleagar agus téarnamh na hÚcráine, chun go mbeidh earraí talmhaíochta agus earraí eile in ann an tAontas agus margaí an domhain a shroicheadh, agus chun a áirithiú go gcuirfear feabhas mór ar an nascacht leis an Aontas i gcás onnmhairí agus allmhairí. Chun an nascacht leis an Aontas a mhéadú, moladh sa Teachtaireacht sin measúnú a dhéanamh ar leathnú na gConairí Iompair Eorpacha isteach san Úcráin agus i bPoblacht na Moldóive.

(44) Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus an seasamh arna ghlacadh ag an mBealarúis sa choinbhleacht sin, níl comhar idir an tAontas agus an Rúis agus an Bhealarúis i réimse bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair iomchuí ná níl sé chun leasa an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur leis an ngréasán tras-Eorpach iompair sa dá thríú tír sin. Dá thoradh sin, níl sé ina ardtosaíocht a thuilleadh naisc thrasteorann chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis a fheabhsú ar chríoch na mBallstát. Tá naisc ann faoi láthair idir an Fhionlainn, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn agus an dá thríú tír sin. Chun a léiriú gur lú an tosaíocht atá ann na naisc sin a thógáil agus a fheabhsú, ba cheart mílte deiridh na nasc trasteorann uile leis an Rúis agus leis an mBealarúis atá ar an gcroíghréasán faoi láthair a íosghrádú sna léarscáileanna a áirítear sa Rialachán seo ón gcroíghréasán chuig an ngréasán cuimsitheach nach bhforáiltear ach spriocdháta cur chun feidhme níos déanaí de 2050 dóibh. I gcás ina dtarlóidh aistriú chuig an daonlathas sa Bhealarúis, áfach, bheadh sé ina ardtosaíocht naisc thrasteorann na tíre leis an Aontas a thógáil agus a fheabhsú i gcomhréir leis an bplean eacnamaíoch cuimsitheach le haghaidh na Bealarúise daonlathaí, lena n-áirítear tríd an tír a athchuimsiú sa Rialachán.

(45) Leis an gcomhthéacs geopholaitiúil nua a d’eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin léiríodh a thábhachtaí atá naisc iompair gan uaim laistigh de chríoch an Aontais agus le tíortha comharsanacha. Cuirtear isteach go mór ar idir-inoibritheacht na ngréasán iarnróid ar fud an


www.parlament.gv.at

Aontais le leithead rianta iarnróid atá bunoscionn le leithead rianta caighdeánach Eorpach 1435 mm agus tá tionchar aige sin fiú ar iomaíochas na ngréasán iarnróid ar leithlis sin. Dá bhrí sin, ba cheart línte iarnróid nua den chroíghréasán nó den chroíghréasán breisithe a thógáil ar leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1435 mm. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit a bhfuil gréasán acu ag a bhfuil leithead rianta atá éagsúil leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1435 mm féachaint an bhféadfaí línte reatha na gConairí Iompair Eorpacha a aistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1435 mm. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir leis na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí, ós rud é, mar gheall ar a suíomh geografach, go bhfuil a ngréasán scoite go hiomlán ó aon nasc taobh talún ar chríoch an Aontais.

(46) Chun claochlú na hearnála iompair ina córas fíor-ilmhódach seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a chur i gcrích, ba cheart don Aontas gréasán iompair ardcháilíochta a thógáil lena gceadófar seirbhísí iarnróid do phaisinéirí agus do lasta ar íosluasanna. Ba cheart don Aontas freisin, agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn aige, an aird chuí a thabhairt ar chur chun feidhme bonneagair dériain le haghaidh bonneagar iarnróid a bhfuil scrogaill toillte aige. Tá poitéinseal mór ag iompar iomaíoch na bpaisinéirí d’iarnród ar ardluas ó thaobh dhícharbónú an iompair de. Is gá gréasán iarnróid ardluais comhleanúnach idir-inoibritheach Eorpach a fhorbairt lena nascfar príomhchathracha agus mórchathracha na hEorpa. Dá gcomhlánófaí na línte ardluais atá ann cheana le línte arna ndearadh le haghaidh íosluas 160 km/h ba cheart éifeachtaí gréasáin, gréasán níos comhleanúnaí, agus méadú ar líon na bpaisinéirí a bhíonn ag taisteal d’iarnród teacht as sin. Ba cheart na ceanglais dearaidh luais le haghaidh línte paisinéirí agus lasta a theorannú do chéatadán áirithe de na stráicí iarnróid lena mbaineann chun an gá atá le solúbthacht a chur san áireamh ar stráicí iarnróid a bhfuil gnéithe speisialta acu mar thoradh ar shrianta topagrafacha, rilífe nó pleanála bailte ar gá an luas a oiriúnú dóibh i ngach cás, lena n-áirítear inter alia línte idirnasctha, línte a ghabhann trí stáisiúin, bealaí rochtana ar chríochfoirt, ar shaoráidí seirbhíse nó ar iostaí. Ba cheart don Choimisiún díolúintí a dheonú arna iarraidh sin do Bhallstát chun tuilleadh solúbthachta a cheadú thar na luachanna céatadáin sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo más gá agus má tá údar cuí leis. Agus an bonneagar á uasghrádú, moltar do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí é a dhearadh le haghaidh luas níos airde mar a fhoráiltear dó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus


www.parlament.gv.at

ón gComhairle[14]. Mar chomhlánú ar thraenacha ardluais, is bealach inbhuanaithe taistil fadraoin ar fud an Aontais iad traenacha oíche.

(47) Ba cheart gréasán lasta iarnróid ar fud na hEorpa a bheidh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos iontaofa a bhunú chun rannchuidiú le hiomaíochas an iompair ilmhódaigh agus chomhcheangailte. Ba cheart an bonneagar le haghaidh iompar iarnróid chomhcheangailte agus bonneagar na gcríochfort a uasghrádú chun a áirithiú gur d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus de loingseoireacht ghearrthurais is mó a dhéantar an t-iompar ilmhódach agus go bhfuil aon chéim tosaigh nó deiridh, nó an dá chéim sin araon, den turas a dhéantar de bhóthar chomh gearr agus is féidir.

(48) Is trí iompar idirmhódach a dhéantar tuairim is leath de na tona-ciliméadar lasta iarnróid san Eoraip, agus tá an sciar sin ag dul i méid. Chun na spriocanna a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a bhaint amach chun an chuid sin den iompar lasta a iompraítear d'iarnród a dhúbailt, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iompar lena gcomhcheanglaítear iompar d'iarnród don phríomhchuid den turas agus iompar i leoraithe don chéad mhíle agus don mhíle deiridh. D'fhonn cur leis an méadú ar an trácht idirmhódach, ba cheart leis an mbonneagar a bheith in ann traenacha lasta a úsáid a iompraíonn leathleantóirí caighdeánacha suas le 4 mhéadar ar airde agus iad luchtaithe ar airde 27 cm ar a laghad os cionn bharr an ráillriain agus ba cheart íosairde 33 cm a mholadh. Mar sin féin, is iomaí oiriúnú a bhíonn i gceist leis an gceanglas sin a chomhlíonadh, oiriúnú a d'fhéadfadh a bheith costasach uaireanta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, teacht ar chur chuige cothrom maidir leis an gceanglas sin a chur chun feidhme agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é ar bhealach costéifeachtach. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an ceanglas chun feidhme ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh ar a laghad líne dhíreach intíre amháin, líne dhíreach lasta iarnróid amháin le Ballstát nó Ballstáit chomharsanacha, agus nasc amháin le críochfort iarnróid amháin ar a laghad nó críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad atá suite i gcalafort muirí nó atá cóngarach do chalafort muirí ar cuid é den Chonair Iompair Eorpach i gcríoch Ballstáit. Thairis sin, má tá ceann amháin nó níos mó de na críochphointí conaire suite ar chríoch Ballstáit, ba cheart líne dhíreach amháin ar a laghad a bheith ann chuig ceann amháin ar a laghad de na críochphointí sin ar líne í a chomhlíonfaidh an ceanglas sin. Agus na línte

14 Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

ábhartha á roghnú acu, ba cheart do na Ballstáit na sreabha iompair lasta iarnróid atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chur san áireamh. Agus measúnú á dhéanamh aige ar iarrataí ar dhíolúintí ón gceanglas a bhaineann le hiompar leathleantóirí faoin Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar thoradh na hanailíse socheacnamaíche costais is tairbhe chomh maith leis an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar na seirbhísí de bharr na hoibre is gá chun an caighdeán sin a chomhlíonadh. Thairis sin, agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarrataí ar na díolúintí ó na ceanglais is infheidhme maidir le bonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar aon mhór-infheistíocht arna déanamh ag an mBallstát lena mbaineann ar líne chomhthreomhar i ndlúthghaireacht do na cinn atá le tógáil as an nua.

(49) Ós rud é go bhfuil an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) á imscaradh níos gasta, agus go bhfuil pleananna glactha ag roinnt Ballstát cheana ERTMS a imscaradh ar a ngréasán náisiúnta iarnróid iomlán níos luaithe ná mar bhíothas ag ceapadh, is gá an t-athrú ó bhonn seo a chur san áireamh agus cur chuige níos uaillmhianaí a leagan síos le haghaidh imscaradh ERTMS ar an ngréasán cuimsitheach.

(50) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-úsáidfear ERTMS ar an ngréasán cuimsitheach faoi 2050, ar an gcroíghréasán breisithe faoi 2040 agus ar an gcroíghréasán faoi 2030. Agus ERTMS á imscaradh ar an ngréasán cuimsitheach, ba cheart tús áite ó thaobh an uainithe de a thabhairt do na línte ar féidir leo rannchuidiú le hiompar iarnróid idirnáisiúnta trasteorann a bheidh sábháilte éifeachtúil. Ós rud é go rannchuidíonn imscaradh ERTMS raidióbhunaithe le díothú na rialacha náisiúnta a mbíonn éifeacht acu ar an oibríocht, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar ERTMS raidióbhunaithe a imscaradh ar línte nua ó 2030, nó ó 2040 amach i gcás ina ndéantar uasghrádú ar an gcóras comharthaíochta ar na línte atá ann cheana féin, agus go mbeidh an gréasán tras-Eorpach iompair iomlán feistithe le ERTMS raidióbhunaithe faoi 2050.

(51) Tagann coigilteas suntasach cothabhála do bhainisteoirí bonneagair as córais d'aicme B a dhíchoimisiúnú, nuair a chuirtear san áireamh na costais agus an chastacht a bhaineann le ERTMS a imscaradh agus córais bhreise cois rianta a choinneáil ar feadh tréimhse fhada. Ba cheart do na Ballstáit, seachas i gcásanna áirithe, a áirithiú go ndéanfar córais d'aicme B a dhíchoimisiúnú faoi 2040 ar an gcroíghréasán, faoi 2045 ar an gcroíghréasán breisithe agus faoi 2050 ar an ngréasán cuimsitheach ar choinníoll go ráthaítear leibhéal iomchuí

sábháilteachta, agus go ndéantar faisnéis thráthúil a áirithiú ag an am céanna do na páirtithe uile lena mbaineann faoin díchoimisiúnú sin agus faoi imscaradh ERTMS.

(52) An hidreamoirfeolaíocht ilchineálach is saintréith d'uiscebhealaí intíre san Eoraip, is rud é a thagann salach ar fheidhmíocht chomhleanúnach ar na stráicí uiscebhealaigh uile. Is féidir le dálaí aeráide agus aimsire tionchar mór a imirt ar uiscebhealaí intíre agus go háirithe ar stráicí saorshreabhacha. Chun trácht idirnáisiúnta iontaofa a áirithiú, agus an hidreamoirfeolaíocht agus an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme á n-urramú, ba cheart hidreamoirfeolaíocht shonrach gach uiscebhealaigh (mar shampla aibhneacha saorshreabhacha nó aibhneacha rialaithe) a chur san áireamh sna ceanglais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompar, chomh maith le cuspóirí na mbeartas comhshaoil agus bithéagsúlachta. Chun na críche sin, ba cheart leibhéil uisce tagartha a bhunú i ndáil le gach Conair Iompair Eorpach, gach uiscebhealach iompair Eorpach nó gach stráice d'uiscebhealach iompair Eorpach, agus tionchar an athraithe aeráide á chur san áireamh. Agus leibhéil tagartha uisce á sonrú, ba cheart don Choimisiún comhoibriú go dlúth leis na Ballstáit agus leis na Comhordaitheoirí Eorpacha lena mbaineann agus leis na coimisiúin um loingseoireacht abhann lena mbaineann arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir leis na ceanglais do bhonneagar na n-uiscebhealaí intíre d'fhonn an modh iompair sin a chur chun cinn.

(53) Agus bonneagar na n-uiscebhealaí intíre á thógáil nó á uasghrádú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhacainní féideartha ar nascacht aibhneacha saorshreabhacha a sheachaint.

(54) Ós rud é gurb iad na calafoirt mhuirí pointí iontrála agus fágála bhonneagar talún an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, tá ról tábhachtach geostraitéiseach acu mar nóid ilmhódacha trasteorann a fheidhmíonn ní hamháin mar mhoil iompair ach a d'fhéadfadh a bheith ina dtairseacha freisin le haghaidh na trádála, braislí tionsclaíocha, soghluaisteacht mhíleata agus moil fuinnimh. Mar a léiríodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'an Plean RePowerEU', is gá soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le leathadh amach fuinnimh in-athnuaite. Is féidir le calafoirt mhuirí rannchuidiú leis an sprioc sin trí shuiteálacha gaoithe amach ón gcósta a bhunú, hidrigin ghlas a tháirgeadh agus gás nádúrtha leachtaithe a iompar agus a stóráil. Chun sineirgí idir an earnáil iompair agus an earnáil fuinnimh a neartú sna hiarrachtaí chun geilleagar an Aontais a dhícharbónú, d'fhéadfadh calafoirt mhuirí ról a imirt freisin in iompar dé-ocsaíde carbóin trí phíblínte nó modhanna eile iompair.


www.parlament.gv.at

(55) Is féidir le loingseoireacht ghearrthurais rannchuidiú go mór le dícharbónú an iompair trí thuilleadh lasta agus paisinéirí a iompar ar muir, inter alia chun brú tráchta ar chríoch an Aontais a laghdú agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar réigiúin agus ar stáit fhorimeallacha agus oileánacha. Mar sin féin, na naisc loingseoireachta gearrthurais, arb iad an ghné mhuirí den ghréasán tras-Eorpach iompair, is gá iad a chomhtháthú ar bhealach níos fearr leis an ngréasán talún agus béim níos láidre a leagan ar an slabhra iomlán iompair agus lóistíochta, ar muir agus ar an gcúlchríoch araon. Ba cheart an Spás Muirí Eorpach, ar coincheap nua uilechuimsitheach é, a chur chun cinn trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a chruthú nó a uasghrádú agus trí chalafoirt mhuirí agus a naisc chúlchríche a fhorbairt ionas go soláthrófar comhtháthú éifeachtúil agus inbhuanaithe le modhanna eile iompair. Thairis sin, leis an gcoincheap nua sin, ba cheart naisc inbhuanaithe loingseoireachta gearrthurais a chothú d’fhonn sreabha lasta a dhíriú ar bhealaí lóistíochta muirbhunaithe sa chaoi go bhfeabhsófar na naisc mhuirí atá ann cheana nó go mbunófar naisc mhuirí nua a bheidh inmharthana, rialta agus minic.

(56) Is de bhóthar a iompraítear trí cheathrú den iompar lasta intíre iomlán san Aontas (ar bhonn na dtona-ciliméadar a chuirtear i gcrích) agus thart faoi 90 % den iompar paisinéirí intíre iomlán (ar bhonn mhéid iomlán na gciliméadar paisinéara). I bhfianaise thábhacht an iompair de bhóthar agus an ghealltanais an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir leis an gcloch mhíle sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is gá an bonneagar bóithre a fheabhsú ó thaobh na sábháilteachta de. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit sábháilteacht an bhonneagair iompair de bhóthar a áirithiú, agus a áirithiú go ndéantar faireachán uirthi, agus, nuair is gá, go ndéantar í a fheabhsú i gcomhréir le Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. I ndáil leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún leis an Treoir sin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí coiteanna a bhunú arb é is aidhm dóibh úsáid oibríochtúil marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair a áirithiú tar éis do ghrúpa saineolaithe measúnú a dhéanamh ar an deis sonraíochtaí mar sin a bhunú.

(57) Chun rochtain ar shaoráidí leordhóthanacha scíthe a ráthú, go háirithe do thiománaithe gairmiúla, ba cheart limistéir scíthe a fhorbairt ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ina

15 Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59).


www.parlament.gv.at

iomláine agus ba cheart limistéir shábháilte shlána pháirceála a fhorbairt feadh an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe.

(58) Chun roghanna malartacha ar eitiltí gearraistir a sholáthar, ba cheart do na Ballstáit, seachas i gcás ina gcuireann srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha cosc ar naisc mar sin, a áirithiú go nasctar aerfoirt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair de mhéid tráchta os cionn 12 mhilliún paisinéir leis an ngréasán iarnróid tras-Eorpach, lena n-áirítear an gréasán iarnróid ardluais i gcás inar féidir, agus seirbhísí fadraoin á gceadú, nó, i gcás aerfoirt a bhfuil méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí os cionn 4 mhilliún paisinéir agus níos lú ná 12 mhilliún paisinéir acu atá lonnaithe i nód uirbeach den ghréasán iarnróid tras-Eorpach nó gar dó, ba cheart dóibh a áirithiú go nasctar na haerfoirt sin leis an nód sin d'iarnród, de mheitreo, de thrambhealaí iarnróid éadroma, de charr cábla nó, go heisceachtúil, trí réitigh iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha eile. Ba cheart na naisc sin a spreagadh i gcás na n-aerfort a bhfuil méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí faoi bhun 4 mhilliún paisinéir acu.

(59) Chun an nuáil a chothú i réimse an aeriompair, ba cheart spásfoirt a áireamh ar liosta na gcomhpháirteanna bonneagair aeriompair. Mar sin féin, ba cheart iad a áireamh gan dochar d'inniúlacht an Aontais i réimse an spáis faoi Airteagal 4(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus faoi Airteagal 189 CFAE lena n-eisiatar aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát. Ina theannta sin, má dhéantar spásfoirt a áireamh ar liosta na gcomhpháirteanna bonneagair aeriompair faoin Rialachán seo, níor cheart reachtaíocht an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le bonneagar aeriompair a chur i bhfeidhm maidir le spásfoirt mura bhforáiltear go sainráite dó sin sa reachtaíocht sin.

(60) Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á fhorbairt, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar bhearta lena n-áirithítear trasnuithe teorann éifeachtúla le haghaidh an iompair lasta, agus amanna feithimh agus bristeacha ag an teorainn á gcur san áireamh arb iad próiseáil agus rialuithe feithiclí agus próiseáil agus rialuithe a dhéantar ar bord traenacha ag teorainneacha an Aontais is cúis leo nó arb iad cúiseanna riaracháin, oibríochtúla, sábháilteachta, teicniúla nó idir-inoibritheachta is cúis leo.

(61) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh le haghaidh paisinéirí agus lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú i gcás aistrithe

fad-achair. Ba cheart ról barrthábhachtach a bheith ag na críochfoirt ilmhódacha chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(62) Ba cheart do na Ballstáit anailís mhargaidh agus anailís ionchasach a dhéanamh ar chríochfoirt lasta ilmhódacha ar a gcríoch agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun gréasán críochfort lasta ilmhódach a fhorbairt. Chuige sin, d'fhéadfadh siad tagairt a dhéanamh do staidéir agus do phleananna atá ann cheana. Leis an bplean gníomhaíochta arna ullmhú ag na Ballstáit, ba cheart forbairt na gcríochfort lasta ilmhódach a chur chun cinn. Níor cheart, áfach, oibleagáid a bheith ar an earnáil phríobháideach infheistiú i gcríochfoirt mar thoradh ar an bplean gníomhaíochta agus níor cheart don phlean a bheith faoi réir Measúnú Straitéiseach Comhshaoil.

(63) Tá ról tábhachtach ag na nóid uirbeacha sa ghréasán tras-Eorpach iompair mar thúsphointe nó ceann scríbe deiridh ('an míle deiridh') le haghaidh paisinéirí agus lasta atá ag bogadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna iompair éagsúla agus idir na modhanna sin. Ba cheart a áirithiú nach gcuirfidh scrogaill toillte ná nascacht ghréasáin easnamhach laistigh de na nóid uirbeacha bac a thuilleadh ar an ilmhódúlacht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair. Ba cheart beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a dhíriú ar shreabh tráchta gan uaim a chur chun cinn a rachadh chuig na nóid uirbeacha ar an ngréasán, uathu agus eatarthu. Ba cheart do na húdaráis inniúla áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta aghaidh a thabhairt ar an nascacht áitiúil laistigh de nóid uirbeacha, go háirithe trí bhearta ábhartha ina bpleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna).

(64) Mar chreat aonair éifeachtach chun dul i ngleic le dúshláin na soghluaisteachta uirbí, ba cheart PSUI a ghlacadh do gach nód uirbeach, arb é a bheadh ann plean fadtéarmach lánchuimsitheach comhtháite soghluaisteachta lasta agus paisinéirí le haghaidh an limistéir uirbigh fheidhmiúil iomláin. D'fhéadfaí cuspóirí, spriocanna agus táscairí a áireamh ann a bheidh mar bhonn agus mar thaca le haghaidh fheidhmíocht an chórais iompair uirbigh mar atá faoi láthair agus amach anseo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbailítear sonraí soghluaisteachta uirbí in aghaidh an nóid uirbigh i réimsí na hinbhuanaitheachta, na sábháilteachta agus na hinrochtaineachta d'fhonn bonn taca a chur faoi fheidhmíocht an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair anois agus amach anseo. Chun faireachán a dhéanamh ar inrochtaineacht do gach úsáideoir, ba cheart dí-chomhiomlánú sonraí bunaithe ar aois, inscne agus míchumas a spreagadh, i gcás inar féidir agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

(65) Ba cheart do na Ballstáit an glacadh le PSUInna a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta PSUInna a bhunú agus é mar aidhm aige tacú le húdaráis áitiúla chun PSUInna ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme na PSUInna a threisiú trí bhearta, treoraíocht, fothú toillte, cúnamh agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais a chur ar fáil a bheadh iomchuí. Ba cheart do na Ballstáit freisin pointe teagmhála náisiúnta PSUInna a ainmniú a chuirfidh cúnamh ar fáil chun PSUInna a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Rialachán seo.

(66) Trí mhodhanna gníomhacha a chur chun cinn, go háirithe i nóid uirbeacha, rannchuidítear le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, feabhsaítear an tsláinte phoiblí, laghdaítear an plódú, cuirtear réiteach an mhíle deiridh ar fáil do phaisinéirí agus tugtar tairbhí eacnamaíocha. Agus bonneagar iompair á phleanáil nó á uasghrádú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar bhonneagair do mhodhanna gníomhacha, lena n-áirítear bonneagair siúil agus rothaíochta.

(67) Tá sé d'aidhm ag an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste, a bunaíodh faoin gclár réime Fís Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] (Fís Eorpach), go mbeadh 100 cathair aeráidneodrach san Aontas faoi 2030. Beidh na cathracha a ghlacann páirt sa Mhisean ina moil tástála agus nuála a bheidh le leanúint ag cathracha eile faoi 2050.

(68) Cuidíonn na seirbhísí soghluaisteachta digití ilmhódaí le comhtháthú na modhanna iompair éagsúla a fheabhsú trí roinnt tairiscintí iompar a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Lena bhforbairt bhreise, ba cheart rannchuidiú le gnásanna a bhroideadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, i dtreo an iompair phoiblí agus modhanna gníomhacha ar nós siúil agus rothaíochta, agus leas iomlán a bhaint as tairbhí a bhaineann le 'Soghluaisteacht ar Éileamh'.

(69) Tá gá le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) le haghaidh iompair chun bunús a thabhairt le hoibríochtaí tráchta agus iompair agus an tsábháilteacht tráchta a bharrfheabhsú agus le seirbhísí gaolmhara a fheabhsú. Ba cheart sreabha faisnéise sa ghréasán

16 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).


www.parlament.gv.at

iompair agus soghluaisteachta a éascú, lena n-áirítear iad a éascú trí imscaradh Spás an Aontais do Shonraí Soghluaisteachta. Ba cheart faisnéis do phaisinéirí agus d'oibreoirí lasta, lena n-áirítear faisnéis maidir le córais ticéadaithe agus áirithinte ilmhódacha, a bheith ar fáil agus ba cheart feabhas a chur ar an bhfaisnéis sin, chun córais faisnéise dhigiteacha agus idir-inoibritheacha Eorpacha a fhorbairt.

(70) Ba cheart úsáid córas TFC lena gceadaítear forfheidhmiú cliste bunaithe ar an malartú sonraí fíor-ama is gá idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis forfheidhmithe chun a sheiceáil an gcomhlíontar na ceanglais rialála is infheidhme, nuair a bhíonn feithiclí ag gluaiseacht freisin, a spreagadh.

(71) Ba cheart na córais agus seirbhísí cliste iompair, chomh maith le teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, a bheith ina spreagadh chun córais agus seirbhísí cliste iompair a imscaradh ar bhóithre uile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(72) Is gá pleanáil leormhaith le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ciallaíonn sé sin, freisin, ceanglais shonracha a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin ó thaobh bonneagair, córais TFC, trealaimh agus seirbhísí de, lena n-áirítear na ceanglais maidir le cur in úsáid an bhonneagair breoslaí malartacha mar a shainítear i Rialachán (AE) 2023/1804. Is gá, dá bhrí sin, imscaradh iomchuí agus comhbheartaithe na gceanglas sin a áirithiú ar fud na hEorpa le haghaidh gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus lastall de sin, chun na tairbhí a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí iompair éifeachtúla tras-Eorpacha fad-achair a dhéanamh. Chun imscaradh na mbreoslaí malartacha a áirithiú ar fud ghréasán bóithre iomlán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' sa Rialachán sin a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear é sa Rialachán seo. Ba cheart tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) 2023/1804 a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'ghréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear iad sa Rialachán seo.

(73) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair an bunús a sholáthar le himscaradh mórscála na dteicneolaíochtaí nua agus na nuála, lenar féidir sonraí agus faisnéis fíor-ama a mhalartú, agus lenar féidir cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an toilleadh lena bhféadfar sreabha paisinéirí slána a bheith ann, trí mheáin éifeachtúla,

cur lena tharraingtí atá modhanna iompair poiblí nó glasa do phaisinéirí, agus a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart feabhas a chur ar infhaighteacht na mbreoslaí malartacha agus an bhonneagair ghaolmhair ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(74) Chun go mbeidh an gréasán tras-Eorpach iompair in ann coinneáil suas le forbairtí nuálacha teicneolaíochta agus lena n-imscaradh, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún tionscadail leasa choitinn a mholadh a bhfuil sé mar aidhm leo teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn agus a imscaradh, ar teicneolaíochtaí iad lena bhfeabhsaítear agus lena n-éascaítear iompar agus soghluaisteacht paisinéirí agus lasta. D'fhéadfaí oibríochtaí traenach uathoibrithe, feithiclí uathrialaitheacha, réitigh ardfhorbartha soghluaisteachta aeir, lena n-áirítear ladrainn paisinéirí agus lasta, a oibríonn ar an míle deiridh uirbeach freisin, agus teicneolaíochtaí nua iarnróid, mar shampla, an hipearlúb, a chumhdach leis an méid sin, ach gan iad a bheith teoranta dóibh.

(75) Ba cheart líon leordhóthanach pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe thapa le haghaidh feithiclí saothair éadroim agus tromshaothair atá inrochtana ag an bpobal a imscaradh ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis sin nascacht trasteorann iomlán a áirithiú. Na spriocanna ar bhonn achair le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a shainítear i Rialachán (AE) 2023/1804 iad, is ann dóibh chun a áirithiú go mbeidh clúdach íosta leordhóthanach de phointí athluchtaithe leictrigh agus athbhreoslaithe hidrigine ar fud phríomhghréasáin bóithre an Aontais.

(76) Ba cheart an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana ag an bpobal ar an ngréasán tras-Eorpach iompair mar a shainítear é i Rialachán (AE) 2023/1804 a chomhlánú le ceanglais maidir le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe chomhfhreagraigh, agus, i gcás inarb iomchuí, le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe hidrigine sna críochfoirt lasta ilmhódacha nó gar dóibh, chun deiseanna athluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine a sholáthar le haghaidh trucailí fadraoin agus iad á luchtú nó á ndíluchtú. Ba cheart do na Ballstáit imscaradh an bhonneagair athluchtaithe a áirithiú freisin agus ba cheart dóibh féachaint an bhféadfaí stáisiún athbhreoslaithe hidrigine a fhorbairt i moil ilmhódacha paisinéirí chun go mbeidh deiseanna athluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine ann nuair atá an tiománaí ag glacadh scíthe nó le haghaidh busanna. Chun saorchúrsaíocht a áirithiú, i gcás ina bhfaigheann na críochfoirt nó na moil paisinéirí tacaíocht ón Aontas nó tacaíocht

phoiblí, ba cheart an rochtain chun críoch luchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine a bheith ar bhonn cothrom, inacmhainne, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, chun gaibhniú margaidh d'fhiontair shonracha nó saobhadh féideartha iomaíochta a sheachaint.

(77) Fadhb thromchúiseach maidir le héifeachtúlacht agus feidhmiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair is ea gan sábháilteacht, slándáil ná iontaofacht an bhonneagair a bheith leormhaith de dheasca guaiseacha nádúrtha lena n-áirítear teagmhais a bhaineann leis an aeráid agus tarluithe eisceachtúla eile ar nós paindéimí, de dheasca tubaistí de dhéantús an duine ar nós tionóiscí, nó de dheasca suaitheadh arb é is cúis leis gníomhartha intinneacha ar nós na sceimhlitheoireachta nó cibirionsaithe. Mar shampla, chuir tionóiscí arb é ba chúis leo tubaistí nádúrtha de dheasca teagmhais adhaimsire isteach go mór ar na sreabha tráchta le roinnt blianta anuas. Ba cheart, dá bhrí sin, athléimneacht an ghréasáin iompair a fheabhsú in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus suaitheadh eile, agus leas á bhaint as na bearta measúnaithe riosca agus feabhsaithe athléimneachta arna ndéanamh ag eintitis chriticiúla le haghaidh na hearnála iompair de bhun Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17].

(78) Ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, measúnú a dhéanamh ar athléimneacht agus leochaileacht an chroíghréasáin i leith iarmhairtí an athraithe aeráide.

(79) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag breathnú dóibh ar an taithí a fuarthas i mbainistiú géarchéimeanna le linn phaindéim COVID-19 agus chun suaitheadh agus teagmhais tráchta a sheachaint amach anseo, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus suaitheadh eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. Chun an aidhm sin a bhaint amach, ba cheart deireadh a chur leis na scrogaill atá ann cheana, agus ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha ar féidir úsáid a bhaint astu má bhíonn plódú nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí a áireamh leis na Conairí Iompair Eorpacha freisin. Ina theannta sin, mar gheall ar chineál ilmhódach na gConairí, is féidir le modh amháin ionad modha eile a ghlacadh i gcás éigeandála.

[17] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.).


www.parlament.gv.at

(80) Is é an bonneagar iompair cnámh droma an gheilleagair agus na sochaí ina hiomláine. Is den ríthábhacht bonneagar iompair áirithe ó thaobh dea-fheidhmiú feidhmeanna sochaíocha lárnacha a áirithiú, agus dá bhrí sin, is colún é d'uathriail straitéiseach an Aontais. Tá méadú ag teacht ar infheistíochtaí, leasanna agus láithreacht gnóthas tríú tíortha sa bhonneagar straitéiseach Eorpach - agus uaireanta fiú sa bhonneagar míleata - mar shampla, calafoirt, aerfoirt agus críochfoirt coimeádán. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh rannpháirtíocht gnóthas tríú tír dlús a chur le cur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. In imthosca sonracha, áfach, d'fhéadfadh rannpháirtíocht nó rannchuidiú na ngnóthas sin le tionscadail leasa choitinn an tslándáil nó an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. D'fhéadfaí an bonn a bhaint d'athléimneacht an Aontais leis an méadú sin ar an láithreacht ón iasacht sa bhonneagar straitéiseach Eorpach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach cosc a chur ar láithreacht tríú tír ar dócha go mbeidh éifeacht aici ar an tslándáil nó ar an ord poiblí san Aontas. Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó ar an rannchuidiú sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis phoiblí gníomhú má fheictear gur dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú aon ghnóthais tríú tír le tionscadal leasa choitinn difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

(81) Cé gurb iad na Ballstáit atá agus a bheidh freagrach go príomha as an gcothabháil agus gan dochar do fhreagracht na mBallstát maidir le pleanáil, maoiniú agus bainistiú na cothabhála go háirithe, tá sé tábhachtach go ndéanfar an gréasán tras-Eorpach iompair - a luaithe a thógfar é - a chothabháil mar is ceart chun ardcháilíocht seirbhísí a áirithiú, agus cur chuige saolré á leanúint agus tionscadail bhonneagair á bpleanáil agus á soláthar. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear pleanáil chothabhála fhadtéarmach i bhfeidhm do bhóithre agus, i gcás inarb ábhartha, do bhonneagar na n-uiscebhealaí intíre.

(82) Chun na codanna is mó tábhacht straitéiseach den ghréasán tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme laistigh den amscála atá leagtha síos, ba cheart cur chuige de réir conaire a úsáid mar

[18] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).


www.parlament.gv.at

ionstraim chun tionscadail éagsúla a chomhordú ar bhonn trasnáisiúnta agus chun forbairt na conaire a shioncrónú, agus, ar an dóigh sin, bhainfí an leas is mó is féidir as na tairbhí gréasáin.

(83) Ba cheart do Chonairí Iompair Eorpacha cuidiú le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt sa tslí is go dtabharfar aghaidh ar scrogaill, go gcuirfear le naisc trasteorann agus go bhfeabhsófar an éifeachtúlacht agus an inbhuanaitheacht. Ba cheart dóibh rannchuidiú leis an gcomhtháthú trí chomhar críochach feabhsaithe, lena n-áirítear le tíortha comharsanacha. Ba cheart dóibh freisin aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais iompair níos leithne agus an idir-inoibritheacht, an comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú. Ba cheart cur chuige na gconairí a bheith trédhearcach agus soiléir agus níor cheart costais riaracháin bhreise nó ualaí riaracháin breise a bheith ann de bharr bhainistiú na gconairí sin. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a mholadh go mbunófaí eintitis aonair chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a chomhordú, a thógáil nó a bhainistiú, d'fhonn cur chun feidhme tionscadal bonneagair trasteorann ar mhórscála casta a éascú, agus ba cheart dó a bheith in ann comhar idir réigiúin trasteorann a mholadh, nuair is ábhartha, chun díriú ar dhúshláin sa tsoghluaisteacht.

(84) Chun cur chun feidhme comhordaithe na gConairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha, eadhon ERTMS agus an Spás Muirí Eorpach, a éascú, ba cheart don Choimisiún Comhordaitheoirí Eorpacha a ainmniú i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, agus, i gcás inarb iomchuí, leis na tíortha comharsanacha lena mbaineann. Ba cheart dóibh bearta a éascú chun an struchtúr rialachais ceart a dhearadh agus chun socrú tosaíochtaí comhsheasmhach maidir le pleanáil bhonneagair agus infheistíochta a áirithiú ar feadh na gConairí Iompair Eorpacha agus maidir leis an dá thosaíocht chothrománacha.

(85) Ba cheart na creataí Eorpacha agus náisiúnta maidir le pleanáil agus cur chun feidhme bonneagair iompair, chomh maith leis na pleananna oibre arna leagan síos ag na Comhordaitheoirí Eorpacha, a bheith ina rannchuidiú le sceideal agus pleanáil thráthúil na n-infheistíochtaí is gá chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

(86) Ba cheart pleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a úsáid chun comhar idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, páirtithe leasmhara ábhartha ó thíortha comharsanacha. Ba cheart do na pleananna sin an


www.parlament.gv.at

chomhlántacht le gníomhaíochtaí na mBallstát agus na mbainisteoirí bonneagair a threisiú, agus go háirithe garspriocanna táscacha a shocrú.

(87) Ba cheart do Chomhordaitheoir Eorpach Conaire Iompair Eorpaí nó Comhordaitheoir Eorpach tosaíochta cothrománaí a shíneann chuig tíortha sonracha comharsanacha a bheith i dteideal comhoibriú leis na tíortha sin agus páirt a thabhairt dóibh sna gníomhaíochtaí conaire ábhartha.

(88) Is é an córas idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec) a sholáthraíonn bonn teicniúil na léarscáileanna lena sonraítear an gréasán tras-Eorpach iompair.

(89) Agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ó mhí an Mhárta 2018 á cur san áireamh, mheas an Coimisiún an gá an gréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú chun úsáid mhíleata an bhonneagair a chur san áireamh. Bunaithe ar an doiciméad dar teideal Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas agus lasmuigh de' a d'fhormheas an Chomhairle an 26 Meitheamh 2023 agus an 23 Deireadh Fómhair 2023[19], cuireadh bóithre agus iarnróid bhreise san áireamh sa ghréasán tras-Eorpach chun feabhas a chur ar na sineirgí idir gréasáin iompair shibhialta agus mhíleata.

(90) Le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus an comhthéacs geopholaitiúil nua atá cruthaithe aige, agus mar a léiríodh i gCompás Straitéiseach an Aontais maidir le Slándáil agus Cosaint a ghlac an Chomhairle an 21 Márta 2022 – Le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta – is gá don Aontas bonneagar iompair dé-úsáide a neartú ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun gluaiseacht mhear gan uaim a chur chun cinn le haghaidh pearsanra, ábhar agus trealamh míleata i ndáil le himscaradh agus freachnaimh oibríochtúla.

(91) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus clársceidealú na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart do chistiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ba cheart é a bheith bunaithe, go háirithe, ar Rialachán (AE) 2021/1153. Ina theannta sin, ba cheart cistiú an ghréasáin a

19 Doiciméad ST 10440/23.


www.parlament.gv.at

bheith bunaithe freisin ar ionstraimí cistiúcháin agus maoiniúcháin dá bhforáiltear faoi dhlíthe eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([21]), an Beartas Comhtháthaithe mar a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE, Fís Eorpach, an Ciste Nuála arna bhunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]), agus ionstraimí maoiniúcháin eile arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ionas gur féidir tionscadail leasa choitinn a mhaoiniú, ba cheart tagairtí i Rialachán (AE) 2021/1153 do 'ardáin ilmhódacha lóistíochta', 'mótarbhealaí na farraige' agus 'feidhmchláir theileamaitice' a fhorléiriú, faoi seach, mar thagairtí do 'chríochfoirt lasta ilmhódacha', 'Spás Muirí Eorpach' agus 'córais TFC don iompar' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Chun na críche céanna, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí a chuimsíonn 'croíghréasán breisithe' mar a shonraítear sa Rialachán seo.

(92) Chun cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe maidir le dícharbónú agus digiteáil an chórais iompair san Aontas, is gá creat rialála láidir. Ba cheart do na Ballstáit athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an iompair inbhuanaithe mar a sainaithníodh iad sa Seimeastar Eorpach. Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí chun an t-iompar a dhéanamh níos inbhuanaithe, chun astaíochtaí a laghdú, agus chun an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Cuirtear bearta ábhartha chun na críche sin sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a fhaomhtar.

(93) Chun na léarscáileanna agus an liosta calafort, aerfort, críochfort agus nód uirbeach atá in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta, le haon athruithe a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ann go háirithe de thoradh úsáid iarbhír eilimintí áirithe den bhonneagar iompair arna hanailísiú i gcomparáid le tairseacha cainníochtúla réamhbhunaithe agus chun ailínithe na gConairí Iompair Eorpacha in

---

**20** Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

**21** Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

**22** Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).



www.parlament.gv.at

Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinn I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[23]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(94) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus le gur féidir pleanáil straitéiseach fhadtéarmach a dhéanamh, is den bhunriachtanas go mbeadh an gréasán tras-Eorpach iompair chomh cobhsaí agus is féidir agus go ndéanfaí aon nuashonruithe ar an ngréasán a theorannú do chásanna faoi chritéir oibiachtúla agus thrédhearcacha mar a leagtar amach sa Rialachán seo.

(95) Gníomhaithe eile seachas na Ballstáit a dhéanann roinnt codanna den ghréasán a bhainistiú. Tá na Ballstáit freagrach, áfach, as a áirithiú go gcuirfear na rialacha lena rialaítear an gréasán i bhfeidhm i gceart laistigh dá gcríoch féin.

(96) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil arna bunú le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], lena soláthraítear saineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na hathchóirithe lena gcuirtear forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun cinn.

(97) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a

---

**23** IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**24** Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).



www.parlament.gv.at

bhaineann le díolúintí ó cheanglais áirithe sa Rialachán seo a dheonú agus chun gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear leibhéil uisce tagartha a ghlacadh lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh na sonraí soghluaisteachta uirbí a bheidh le bailiú ag na Ballstáit, chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cur chun feidhme Conairí Iompair Eorpacha, chun stráicí trasteorann a chur chun feidhme agus don dá thosaíocht chothrománacha. I gcás ina bhforáiltear dó leis an Rialachán seo, ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

(98) Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe aon cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le críochfoirt lasta ilmhódacha, níor cheart feidhm a bheith acu maidir leis an gCipir, le Málta, le hoileáin agus leis na limistéir is forimeallaí chomh fada nach mbeidh aon chóras iarnróid bunaithe ar a gcríoch. Níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann le páirceáil shábháilte shlán maidir leis na Ballstáit sin, maidir le hoileáin agus maidir leis na réigiúin is forimeallaí toisc nach bhfuil na spásanna páirceála sin bunriachtanach i bhfianaise gan aon trácht lasta bóthair a bheith ar idirthuras ar a gcríoch.

(99) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, go háirithe an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú agus a fhorbairt ar bhealach comhordaithe, agus gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, ós rud é gur gá na cuspóirí sin a chomhordú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(100) Is gá Rialachán (AE) 2021/1153 a leasú chun a fhorálacha a oiriúnú d'fhonn Conairí an Chroíghréasáin a chomhtháthú i gConairí Iompair Eorpacha. Ba cheart sainmhíniú agus ailíniú na gConairí Iompair Eorpacha a shainiú sa Rialachán seo agus ba cheart iad a chur in ionad na gConairí Croíghréasáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1153 iad.

25 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).


www.parlament.gv.at

(101) Is gá Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 a leasú chun a fhorálacha a oiriúnú d’fhonn na Conairí Lasta Iarnróid a chomhtháthú i gConairí Iompair Eorpacha.

(102) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## *PRIONSABAIL GHINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear treoirlínte chun gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt ina mbeidh gréasán cuimsitheach agus croíghréasán agus croíghréasán breisithe, ina mbeidh an croíghréasán agus an croíghréasán breisithe le bunú ar bhonn an ghréasáin chuimsithigh.

2. Leis an Rialachán seo, sainaithnítear Conairí Iompair Eorpacha a bhfuil an tábhacht straitéiseach is mó ag baint leo ar bhonn stráicí tosaíochta den ghréasán tras-Eorpach iompair agus tionscadal leasa choitinn, agus sonraítear na ceanglais atá le comhlíonadh chun bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

3. Leagtar amach sa Rialachán seo na tosaíochtaí chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus déantar foráil maidir le bearta chun an gréasán tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair faoi mar a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna liostaí in Iarscríbhinn II é. Is é atá sa ghréasán tras-Eorpach iompair bonneagar iompair, lena gcuimsítear bonneagar chun breoslaí malartacha a imscaradh, córais TFC don iompar chomh maith le bearta lena gcuirtear chun cinn bainistiú éifeachtúil agus úsáid éifeachtúil an bhonneagair sin agus lena gceadaítear seirbhísí iompair inbhuanaithe agus éifeachtúla a bhunú agus a oibriú.

2. Is é atá i gceist le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an bonneagar d'iompar iarnróid, d'iompar ar uiscebhealaí intíre, d'iompar de bhóthar, d'iompar muirí, d'aeriompar agus d'iompar ilmhódach lena n-áirítear i nóid uirbeacha, mar a leagtar síos sna ranna ábhartha de Chaibidlí II, III agus IV.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tionscadal leasa choitinn' aon tionscadal a chuirtear i gcrích de bhun an Rialacháin seo;

(2) ciallaíonn 'tír chomharsanach' tríú tír a thagann faoi raon feidhme Bheartas Comharsanachta na hEorpa, an Bheartais um Méadú, agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa nó an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile26;

(3) ciallaíonn 'réigiún NUTS' réigiún arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle27 agus a aicmítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

(4) ciallaíonn 'stráice trasteorann' an stráice lena n-áirithítear leanúnachas tionscadail leasa choitinn ar an dá thaobh de theorainn, lonnaithe idir na nóid uirbeacha is neasa do theorainn an dá Bhallstát nó idir Ballstát agus tír chomharsanach;

(5) ciallaíonn 'scrogall' bacainn fhisiceach, theicniúil, fheidhmiúil, oibríochtúil nó riaracháin a dtarlaíonn cliseadh an chórais dá toradh, lena n-áirítear plódú córasach nó stad, ar cliseadh é a mbíonn tionchar aige ar leanúnachas tráchta i gcás sreabha fadraoin nó trasteorann;

(6) ciallaíonn 'nód uirbeach' limistéar uirbeach ina bhfuil eilimintí de bhonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair do phaisinéirí agus do lasta, ar nós calafort, lena n-áirítear críochfoirt paisinéirí, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna agus críochfoirt lasta ilmhódacha, atá suite sa limistéar uirbeach agus sa limistéar máguaird, nasctha le

26 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
27 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).


www.parlament.gv.at

heilimintí eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar don trácht réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear bonneagar do mhodhanna gníomhacha;

(7) ciallaíonn 'gréasán ar leithlis' gréasán iarnróid Ballstáit, nó cuid de, a bhfuil leithead rianta aige atá éagsúil leis an leithead rianta Eorpach caighdeánach ainmniúil 1435 mm;

(8) ciallaíonn 'iompar ilmhódach' iompar paisinéirí nó lasta, nó iad araon, ina n-úsáidtear dhá cheann nó níos mó de mhodhanna iompair;

(9) ciallaíonn 'seirbhís soghluaisteachta digití ilmhódaí''seirbhís soghluaisteachta digití ilmhódaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (24), de Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle28;

(10) ciallaíonn 'idir-inoibritheacht' an cumas, lena n-áirítear faoi na coinníollacha uile rialála, teicneolaíochta, riaracháin agus oibríochta, atá ag an mbonneagar, lena n-áirítear bonneagar digiteach, i modh iompair nó i ndeighleog iompair agus idir mhodhanna éagsúla iompair, sreabha sábháilte gan bhriseadh tráchta agus faisnéise a cheadú a bhaineann na leibhéil feidhmíochta amach a cheanglaítear don bhonneagar sin nó don deighleog sin;

(11) ciallaíonn 'mol ilmhódach paisinéirí' pointe nascúcháin idir dhá mhodh iompair ar a laghad do phaisinéirí, áit a n-áirithítear go gcuirtear ar fáil faisnéis taistil, rochtain ar iompar poiblí agus aistrithe idir modhanna, mar shampla stáisiúin pháirceála agus taistil, agus a ghníomhaíonn mar chomhéadan laistigh de nóid uirbeacha agus eatarthu agus idir nóid uirbeacha agus gréasáin iompair ar faide a raon;

(12) ciallaíonn 'críochfort lasta ilmhódach' struchtúr atá feistithe chun trasloingsiú idir dhá mhodh iompair ar a laghad nó idir dhá chóras dhifriúla iarnróid, agus chun lasta a stóráil go sealadach, ar nós críochfoirt i gcalafoirt intíre nó mhuirí, ar feadh uiscebhealaí intíre agus in aerfoirt, maille le críochfoirt iarnróid;

(13) ciallaíonn 'plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe' nó 'PSUI' doiciméad le haghaidh pleanáil soghluaisteachta straitéisí, arb é is aidhm dó feabhas a chur, ar bhealach inbhuanaithe, ar inrochtaineacht ar an limistéar uirbeach feidhmiúil agus ar shoghluaisteacht laistigh de, lena n-áirítear criosanna comaitéireachta sa limistéar uirbeach sin nó gar dó, do

28 Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

dhaoine, do ghnólachtaí agus d'earraí ar mhaithe go háirithe le feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil;

(14) ciallaíonn 'modh gníomhach' daoine nó earraí a iompar, trí mhodhanna neamh-mhótaraithe, bunaithe ar ghníomhaíocht choirp an duine, lena n-áirítear feithiclí ina bhfuil tiomáint chúnta leictreach dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle29;

(15) ciallaíonn 'córais TFC don iompar' córais agus feidhmchláir theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a úsáideann teicneolaíochtaí faisnéise, cumarsáide, loingseoireachta nó aimsithe suímh nó láithreacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí spásbhunaithe, lenar féidir próiseáil a dhéanamh ar na sonraí agus an fhaisnéis is gá chun an bonneagar, an tsoghluaisteacht agus an trácht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus na sonraí agus an fhaisnéis sin a stóráil agus a mhalartú, lenar féidir faisnéis ábhartha a thuairisciú d'údaráis agus lenar féidir seirbhísí a bhfuil breisluach leo a sholáthar do shaoránaigh, do sheoltóirí agus d'oibreoirí, lena n-áirítear córais le haghaidh úsáid athléimneach, shábháilte, shlán a bhaint as an ngréasán ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúil ó thaobh toillte de; áirítear orthu sin córais, teicneolaíochtaí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (16) go (22) agus féadtar a áireamh orthu freisin feistí ar bord a bhfuil comhpháirteanna comhfhreagracha bonneagair nó digiteacha acu;

(16) ciallaíonn 'Córais Chliste Iompair' nó 'CCI''Córais Chliste Iompair' mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (1), de Threoir 2010/40/AE;

(17) ciallaíonn 'Córais Faireacháin agus Faisnéise um Thrácht Soithí' nó 'VTMIS' an 'córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí' a bunaíodh le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle30;

---

29 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

30 Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).


www.parlament.gv.at

(18) ciallaíonn 'Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann nó 'SFTA' 'seirbhísí faisnéise tráchta abhann' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (a), de Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle31;

(19) ciallaíonn 'timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí' nó 'EMSWe' 'timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle32;

(20) ciallaíonn 'Córas Bainistithe Aerthráchta/Seirbhísí Aerloingseoireachta' nó 'córas BAT/SAL' 'córas BAT/SAL' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7), de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle33 é;

(21) ciallaíonn 'an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid' nó 'ERTMS' an 'Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)', mar a shainmhínítear i bpointe 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún34, agus i gcomhthéacs sprioc-amanna cur chun feidhme, tagraíonn sé don chóras cosanta traenach d'Aicme A agus d'aon chóras raidió d'Aicme A, dá dtagraítear sa Rialachán sin;

(22) ciallaíonn 'ERTMS raidióbhunaithe' leibhéal cur i bhfeidhm 2 an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenach (ETCS) nach n-éilíonn comharthaí cois líne agus a úsáideann córas raidió

31 Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe (SFTA) ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

32 Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).

33 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

34 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380).


www.parlament.gv.at

d’Aicme A chun sonraí sábháilteachta agus sonraí eile a mhalartú idir rianta agus traenacha de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún;

(23) ciallaíonn ‘córais d’aicme B’ ‘córais d’aicme B’ mar a shainmhínítear i bpointe 3 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún;

(24) ciallaíonn ‘calafort muirí’‘calafort muirí’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (16), de Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] é;

(25) ciallaíonn ‘loingseoireacht ghearrthurais’ gluaiseacht lasta agus paisinéirí ar an bhfarraige idir calafoirt atá suite in uiscí geografacha Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát nó idir calafort atá suite in uiscí Ballstát agus calafort atá suite in uiscí tríú tír chomharsanach a bhfuil imeallbhord farraige aici ar theorainn uiscí Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát;

(26) ciallaíonn ‘faisnéis leictreonach faoi iompar lastais’ nó ‘eFTI’‘faisnéis leictreonach faoi iompar lastais’ mar a shainmhínítear í in Airteagal 3, pointe (4), de Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36];

(27) ciallaíonn ‘aerspás Eorpach aonair’ nó ‘SES’ na córais a bunaíodh faoi Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004[37], (CE) Uimh. 550/2004[38], (CE) Uimh. 551/2004[39], agus (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun caighdeáin sábháilteachta aerthráchta a atreisiú, chun rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe an chórais aeriompair agus chun feidhmíocht fhoriomlán na bainistíochta aerthráchta agus na seirbhísí aerloingseoireachta le haghaidh gnáth-aerthráchta san Eoraip a fheabhsú;

---

[35] Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO L 057, 3.3.2017, lch. 1).

[36] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

[37] Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

[38] Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10).

[39] Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid an aerspáis san Aontas Eorpach aonair (an Rialachán maidir le haerspás) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20).

(28) ciallaíonn ‘port aerárthaí ingearacha’ limistéar le haghaidh aerárthaí a éiríonn de thalamh agus a thuirlingíonn ar talamh go hingearach (VTOL);

(29) ciallaíonn ‘láthair teagmhála aerárthaigh’ láthair i limistéar ainmnithe de naprún an aerfoirt a bhfuil droichead bordála paisinéirí ann;

(30) ciallaíonn ‘cianláthair aerárthaigh’ láthair i limistéar ainmnithe de naprún an aerfoirt nach bhfuil droichead bordála paisinéirí ann;

(31) ciallaíonn ‘tionscadal SESAR’ an tionscadal lena ndéantar nuachóiriú ar bhainistiú aerthráchta san Eoraip, lena ndírítear ar bhonneagar bainistithe aerthráchta ardfheidhmíochta caighdeánaithe agus idir-inoibritheach a chur ar fáil san Aontas, bonneagar ina bhfuil timthriall nuála lena n-áirítear céim shainithe SESAR, céim forbartha SESAR agus céim imscartha SESAR;

(32) ciallaíonn ‘spásfort’ suiteáil chun árthaí spáis a thástáil agus a sheoladh;

(33) ciallaíonn ‘Tionscadal Iarnróid na hEorpa’ tionscadal de chuid an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle[40], nó an Comhghnóthas Shift2Rail a bhí ann roimhe sin;

(34) ciallaíonn ‘an Máistirphlean BAT don Eoraip’ an plean arna fhormhuiniú le Cinneadh 2009/320/CE[41] ón gComhairle, agus mar a leasaíodh é ina dhiaidh sin;

(35) ciallaíonn ‘rialachas lasta iarnróid’ na comhlachtaí rialachais dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010;

(36) ciallaíonn ‘cothabháil’ oibreacha atá beartaithe chun riocht agus cumas an bhonneagair atá ann cheana a chothabháil ar bhealach go soláthraíonn sé leibhéal seirbhíse a oireann don sreabhadh tráchta agus ardleibhéal sábháilteachta le linn a shaolré;

---

**40** Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

**41** Cinneadh 2009/320/CE ón gComhairle an 30 Márta 2009 lena bhformhuinítear an Máistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta de chuid thionscadal Thaighde BAT Aerspáis Aonair Eorpaigh (SESAR) (IO L 95, 9.4.2009, lch. 41).



www.parlament.gv.at

(37) ciallaíonn ‘anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe’ measúnú cainníochtaithe ex ante ar luach tionscadail, bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na tairbhí agus na costais ábhartha uile don tsochaí, don eacnamaíocht, don tsláinte, don aeráid agus don chomhshaol á gcur san áireamh; an anailís ar an gcostas agus ar na tairbhí don aeráid agus don chomhshaol, ba cheart di a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chuirtear i gcrích de bhun Threoir 2011/92/AE;

(38) ciallaíonn ‘breoslaí malartacha’‘breoslaí malartacha’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2023/1804 iad;

(39) ciallaíonn ‘limistéar páirceála sábháilte agus slán’ limistéar páirceála inrochtana do thiománaithe a bhíonn ag gabháil d’iompar earraí nó paisinéirí, a chomhlíonann na ceanglais a liostaítear in Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle42 agus atá deimhnithe i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) den Rialachán sin;

(40) ciallaíonn ‘córas meá-faoi-shiúl’ córas uathoibríoch arna chur ar bun ar an mbonneagar bóithre a bhfuil sé mar chuspóir aige feithiclí nó feithiclí comhcheangailte atá i gcúrsaíocht a shainaithint ar dóigh dóibh a bheith thar na teorainneacha meáchain ábhartha, i gcomhréir le Treoir 96/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle43;

(41) ciallaíonn ‘cinneadh údaraithe tionscadail’ cinneadh nó tacar cinntí, a d'fhéadfadh a bheith de chineál riaracháin, a dhéanann údarás nó údaráis de chuid Ballstáit, gan údaráis riaracháin achomhairc ná údaráis bhreithiúnacha achomhairc a bheith san áireamh, ag an am céanna nó i ndiaidh a chéile, faoi chóras dlí náisiúnta agus faoi dhlí riaracháin lena gcinntear cibé acu atá nó nach bhfuil tionscnóir i dteideal tionscadal a chur chun feidhme sa limistéar geografach lena mbaineann ar an gcroíghréasán, an croíghréasán breisithe nó an gréasán

42 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

43 Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).


www.parlament.gv.at

cuimsitheach, gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfar i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin achomhairc nó nós imeachta bhreithiúnaigh achomhairc.

*Airteagal 4*

**Cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair**

1. Is é an cuspóir foriomlán a bhaineann leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt ná gréasán ilmhódach aonair ardcháilíochta ar fud an Aontais a bhunú.

2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, sábháilte, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na tairbhí dá úsáideoirí agus a thacóidh leis an bhfás uileghabhálach. Léireoidh an gréasán tras-Eorpach iompair an breisluach Eorpach trí chabhrú chun na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas a bhaint amach:

(a) inbhuanaitheacht tríd an méid seo a leanas:

(i) soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a chur chun cinn i gcomhréir le spriocanna ábhartha an Aontais maidir le laghdú ar $CO_2$;

(ii) a dhéanamh gur féidir níos mó úsáide a bhaint as modhanna iompair níos inbhuanaithe, go háirithe trí ghréasán paisinéirí iarnróid idir-inoibritheach fadraoin a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear ar ardluas, agus gréasán lasta iarnróid idir-inoibritheach, gréasán iontaofa loingseoireachta uiscebhealaí intíre agus gearrthurais muiriompair do phaisinéirí agus lasta ar fud an Aontais;

(iii) cosaint an chomhshaoil a mhéadú;

(iv) seachtrachtaí diúltacha a laghdú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhshaol, an aeráid, an tsláinte, plódú agus tionóiscí, mar shampla trí bhíthin scéimeanna éiceadhreasachtaí; nó

(v) an tslándáil fuinnimh a mhéadú;

(b) an comhtháthú tríd an méid seo a leanas:


www.parlament.gv.at

(i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, aird ar leith á tabhairt ar na réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile iargúlta, oileánacha, imeallacha agus sléibhtiúla, chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra;

(ii) bearnaí i gcáilíocht an bhonneagair a laghdú, agus idir-inoibritheacht idir córais dhigiteacha na modhanna iompair uile a chur chun cinn, agus toilleadh leordhóthanach gréasáin idir réigiúin agus Ballstáit;

(iii) comhordú éifeachtúil agus idirnasc, i gcás trácht paisinéirí agus lasta araon, idir bonneagar iompair le haghaidh trácht fadraoin agus le haghaidh trácht réigiúnach agus áitiúil chun seirbhísí iompair a éascú, lena n-áirítear i nóid uirbeacha; nó

(iv) bonneagar iompair atá i gcomhréir leis na cásanna sonracha i gcodanna éagsúla den Aontas agus a thugann clúdach cothrom ar réigiúin uile na hEorpa;

(c) éifeachtúlacht tríd an méid seo a leanas:

(i) scrogaill bhonneagair a bhaint agus bearna na nasc atá in easnamh a líonadh, sa bhonneagar iompair é féin agus freisin ag na pointí nascúcháin eatarthu, laistigh de chríocha na mBallstát agus eatarthu, go háirithe ag stráicí trasteorann, agus ag nascadh, i gcás inarb iomchuí, leis an ngréasán tras-Eorpach iompair i dtríú tíortha;

(ii) scrogaill idir-inoibritheachta a bhaint, lena n-áirítear bearnaí sa digiteáil;

(iii) idir-inoibritheacht na ngréasán iompair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

(iv) comhtháthú agus idirnascadh barrmhaith na modhanna iompair go léir, lena n-áirítear i nóid uirbeacha;

(v) iompar d'ardcháilíocht a chur chun cinn a bheidh éifeachtúil ó thaobh na heacnamúlachta de agus a chuirfidh le breis fáis agus iomaíochais eacnamaíochta;

(vi) úsáid níos éifeachtúla a bhaint as bonneagar nua agus as bonneagar atá i bhfeidhm cheana, mar shampla san earnáil iarnróid;

(vii) coincheapa teicneolaíocha agus oibríochtúla agus córais dhigiteacha atá idir-inoibritheach nuálach a chur i bhfeidhm ar bhealach cost-éifeachtach; nó


www.parlament.gv.at

(viii) comhordú níos fearr ar oibreacha bonneagair idir na Ballstáit le haghaidh tionscadail trasteorann;

(d) na tairbhí dá úsáideoirí a mhéadú tríd an méid seo a leanas:

(i) an inrochtaineacht d'úsáideoirí a áirithiú agus a riachtanais soghluaisteachta agus iompair a chomhlíonadh, agus riachtanais daoine ar leochaileach a gcás go háirithe á gcur san áireamh, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine a chónaíonn i réigiúin iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin eile iargúlta, tuaithe, oileánacha, imeallacha agus shléibhtiúla, mar aon le limistéir ar tearc a ndaonra;

(ii) caighdeáin atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú d'iompar paisinéirí agus lasta araon, lena n-áirítear cáilíocht seirbhísí do na húsáideoirí uile;

(iii) tacú le cáilíocht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht seirbhísí iompair, a bheidh inrochtana inacmhainne;

(iv) tacú le soghluaisteacht atá oiriúnach d'aeráid atá ag athrú agus atá athléimneach ó thaobh guaiseacha nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, agus lenar fusa seirbhísí éigeandála agus tarrthála a imscaradh ar bhealach éifeachtúil gasta, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

(v) athléimneacht an bhonneagair a áirithiú, go háirithe maidir le stráicí trasteorann;

(vi) réitigh iompair mhalartacha a thairiscint, lena n-áirítear ar mhodhanna eile, i gcás suaitheadh sa ghréasán;

(vii) tacú le modhanna gníomhacha soghluaisteachta trí inrochtaineacht agus cáilíocht an bhonneagair ghaolmhair a fheabhsú, agus, dá bhrí sin, sábháilteacht agus sláinte a fheabhsú d’úsáideoirí gníomhacha bonneagair agus tairbhí comhshaoil na modhanna sin a chothú;

(viii) tacú le soghluaisteacht gan uaim san Aontas; nó



www.parlament.gv.at

(ix) cothabháil leordhóthanach a áirithiú lena mbeartaítear, don bhonneagar atá ann cheana, leibhéal seirbhíse a sholáthar a oireann don sreabhadh tráchta, agus ardleibhéal sábháilteachta a sholáthar le linn shaolré an bhonneagair.

*Airteagal 5*

**Gréasán athléimneach atá tíosach ar acmhainní agus cosaint an chomhshaoil**

1. Déanfar an gréasán tras-Eorpach iompair a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú ar bhealach a bheidh tíosach ar acmhainní, agus i gcomhréir le ceanglais infheidhme an Aontais agus na ceanglais náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bonneagar nua a fhorbairt, bonneagar iompair atá ann cheana a fheabhsú agus a chothabháil, go háirithe trí chothabháil an bhonneagair le linn a shaolré a bheith mar chuid de chéim pleanála thógáil nó fheabhsú an bhonneagair agus tríd an mbonneagar a choimeád i riocht a oibrithe;

(b) comhtháthú agus idirnascadh bonneagair a bharrfheabhsú;

(c) bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha a imscaradh, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le himscaradh teicneolaíochtaí dícharbónúcháin;

(d) teicneolaíochtaí nua agus córais TFC don iompar a imscaradh chun feidhmíocht an bhonneagair a chaomhnú nó a fheabhsú, i gcás ina bhfuil údar ó thaobh na heacnamúlachta de leis an imscaradh sin nó ina bhfuil sé riachtanach chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú;

(e) úsáid an bhonneagair a bharrfheabhsú, go háirithe trí bhainistiú éifeachtúil toillte agus tráchta, lena ndéantar an ilmhódúlacht a chothú, agus tríd an aistriú i dtreo patrúin soghluaisteachta níos inbhuanaithe, lena n-áirítear seirbhísí iompair ilmhódaigh atá inbhuanaithe, tarraingteach agus éifeachtúil a fhorbairt;

(f) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le líonraí eile a chur san áireamh agus a bharrfheabhsú, go háirithe na líonraí tras-Eorpacha fuinnimh nó teileachumarsáide lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an eangach leictreach iomlán chun comhsheasmhacht a áirithiú idir pleanáil an bhonneagair athluchtaithe agus pleanáil na heangaí faoi seach, chomh maith le sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le dé-úsáid bonneagair a shainaithnítear sna


www.parlament.gv.at

'Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas' a d'fhormheas an Chomhairle an 26 Meitheamh 2023 agus an 23 Deireadh Fómhair 2023 agus in aon doiciméad arna fhormheas ina dhiaidh sin lena n-athbhreithnítear na ceanglais sin, chomh maith le bonneagar rothaíochta, lena n-áirítear rotharbhealaí fadraoin;

(g) bonneagar glas, inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt, agus modhanna gníomhacha á gcur san áireamh, agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm leo tógáil bhonneagair iompair a dícharbónú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ábhair atá tíosach ar acmhainní agus aeráid-díonach, a ceapadh chun an tionchar diúltach ar shláinte na saoránach atá ina gcónaí timpeall an ghréasáin, ar an gcomhshaol, lena n-áirítear ó thruailliú aeir agus torainn, agus díghrádú na n-éiceachóras, a laghdú a mhéid is féidir; agus

(h) aird iomchuí a thabhairt ar athléimneacht an ghréasáin iompair agus a bhonneagair agus a sheirbhísí, go háirithe ag stráicí trasteorann, maidir le haeráid agus comhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú, chomh maith le guaiseacha nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine, mar aon le suaitheadh bíodh sé d'aon turas nó ná bíodh, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus d'fhonn go mbeifí in ann freagairt leordhóthanach a thabhairt ar an suaitheadh sin agus téarnamh gan mhoill dá éis, agus d'fhonn gur fusa oibriú na slabhraí soláthair.

2. Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á phleanáil agus á fhorbairt acu, féadfaidh na Ballstáit an t-ailíniú mionsonraithe ar bhealaí i dtaca le stráicí a oiriúnú agus aird á tabhairt ar na himthosca ar leith sna codanna éagsúla den Aontas, ar nós ghnéithe topagrafacha na réigiún lena mbaineann, agus aird freisin ar ghnéithe comhshaoil, agus a áirithiú go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag an am céanna. Ní rachaidh an t-oiriúnú sin thar a bhfuil ceadaithe leis an gcinneadh ábhartha lena n-údaraítear tionscadal i gcomhréir leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 58(1), pointe (g).


www.parlament.gv.at

3. Cuirfear measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar thionscadail i gcrích i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle44, Treoracha 2000/60/CE45, 2001/42/CE46, 2002/49/CE47, 2009/147/CE48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2011/92/AE. I gcás na dtionscadal leasa choitinn nach bhfuil tús curtha fós leis an bpróiseas soláthair le haghaidh measúnú comhshaoil ina leith faoin 18 Iúil 2024, ba cheart a mheas freisin an bhfuil an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' á chomhlíonadh acu.

*Airteagal 6*

**An gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt de réir a chéile**

1. Gan dochar d'Airteagal 8(5), déanfar an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt de réir a chéile i dtrí chéim, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo:

(a) croíghréasán a thabhairt chun críche faoin 31 Nollaig 2030;

(b) croíghréasán breisithe a thabhairt chun críche faoin 31 Nollaig 2040; agus,

(c) gréasán cuimsitheach a thabhairt chun críche faoin 31 Nollaig 2050.

Bainfear forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair amach, go háirithe, trí struchtúr a chur chun feidhme le haghaidh an ghréasáin sin trí chur chuige modheolaíoch comhleanúnach trédhearcach, struchtúr ina mbeidh croíghréasán, croíghréasán breisithe agus gréasán cuimsitheach, agus nóid iompair agus uirbeacha mar phointí nascúcháin ilmhódacha idir trácht fadraoin agus na gréasáin réigiúnacha agus áitiúla iompair.

2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad, idir atá ann cheana agus atá beartaithe, atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, mar aon leis na bearta lena

44 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).
45 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht de chuid an Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).
46 Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).
47 Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).
48 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).


www.parlament.gv.at

gcuirtear chun cinn úsáid an bhonneagair sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí.

3. Is é a bheidh sa chroíghréasán agus sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair atá le forbairt mar ábhar tosaíochta agus le tabhairt chun críche i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach i mír 1, chun na cuspóirí a bhaint amach chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt.

*Airteagal 7*

**Conairí Iompair Eorpacha**

Is éard a bheidh sna Conairí Iompair Eorpacha na codanna sin den chroíghréasán nó den chroíghréasán breisithe is mó a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun sreabha iompair lasta agus paisinéirí atá inbhuanaithe agus ilmhódach a fhorbairt san Eoraip agus chun bonneagar idir-inoibritheach ar ardcháilíocht agus feidhmíocht oibríochtúil a fhorbairt.

*Airteagal 8*

**Tionscadail leasa choitinn**

1. Cuirfidh tionscadail leasa choitinn le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair trí bhonneagar nua iompair a chruthú, tríd an mbonneagar iompair atá ann cheana a uasghrádú nó trí bhearta lena gcuirtear chun cinn úsáid an ghréasáin ar bhealach a bheidh tíosach ar acmhainní.

2. Maidir le tionscadal leasa choitinn:

(a) léireoidh siad breisluach Eorpach trí rannchuidiú leis na cuspóirí a bhaint amach a thagann faoi dhá cheann ar a laghad de na ceithre chatagóir mar a leagtar amach in Airteagal 4(2) iad; agus

(b) beidh siad inmharthana ó thaobh na heacnamúlachta de ar bhonn anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó, i gcás limistéar ar tearc a ndaonra nó tionscadal atá bunriachtanach le haghaidh dé-úsáid bonneagair, rannchuideoidh siad ar bhealach dearfach le forbairt an ghréasáin ar bhonn anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe.



www.parlament.gv.at

3. Cuimsíonn tionscadal leasa choitinn timthriall iomlán an tionscadail leasa choitinn sin, lena n-áirítear staidéir indéantachta, nósanna imeachta ceadúcháin, an tógáil, an t-oibriú, an chothabháil agus meastóireacht.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ar fad is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tionscadail leasa choitinn dlí ábhartha an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta, agus go háirithe dlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol, cosaint aeráide, sábháilteacht, slándáil, iomaíocht, státchabhair, soláthar poiblí, sláinte phoiblí agus inrochtaineacht, maille le gníomhartha dlí an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta maidir le neamh-idirdhealú.

5. Braitheann cur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn ar mhéid a n-aibíochta, ar nósanna imeachta dlíthiúla an Aontais agus na nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta a bheith á gcomhlíonadh agus ar infhaighteacht acmhainní airgeadais, gan dochar do ghealltanas airgeadais ó Bhallstát nó ón Aontas.

6. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh do na Ballstáit eintitis aonair a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a chomhordú, a thógáil nó a bhainistiú, go háirithe i gcás tionscadail mhórscála chasta. Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar bhord maoirseachta an eintitis aonair sin nó ar aon chomhlacht comhchosúil stiúrtha i ndáil leis.

7. Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht is féidir chun a áirithiú go gcuirtear tionscadail leasa choitinn chun feidhme ar bhealach tráthúil éifeachtúil.

8. Cuirfidh na Ballstáit an anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe i bhfeidhm, de réir cur chuige aitheanta comhchuibhithe chun go bhféadfar meastóireacht thrédhearcach chomparáideach a dhéanamh ar na tionscadail sin.

*Airteagal 9*

**Comhar le tríú tíortha**

1. Féadfaidh an tAontas dul i gcomhar le tríú tíortha chun an gréasán tras-Eorpach iompair a nascadh lena ngréasáin bhonneagair trí thionscadail leasa choitinn, i gcás inarb ábhartha d’fhonn fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus iomaíochas a fheabhsú, agus go háirithe chun:

(a) leathnú bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair go tríú tíortha a chur chun cinn mar aon le beartais ghaolmhara eile de chuid an Aontais, go háirithe i réimsí an chomhshaoil agus na cosanta aeráide;

(b) an nasc idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin iompair na dtríú tíortha ag pointí trasnaithe teorann a áirithiú, lena n-áirítear ar chríoch tríú tír atá ina cuid den Chonair Iompair Eorpach, chun sreabha tráchta gan uaim, seiceálacha teorann, faireachas teorann agus nósanna imeachta rialaithe teorann eile a ráthú;

(c) an nasc idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin iompair na dtríú tíortha sin a áirithiú ar chríoch tríú tíortha, go háirithe d'fhonn iompar iarnróid le tríú tíortha a éascú, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí;

(d) an bonneagar iompair i dtríú tíortha a thabhairt chun críche a nascann codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair san Aontas;

(e) an idir-inoibritheacht idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin tríú tíortha a chur chun cinn;

(f) an t-iompar muirí a éascú agus bealaí loingseoireachta gearrthurais a chur chun cinn le tríú tíortha ar choinníoll nach gcuireann siad le sceitheadh carbóin;

(g) an t-iompar ar uiscebhealaí intíre a éascú le tríú tíortha;

(h) an t-aeriompar le tríú tíortha a éascú, chun fás eacnamaíoch agus iomaíochas atá éifeachtúil inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear leathnú an aerspáis Eorpaigh aonair agus comhar níos fearr i ndáil leis an mbainistiú aerthráchta;

(i) córais TFC don iompar a nascadh agus a chur chun feidhme sna tríú tíortha sin; agus

(j) dícharbónú an iompair a chur chun cinn, go háirithe trí bhonneagar breoslaí malartacha a úsáid i dtríú tíortha d'fhonn gréasán leanúnach a bhunú a bheidh nasctha leis an ngréasán tras-Eorpach iompair.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair arna leathnú chuig tíortha sonracha comharsanacha, agus sonraítear inti, nuair is infheidhme, croíghréasán, croíghréasán breisithe agus gréasán cuimsitheach de réir chritéir an Rialacháin seo.


www.parlament.gv.at

3. Ní thugtar le fios le haon rud san Airteagal seo go bhfuil ceart ann chun aon chineál ranníocaíochta airgeadais a fháil ón Aontas le tionscadail i dtríú tíortha faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.

## CAIBIDIL II

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 10*

### Forálacha ginearálta maidir leis an gcroíghréasán, leis an gcroíghréasán breisithe agus leis an ngréasán cuimsitheach

1. Maidir leis an gcroíghréasán, an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach:

(a) sonrófar iad sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna liostaí atá in Iarscríbhinn II;

(b) sonrófar iad a thuilleadh sa chur síos ar chomhpháirteanna an bhonneagair;

(c) comhlíonfaidh siad na ceanglais do bhonneagair iompair a leagtar amach sa Chaibidil seo agus i gCaibidlí III agus IV; agus

(d) beidh siad ina mbonn chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint.

2. Is éard a bheidh sa chroíghréasán agus sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a fhorbrófar mar ábhar tosaíochta chun cuspóirí bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach.

Déanfar tagairtí do 'croíghréasán' i Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí a chuimsíonn 'croíghréasán breisithe' de réir bhrí an Rialacháin seo.

Déanfar tagairtí do 'croíghréasán' i Rialachán (AE) 2023/1804 a fhorléiriú mar thagairtí do 'croíghréasán' de réir bhrí an Rialacháin seo.

Déanfar tagairtí do 'gréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) 2023/1804 a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'gréasán cuimsitheach' de réir bhrí an Rialacháin seo.


www.parlament.gv.at

3. Leagtar nóid an ghréasáin amach in Iarscríbhinn II agus áirítear iontu nóid uirbeacha agus nóid iompair (aerfoirt, calafoirt mhuirí, calafoirt intíre, críochfoirt iarnróid agus críochfoirt ar feadh uiscebhealaí intíre).

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí i ndáil leis an gcroíghréasán, an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach atá le forbairt chun an Rialachán seo a chomhlíonadh faoi na dátaí a shonraítear in Airteagal 6(1), mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo.

*Airteagal 11*

**Forálacha ginearálta i ndáil leis na Conairí Iompair Eorpacha**

1. Is iad seo a leanas na naoi gConair Iompair Eorpacha a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III:

(a) An tAtlantach;

(b) Muir Bhailt — an Mhuir Dhubh — an Mhuir Aeigéach;

(c) Muir Bhailt – Muir Aidriadach;

(d) An Mheánmhuir;

(e) An Mhuir Thuaidh – an Réin – an Mheánmhuir;

(f) An Mhuir Thuaidh – Muir Bhailt;

(g) An Réin – an Danóib;

(h) Críoch Lochlann – an Mheánmhuir;

(i) Na Balcáin Thiar – an Mheánmhuir Thoir.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí maidir leis na Conairí Iompair atá le forbairt chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, faoin 31 Nollaig 2030 maidir lena mbonneagar ar cuid den chroíghréasán é, agus faoin 31 Nollaig 2040 maidir lena mbonneagar ar cuid den chroíghréasán breisithe é, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo.



www.parlament.gv.at

3. Faoi réir fhormheas an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 172, an dara mír, CFAE, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo chun ailíniú na gConairí Iompair Eorpacha in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú laistigh de theorainneacha Airteagal 7 den Rialachán seo, chun forbairt mórshreabh trádála agus tráchta nó athruithe substaintiúla ar an ngréasán a chur san áireamh. Maidir le leasuithe ar ailíniú na gconairí a mbíonn éifeacht acu ar na codanna i gcríoch tíortha comharsanacha, bunófar na gníomhartha tarmligthe sin ar chomhaontuithe ardleibhéil maidir le gréasáin bonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann.

*Airteagal 12*

**Tosaíochtaí ginearálta maidir leis an gcroíghréasán, leis an gcroíghréasán breisithe agus leis an ngréasán cuimsitheach**

1. Agus an croíghréasán, an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach á bhforbairt, tabharfar tosaíocht ghinearálta do na bearta atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sciar agus, i gcás inarb ábhartha, toilleadh an iompair níos inbhuanaithe do lasta agus do phaisinéirí a mhéadú, go háirithe d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú a laghdú agus na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn as iompar a mhéadú;

(b) inrochtaineacht agus nascacht níos fearr a áirithiú do réigiúin uile an Aontais agus comhtháthú críochach agus sóisialta á chur san áireamh, lena n-áirítear cás sonrach na réigiún is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánacha, imeallacha agus shléibhtiúla chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra;

(c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair a áirithiú, lena n-áirítear modhanna gníomhacha soghluaisteachta i limistéir uirbeacha;

(d) bearnaí na nasc atá in easnamh a líonadh agus deireadh a chur le scrogaill, go háirithe i stráicí trasteorann;


www.parlament.gv.at

(e) an bonneagar is gá a imscaradh lena n-áirithítear cúrsaíocht gan uaim feithiclí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí, agus soithí agus aerárthaí a úsáideann breoslaí a rannchuidíonn le laghdú na n-astaíochtaí iompair agus méadú na slándála fuinnimh;

(f) úsáid éifeachtúil, gan uaim agus inbhuanaithe an bhonneagair a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, an toilleadh a mhéadú;

(g) bonneagar atá ann cheana a choinneáil i riocht a oibrithe agus a cháilíocht a fheabhsú nó a chothabháil ó thaobh sábháilteachta, slándála, ó thaobh éifeachtúlacht an chórais iompair agus na n-oibríochtaí iompair, ó thaobh na hathléimneachta aeráide agus ó thubaistí, ó thaobh na feidhmíochta comhshaoil, agus leanúnachas na sreabh tráchta;

(h) cáilíocht na seirbhísí agus na ndálaí sóisialta d'oibrithe iompair a fheabhsú, inrochtaineacht a fheabhsú do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile ar leochaileach a gcás, an bhochtaineacht iompair a chosc agus a mhaolú;

(i) an digiteáil a fheabhsú, a dhéanamh gurb indéanta an forfheidhmiú digiteach i gcomhréir le dlí an Aontais agus an t-uathoibriú a fhorbairt, go háirithe trí chórais TFC don iompar a chur chun feidhme agus a imscaradh; nó

(j) an bonneagar a oiriúnú do dhé-úsáid, i gcás inar gá agus ceanglais bhunreachtúla Ballstát áirithe á gcur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shibhialta agus ar riachtanais chosanta, agus aird ar leith á tabhairt ar na cúrsaí taistil is gá le haghaidh gluaiseachtaí fórsaí míleata ar gearrfhógra agus ar mórscála.

2. Chun na bearta a leagtar amach i mír 1 a chomhlánú, tabharfar aird speisialta ar bhearta atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú le leochaileacht limistéar uirbeach a mhaolú, agus, i gcás inarb ábhartha, leochaileacht limistéar íogair ar dlúth a ndaonra a mhaolú i leith éifeachtaí diúltacha iompair idirthurais iarnróid agus iompair de bhóthar;

(b) úsáid bonneagair a bharrfheabhsú, go háirithe trí bhainistiú éifeachtúil toillte, trí bhainistiú tráchta agus tríd an bhfeidhmíocht oibríochtúil a mhéadú;



www.parlament.gv.at

(c) rannchuidiú le héifeachtaí dearfacha sláinte agus comhshaoil trí úsáid modhanna gníomhacha soghluaisteachta a chur chun cinn trí bhonneagar comhfhreagrach a fhorbairt le haghaidh rothaíochta agus siúil;

(d) rochtain neamh-idirdhealaitheach a áirithiú do gach rannpháirtí sa mhargadh i mbonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair; nó

(e) trasnú éifeachtúil teorann a áirithiú d'iompar lasta agus amanna feithimh á gcur san áireamh.

*Airteagal 13*

**Tosaíochtaí ginearálta do na Conairí Iompair Eorpacha**

Agus na Conairí Iompair Eorpacha á bhforbairt, tabharfar tosaíocht ghinearálta do na bearta atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gréasán ardfheidhmíochta gan uaim lasta iarnróid atá lán-idir-inoibritheach a fhorbairt ar fud an Aontais;

(b) gréasán ardfheidhmíochta idir-inoibritheach paisinéirí iarnróid a fhorbairt, lena n-áirítear ar ardluas, a nascann nóid uirbeacha ar fud an Aontais;

(c) bonneagar éifeachtúil iompair eitlíochta agus uiscebhealaí intíre agus bonneagar muiriompair atá comhtháite go maith laistigh den Spás Muirí Eorpach a fhorbairt;

(d) gréasán bóithre sábháilte agus slán a fhorbairt, gona bhonneagair breoslaí malartacha leordhóthanacha, chomh maith le limistéir pháirceála atá sábháilte agus slán;

(e) réitigh ilmhódacha agus idir-inoibritheacha iompair a fhorbairt;

(f) comhtháthú idirmhódach an tslabhra lóistíochta ar fad a chur chun cinn, agus é idirnasctha ar bhealach éifeachtúil sna nóid iompair agus uirbeacha;

(g) an bonneagar riachtanach a imscaradh, lena n-áirithítear cúrsaíocht gan uaim feithiclí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí, agus soithí agus aerárthaí a imscaradh a úsáideann breoslaí a rannchuidíonn le laghdú na n-astaíochtaí iompair agus méadú na slándála fuinnimh;

(h) córais TFC a imscaradh le haghaidh iompair ar gach modh ar an ngréasán, i gcás inarb ábhartha, chun úsáid éifeachtúil an bhonneagair a áirithiú agus chun gur féidir faisnéis dhigiteach a mhalartú; nó

(i) feabhas a chur ar na naisc idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin bhonneagair na dtíortha comharsanacha, i gcás inarb ábhartha.

## CAIBIDIL III

## *FORÁLACHA SONRACHA*

### *ROINN 1*

### *BONNEAGAR IOMPAIR IARNRÓID*

*Airteagal 14*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

1. Cuimseofar le bonneagar iompair iarnróid an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) línte iarnróid, lena n-áirítear:

(i) rianta;

(ii) pointí;

(iii) crosairí comhréidhe;

(iv) taobhlaigh;

(v) tolláin;

(vi) droichid; agus

(vii) bonneagar lena maolaítear an tionchar ar an gcomhshaol;

(b) stáisiúin ar na línte iarnróid a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun paisinéirí a aistriú laistigh de mhodh an iarnróid agus idir modh an iarnróid agus modhanna eile iompair;

(c) saoráidí seirbhíse iarnróid ar na línte iarnróid a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I seachas stáisiúin paisinéirí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle49, go háirithe clóis eagraithe, saoráidí foirmithe traenach, saoráidí siúntála, taobhlaigh stórála, saoráidí cothabhála, saoráidí teicniúla eile ar nós saoráidí glantacháin agus níocháin, saoráidí fóirithinte agus saoráidí athbhreoslaithe chomh maith le saoráidí uath-athraithe leithid iarnróid;

(d) naisc na mbealaí rochtana iarnróid chun na gcríochfort lasta ilmhódach atá nasctha le hiarnród, lena n-áirítear na bealaí rochtana iarnróid chun críochfort lasta ilmhódach i gcalafoirt agus aerfoirt, idir intíre agus mhuirí, agus na bealaí rochtana iarnróid chun ‘clóis eagraithe’ mar a thagraítear dóibh i bpointe 2(c) d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/34/AE;

(e) comharthaíocht rialaithe agus ceannais cois rianta;

(f) bonneagar fuinnimh cois rianta;

(g) bonneagar a bhaineann le saoráidí breoslaí malartacha;

(h) trealamh gaolmhar; agus

(i) córais TFC don iompar.

2. Féadfar a áireamh ar an trealamh teicniúil a bhaineann le línte iarnróid córais leictriúcháin, trealamh chun gur féidir le paisinéirí bordáil agus tuirlingt agus chun lasta a luchtú agus a dhíluchtú i stáisiúin agus i gcríochfoirt, mar aon le teicneolaíochtaí nuálacha ag céim a n-imscartha.

*Airteagal 15*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don ghréasán cuimsitheach**

---

49 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).



www.parlament.gv.at

1. Maidir le bonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann sé an méid seo a leanas:

(a) Treoir (AE) 2016/797 agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh fúithi chun idir-inoibritheacht an ghréasáin chuimsithigh a bhaint amach; agus

(b) na ceanglais maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STInna) arna nglacadh de bhun Airteagail 4 agus 5 de Threoir (AE) 2016/797, gan dochar do na díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) den Treoir sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2050, maidir le bonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh, cé is moite de na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), an méid seo a leanas:

(a) beidh sé leictrithe go hiomlán maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh;

(b) féadfaidh sé déileáil, gan cead speisialta, le hualach acastóra 22.5 tona ar a laghad; agus

(c) féadfaidh sé déileáil, gan cead speisialta, le traenacha lasta a bheith á n-oibriú a bhfuil fad traenach 740 m ar a laghad acu (lena n-áirítear an t-inneall féinghluaiste nó na hinnill fhéinghluaiste). Comhlíontar an ceanglas sin más féidir, ar línte rianta dúbailte, conair iarnróid amháin ar a laghad, in aghaidh gach uair an chloig agus in aghaidh gach treo ar an meán ar bhonn laethúil, a leithdháileadh ar thraenacha lasta atá ar a laghad 740 m ar fhad má iarrann gnóthas iarnróid amhlaidh.

3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 2, pointí (b) agus (c), ach amháin maidir leis na línte sin den ghréasán cuimsitheach:

(a) a nascann críochfort lasta ilmhódach nó calafort muirí nó calafort intíre leis an bpointe is gaire dó mar a dtrasnaítear an croíghréasán lasta nó an croíghréasán lasta breisithe;

(b) ar líne athródaithe iad de líne ar cuid den chroíghréasán lasta nó den chroíghréasán lasta breisithe í; nó

(c) a n-oibrítear níos mó ná deich dtraein lasta in aghaidh an lae ar an meán sa dá threo orthu, bunaithe ar na sonraí don bhliain roimh an bhfógra.


www.parlament.gv.at

Faoin 19 Iúil 2027, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na línte lena mbaineann. I gcás stráicí trasteorann, tabharfar an fógra sin i gcomhaontú leis na Ballstáit eile lena mbaineann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2050, go gcomhlíonfaidh bonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh ar na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), agus atá nasctha le línte iarnróid a úsáidtear d'iompar lasta dá dtagraítear in Airteagal 15(3) na ceanglais a leagtar amach i mír 2, pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo, mura rud é, maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 2, pointe (c), den Airteagal seo gur dheonaigh an Coimisiún díolúine ó chur i bhfeidhm Airteagal 38(3) de bhun Airteagal 38(4).

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíontar an ceanglas a leagtar amach i mír 2, pointe (a), faoin 31 Nollaig 2040, ar bhonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh i gcás ina dtógtar líne nua. Tionscadail a bhfuil tús curtha leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith faoin 18 Iúil 2024, déanfar iad a eisiamh ón oibleagáid sin.

6. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 4 maidir le gréasáin ar leithlis.

7. Gan dochar do mhír 6, arna iarraidh sin do Bhallstát i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúintí i ndáil leis na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar an anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanach i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh agus i dtéarmaí a tionchair shuntasaigh ar idir-inoibritheacht agus ar leanúnachas an ghréasáin iarnróid i gcás inarb ábhartha. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún


www.parlament.gv.at

nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 16*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don chroíghréasán agus don chroíghréasán breisithe**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann bonneagar iarnróid an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe Airteagal 15(1).

2. Maidir le bonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe, cé is moite de naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), i gcás línte ar cuid den ghréasán le haghaidh iompar lasta iad, áiritheoidh na Ballstáit gur fíor ina leith, faoin 31 Nollaig 2040, an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a) agus (b), á gcomhlíonadh aige;

(b) gur féidir, gan cead speisialta, traenacha lasta a oibriú air a bhfuil fad traenach 740 m ar a laghad acu (lena n-áirítear an t-inneall féinghluaiste nó na hinnill fhéinghluaiste). Comhlíontar an ceanglas sin má chomhlíontar ar a laghad na coinníollacha seo a leanas:

(i) ar línte rianta dúbailte, is féidir conair thraenach amháin ar a laghad in aghaidh gach 2 uair an chloig agus gach treo agus ar a laghad 24 chonair thraenach gach lá a leithdháileadh ar thraenacha lasta atá ar a laghad 740 m ar fhad, má iarrann gnóthas iarnróid amhlaidh;

(ii) ar línte rianta singile, is féidir conair thraenach amháin ar a laghad in aghaidh gach 3 uair an chloig agus gach treo agus ar a laghad 12 chonair thraenach gach lá a leithdháileadh ar thraenacha lasta atá ar a laghad 740 m ar fhad, má iarrann gnóthas iarnróid amhlaidh; agus

(c) i gcás stráicí iarnróid a nascann críochfoirt lasta ilmhódacha dhá nód uirbeacha nó a nascann críochfort lasta ilmhódach nóid uirbigh le pointe trasnaithe teorann, gur dearadh os cionn 75 % d'fhad gach stráice iarnróid le haghaidh luas 100 km/h ar a laghad i gcás traenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin bhreisithe.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a), faoin 31 Nollaig 2030, ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe i gcás ina dtógfar líne nua. Tionscadail a bhfuil tús curtha leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith faoin 18 Iúil 2024, déanfar iad a eisiamh ón oibleagáid sin.

4. Maidir le bonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe, cé is moite de naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), i gcás línte ar cuid den ghréasán le haghaidh iompar paisinéirí iad, áiritheoidh na Ballstáit gur fíor ina leith, faoin 31 Nollaig 2040, an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a), maidir le línte paisinéirí an chroíghréasáin bhreisithe á gcomhlíonadh aige; agus

(b) i gcás stráicí iarnróid a nascann moil ilmhódacha paisinéirí dhá nód uirbeacha nó a nascann moil ilmhódacha paisinéirí nóid uirbigh le pointe trasnaithe teorann, gur dearadh os cionn 75 % d'fhad gach stráice iarnróid le haghaidh luas 160 km/h ar a laghad i gcás traenacha paisinéirí ar línte paisinéirí an chroíghréasáin bhreisithe.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2040, go gcomhlíonfaidh bonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe ar na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a) agus (b), agus i mír (2), pointe (b), den Airteagal seo, mura rud é, maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír (2), pointe (b), den Airteagal seo, gur deonaíodh díolúine ó chur i bhfeidhm Airteagal 38(3) de bhun Airteagal 38(4).

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh, faoin 31 Nollaig 2030, bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, cé is moite de na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), an méid seo a leanas:



www.parlament.gv.at

(a) i gcás línte ar cuid den ghréasán iompair lasta iad: go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i mír (2), pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo á gcomhlíonadh aige; agus

(b) i gcás línte ar cuid den ghréasán iompair paisinéirí iad: go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a), á gcomhlíonadh aige.

7. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2040, go gcomhlíonfaidh an bonneagar iarnróid ar cuid den chroíghréasán é le haghaidh iompar paisinéirí, cé is moite de naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), an ceanglas a leagtar amach i mír (4), pointe (b), den Airteagal seo.

8. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2040, go mbeidh línte d'iompar lasta ar cuid de bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin nó an chroíghréasáin bhreisithe iad, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), in ann freastal ar chúrsaíocht traenacha lasta a iompraíonn leathleantóirí caighdeánacha suas le 4 m ar airde, a luchtaítear ar airde atá 27 cm ar a laghad os cionn bharr an ráillriain ar Chonairí Iompair Eorpacha ar a gcríocha.

Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar a laghad ar gach Conair Iompair Eorpach ar chríoch an Bhallstáit:

(a) tá líne dhíreach amháin ar a laghad ann a chomhlíonann an ceanglas sin ar líne í a bhféadtar traenacha a oibriú uirthi gan bhriseadh ar chríoch Ballstáit agus ar línte trasteorann go dtí gach Ballstát comharsanach;

(b) go bhfuil líne dhíreach amháin ar a laghad ann a chomhlíonann an ceanglas sin a théann go dtí críochfort iarnróid amháin ar a laghad nó go dtí críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad atá suite i gcalafort muirí ar cuid den Chonair Iompair Eorpach é ar chríoch Ballstáit nó atá tadhlach leis an gcríochfort sin; agus

(c) go bhfuil líne dhíreach amháin ar a laghad ann a chomhlíonann an ceanglas sin agus a théann go dtí ceann amháin ar a laghad de na críochphointí sin más rud é go bhfuil críochphointe amháin nó níos mó de chonair suite ar chríoch Ballstáit.

I gcás stráicí trasteorann, déanfar na línte lena mbaineann a chinneadh i gcomhaontú leis na Ballstáit chomharsanacha lena mbaineann.

Faoin 19 Iúil 2027 ar a dhéanaí, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na línte lena mbaineann.


www.parlament.gv.at

9. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2030, go gcomhlíonann bonneagar iarnróid an chroíghréasáin ar na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a) agus (b), agus i mír 2, pointe (b), den Airteagal seo mura rud é, maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír (2), pointe (b), den Airteagal seo gur dheonaigh an Coimisiún díolúine ó chur i bhfeidhm Airteagal 38(3) de bhun Airteagal 38(4).

10. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 go 9 maidir le gréasáin ar leithlis.

11. Gan dochar do mhír 10, arna iarraidh sin do Bhallstát, glacfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-mhínithe, gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúintí i ndáil leis na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal seo ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanacha i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh agus i dtéarmaí a tionchair shuntasaigh ar idir-inoibritheacht agus ar leanúnachas an ghréasáin iarnróid, i gcás inarb ábhartha. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Agus measúnú á dhéanamh ar iarrataí ar dhíolúintí ón gceanglas a bhaineann le hiompar leathleantóirí a leagtar amach i mír 8, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar thoradh na hanailíse socheacnamaíche costais is tairbhe chomh maith leis an gcur isteach a d’fhéadfadh a bheith ar na seirbhísí de bharr na hoibre is gá chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarrataí ar na díolúintí ó na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo don chroíghréasán breisithe, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar aon mhór-infheistíocht arna déanamh ag an mBallstát lena mbaineann ar líne chomhthreomhar i ndlúthghaireacht do na cinn atá le tógáil as an nua.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 17*

**Leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach le haghaidh iarnróid**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil don leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, le haon líne iarnróid nua den chroíghréasán agus den chroíghréasán breisithe, lena n-airítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d). Meastar go gcomhlíontar an ceanglas sin nuair is féidir le traenacha leithead rianta 1435 mm gluaiseacht ar an mbonneagar faoin 31 Nollaig 2030 i gcás an chroíghréasáin agus faoin 31 Nollaig 2040 i gcás an chroíghréasáin bhreisithe. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn líne iarnróid nua aon líne iarnróid nach bhfuil tús curtha le hoibreacha tógála ina leith faoin 18 Iúil 2024.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, na Ballstáit nach bhfuil sé beartaithe go mbeidh aon líne iarnróid nua ar a gcríoch, an 18 Iúil 2024, lena nascadh le teorainn talún Ballstáit eile i gcomhréir le hIarscríbhinn I, déanfaidh siad plean a tharraingt suas ina sainaithnítear an líne iarnróid nua atá le tógáil i gcomhréir leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm. Cuirfear san áireamh sa phlean sin an tionchar ar idir-inoibritheacht leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha, trí aird a thabhairt, go háirithe, ar aistriú féideartha na línte iarnróid atá ann cheana go dtí an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. I gcás inarb ábhartha, beidh sa phlean anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe mar údar le cinneadh an Bhallstáit gan bonneagar nua iarnróid a thógáil de réir an leithid rianta ainmniúil chaighdeánaigh Eorpaigh, 1435 mm, agus beidh

measúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ann freisin. Cuirfear an plean sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 19 Iúil 2026.

3. Na Ballstáit a bhfuil gréasán iarnróid cheana acu, nó cuid de ghréasán iarnróid, a bhfuil leithead rianta aige atá éagsúil leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, déanfaidh siad measúnú, faoin 19 Iúil 2026, ina sainaithnítear na línte iarnróid atá ann cheana ar na Conairí Iompair Eorpacha ar mhaithe lena n-aistriú féideartha chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm. Déanfar an measúnú a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Sa mheasúnú áireofar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe ar a indéanta atá an t-aistriú féideartha chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, agus measúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht.

Bunaithe ar an measúnú faoin gcéad fhomhír, déanfaidh na Ballstáit plean a tharraingt suas maidir leis an aistriú go dtí an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, i gcás inarb ábhartha, bliain amháin ar a dhéanaí tar éis an measúnú a bheith tugtha chun críche, ina sainaithneofar na línte iarnróid atá ann cheana atá suite ar na Conairí Iompair Eorpacha atá le haistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, agus déanfaidh siad foráil maidir le léiriú ar amlíne an aistrithe sin.

Beidh feidhm mutatis mutandis ag an gcéad fhomhír agus an dara fomhír maidir leis na línte iarnróid ar cuireadh tús le hoibreacha tógála ina leith an 18 Iúil 2024.

4. I gcomhréir le hAirteagal 54, cuirfear na tosaíochtaí i gcomhair pleanáil bonneagair agus infheistíochta a éiríonn as na pleananna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo san áireamh sa chéad phlean oibre de chuid an Chomhordaitheora Eorpaigh le haghaidh Conair Iompair Eorpach a bhfuil na línte iarnróid lasta a bhfuil leithead rianta acu atá éagsúil leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach ina gcuid di.

5. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúine shealadach ó na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 i gcás línte iarnróid nua den chroíghréasán agus den chroíghréasáin breisithe, nó i gcás cuid díobh, ar fhoras torthaí diúltacha ón anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar údar leordhóthanach. Déanfar iarrataí ar dhíolúine a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an

Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanach i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh agus i dtéarmaí a tionchair shuntasaigh ar idir-inoibritheacht agus ar leanúnachas an ghréasáin iarnróid, i gcás inarb ábhartha. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Sonrófar sa chinneadh an tréimhse dá ndeonaítear an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 18*

**An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid**

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh ERTMS feistithe ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin bhreisithe faoin 31 Nollaig 2040 agus ar an ngréasán cuimsitheach faoin 31 Nollaig 2050, cé is moite de naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), agus go mbeidh imscaradh sioncrónaithe agus comhchuibhithe ERTMS cois iarnróid agus ar bord traenacha á áirithiú ag an am céanna; agus

(b) go mbeidh ERTMS imscartha ar naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), den chroíghréasán breisithe faoin 31 Nollaig 2040 agus ar an ngréasán cuimsitheach faoin 31 Nollaig 2050 i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann, i gcomhordú leis na

páirtithe leasmhara ábhartha agus go háirithe leis an mbainisteoir bonneagair, go bhfuil gá leis an trealamh sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas faoin 31 Nollaig 2030:

(a) go gcomhlíonann bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, cé is moite de na naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), ceanglais mhír 1; agus

(b) go mbeidh ERTMS imscartha ar naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), den chroíghréasán i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann, i gcomhordú leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus go háirithe leis an mbainisteoir bonneagair, go bhfuil gá leis an trealamh sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar córais d'aicme B a dhíchoimisiúnú, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2040 ar an gcroíghréasán, an 31 Nollaig 2045 ar an gcroíghréasán breisithe agus an 31 Nollaig 2050 ar an ngréasán cuimsitheach, ar choinníoll go n-áirithítear leibhéal iomchuí sábháilteachta, cé is moite de stráicí i nóid uirbeacha a úsáideann traenacha paisinéirí fo-uirbeacha freisin a bhfuil córais thiomnaithe cosanta traenach d'aicme B acu.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh a fheistiú le ERTMS raidióbhunaithe faoin 31 Nollaig 2050.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go n-imscartar ERTMS raidióbhunaithe ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh ón 31 Nollaig 2030, i gcás ina dtógtar líne nua, nó ón 31 Nollaig 2040, i gcás uasghrádú an chórais comharthaíochta.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ERTMS raidióbhunaithe imscartha faoin 31 Nollaig 2050 ar naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), den chroíghréasán, den chroíghréasán breisithe agus den ghréasán cuimsitheach, i gcás ina measann an Ballstát lena mbaineann, i gcomhordú leis an mbainisteoir bonneagair agus le páirtithe leasmhara gaolmhara eile, go bhfuil gá leis an trealamh sin. I gcás líne nua a bheith á tógáil, áiritheofar go mbeidh an t-imscaradh sin déanta ón 31 Nollaig 2030.

7. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 6 maidir le gréasáin ar leithlis.



www.parlament.gv.at

8. Gan dochar do mhír 7, arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúine i ndáil leis na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 1 go 6. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar thoradh diúltach ón anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanacha i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin. Beidh na díolúintí a iarrtar i gcomhréir le ceanglais Threoir (AE) 2016/797.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír agus ó thaobh aon tionchar suntasach a bheadh aici ar idir-inoibritheacht. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil, de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 19*

**Tosaíochtaí oibríochtúla**


www.parlament.gv.at

1. Déanfaidh an rialachas lasta iarnróid gach iarracht is féidir lena áirithiú, faoin 31 Nollaig 2030, ar na Conairí Iompair Eorpacha, nach gcuireann cáilíocht na seirbhísí arna soláthar do ghnóthais iarnróid ná na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla maidir le húsáid bonneagair cosc ar fheidhmíocht oibríochtúil na seirbhísí lasta iarnróid feadh na gConairí Iompair Eorpacha na spriocluachanna seo a leanas a bhaint amach:

(a) i gcás gach stráice trasteorann inmheánaigh, ní rachaidh aga stoptha na dtraenacha lasta uile a thrasnaíonn an teorainn idir dhá Bhallstát thar 25 nóiméad ar an meán, seachas ag na stráicí ina dtarlaíonn athrú ar an leithead rianta nó i gcás nach féidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh i ngeall ar na seiceálacha a dhéantar ag teorainn i gcás nár cuireadh deireadh fós leis na rialuithe ar thraenacha i gcur i bhfeidhm phointe 1.2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/399; ciallaíonn aga stoptha traenach ar stráice trasteorann am breise iomlán an idirthurais is féidir a chur síos do thrasnú teorann a bheith ann, gan beann ar nósanna imeachta nó cúinsí de chineál bonneagair, oibríochtúil, teicniúil agus riaracháin; ní áirítear leis an aga stoptha an t-am nach féidir a chur síos don trasnú teorann, mar shampla nósanna imeachta oibríochtúla a dhéantar i saoráidí atá suite i ngaireacht don trasnú teorann ach nach bhfuil baint dhíreach acu leis; agus

(b) sroicheann ar a laghad 75 % de na traenacha lasta a thrasnaíonn ar a laghad teorainn amháin feadh Conair Iompair Eorpach a gceann scríbe, nó sroicheann siad teorainn sheachtrach an Aontais má tá a gceann scríbe lasmuigh den Aontas, ag an am atá sceidealaithe dóibh nó le moill is lú ná 30 nóiméad ar chúiseanna atá inchurtha i leith bhainisteoir bonneagair nó bhainisteoirí bonneagair an Aontais; moilleanna a tharlaíonn i dtríú tíortha a dtrasnaíonn traenacha lasta iad agus atá inchurtha i leith na dtíortha sin, ní chuirfear san áireamh na moilleanna sin ach oiread.

2. Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht is féidir chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas faoin 31 Nollaig 2030 i gcás na línte d'iompar lasta ar an gcroíghréasán, faoin 31 Nollaig 2040 i gcás na línte d'iompar lasta ar an gcroíghréasán breisithe, agus faoin 31 Nollaig 2050 i gcás na línte d'iompar lasta ar an ngréasán cuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 15(3):

(a) ar línte rianta dúbailte, gur féidir dhá chonair iarnróid ar a laghad in aghaidh gach uair an chloig agus gach treo a leithdháileadh ar thraenacha lasta a bhfuil fad 740 m ar a laghad acu (lena n-áirítear an t-inneall féinghluaiste nó na hinnill fhéinghluaiste); agus


www.parlament.gv.at

(b) ar línte aon ráillí, gur féidir conair iarnróid amháin ar a laghad in aghaidh gach dhá uair an chloig agus gach treo a leithdháileadh ar thraenacha lasta a bhfuil fad 740 m ar a laghad acu (lena n-áirítear an t-inneall féinghluaiste nó na hinnill fhéinghluaiste).

*Airteagal 20*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh fhorbairt an bhonneagair iarnróid**

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar iarnróid, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13, ar an méid seo a leanas:

(a) an t-aistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, 1435 mm, i gcás inarb iomchuí;

(b) éifeacht an torainn agus an chreathaidh ó iompar iarnróid a mhaolú, go háirithe trí bhearta don rothstoc agus don bhonneagar, lena n-áirítear bacainní cosanta torainn;

(c) sábháilteacht crosairí comhréidhe a fheabhsú;

(d) nuair is iomchuí, bonneagar iompair iarnróid a nascadh le bonneagar chalafoirt na n-uiscebhealaí intíre;

(e) faoi réir anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe, bonneagar a fhorbairt do thraenacha ar faide iad ná 740 m agus suas le 1500 m agus 25.0 tona d'ualach acastóra acu nuair a bheidh na línte iarnróid is ábhartha don trácht lasta á dtógáil agus á nuachóiriú;

(f) teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus a imscaradh le haghaidh iarnród, lena bhforbraítear go háirithe obair Shift2Rail agus an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, go háirithe oibriú uathoibríoch traenacha, bainistiú ardfhorbartha tráchta, agus nascacht dhigiteach do phaisinéirí bunaithe ar ERTMS agus cúpláin uathoibríocha dhigiteacha, nascacht atá bunaithe ar 5G agus satailít agus aonaid thámhúla le haghaidh aonaid aimsithe geoshuímh ERTMS;

(g) agus bonneagar iarnróid á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht na gcosán coisithe agus rothaíochta a áirithiú, agus páirceáil rothar a fhorbairt i gcóngar na stáisiún chun na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn;

(h) teicneolaíochtaí breoslaí malartacha nuálacha a fhorbairt d'iarnróid, mar shampla hidrigin nó traenacha ceallra-chumhachtaithe do stráicí agus bealaí rochtana iarnróid atá díolmhaithe ón gceanglas leictriúcháin;

(i) chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, caighdeán a sholáthar chun cúrsaíocht traenacha lasta a iompraíonn leathleantóirí caighdeánacha suas le 4 m a luchtaítear ar airde 33 cm a áirithiú, gan aon cheanglas breise a bheith ann maidir le cead speisialta chun seirbhísí a oibriú; agus

(j) uasghrádú a dhéanamh ar an iarnród rianta dúbailte i stráicí scrogaill a bhfuil bacainní toillte orthu.

***ROINN 2***

***BONNEAGAR IOMPAIR NA N-UISCEBHEALAÍ INTÍRE***

*Airteagal 21*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

1. Cuimseofar le bonneagar na n-uiscebhealaí intíre an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) aibhneacha;

(b) canálacha;

(c) lochanna agus murlaigh;

(d) bonneagar gaolmhar, mar shampla loic, ardaitheoirí, droichid, taiscumair agus bearta gaolmhara coiscthe agus maolaithe tuilte agus triomach a bhféadfadh éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar an loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre;

(e) uiscebhealaí rochtana agus naisc an mhíle deiridh le críochfoirt lasta ilmhódacha atá nasctha le huiscebhealaí intíre, go háirithe i gcalafoirt intíre agus i gcalafoirt mhuirí;

(f) áiteanna múrála agus scíthe;



www.parlament.gv.at

(g) calafoirt intíre, lena n-áirítear bonneagar bunúsach calafoirt mar atá imchuacha inmheánacha, ballaí cé, bearta feistiúcháin, lamairní, dugaí, cladáin, cúl-líonta, ardáin, oibríochtaí míntírithe talún agus an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt agus lasmuigh de limistéar an chalafoirt;

(h) an trealamh gaolmhar dá dtagraítear i mír 2;

(i) córais TFC don iompar, lena n-áirítear RIS;

(j) naisc na gcalafort intíre leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(k) bonneagar a bhaineann le saoráidí le haghaidh breoslaí malartacha; agus

(l) bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí dramhaíola nialasaí agus bearta maidir leis an ngeilleagar ciorclach.

2. An trealamh i gcomhair lastaí a luchtú agus a dhíluchtú agus earraí a stóráil i gcalafoirt intíre, féadfar é a áireamh ar an trealamh a bhaineann le huiscebhealaí intíre. Córais tiomána agus oibriúcháin lena laghdaítear truailliú, ar nós truailliú uisce agus aeir, agus ídiú fuinnimh agus déine carbóin, féadfar iadsan, go háirithe, a áireamh ar an trealamh a bhaineann le huiscebhealaí intíre. Saoráidí glactha dramhaíola, saoráidí leictreachais cois cladaigh, agus bonneagar breoslaí malartacha eile le haghaidh soláthair agus giniúna chomh maith le trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh seirbhísí hidreolaíocha agus trealamh le haghaidh an seolbhealach, an calafort agus bealaí isteach chuig an gcalafort a dhreideáil chun inseoltacht ar feadh na bliana go léir a áirithiú, féadfar é sin ar fad a áireamh ar an trealamh sin freisin.

3. Chun bheith mar chuid den ghréasán cuimsitheach, comhlíonfaidh calafort intíre na coinníollacha seo a leanas:

(a) is mó ná 500000 tona méid a lasta trasloingsithe bhliantúil, i gcás ina mbíonn méid iomlán an lasta trasloingsithe bhliantúil bunaithe ar mheánmhéid na 3 bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat; agus

(b) beidh sé suite ar ghréasán uiscebhealaí intíre an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

*Airteagal 22*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don ghréasán cuimsitheach**

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas maidir le calafoirt intíre ar an ngréasán cuimsitheach faoin 31 Nollaig 2050:

(a) beidh siad nasctha leis an mbonneagar bóithre nó iarnród;

(b) beidh acu ar a laghad críochfort lasta ilmhódach amháin ar oscailt do na hoibreoirí agus do na húsáideoirí uile ar bhealach neamh-idirdhealaitheach a mbeidh muirir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm aige; agus

(c) beidh siad feistithe le saoráidí chun feidhmíocht chomhshaoil soithí i gcalafoirt a fheabhsú, a bhféadtar saoráidí glactha dramhaíola, saoráidí díghásúcháin, bearta laghdaithe torainn chomh maith le bearta chun truailliú aeir agus uisce a laghdú a áireamh leo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil bonneagar breoslaí malartacha imscartha i gcalafoirt intíre i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804.

*Airteagal 23*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don chroíghréasán**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil calafoirt intíre an chroíghréasáin i gcomhréir le hAirteagal 22(2) agus go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22(1), pointí (a) agus (b), á gcomhlíonadh acu faoin 31 Nollaig 2030 agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22(1), pointe (c), á gcomhlíonadh acu faoin 31 Nollaig 2040.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar gréasán na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 21(1), pointe (e), a chothabháil le gur féidir le húsáideoirí loingseoireacht éifeachtúil, iontaofa, shábháilte a dhéanamh, trí na híoscheanglais maidir le huiscebhealaí agus íosleibhéil na gceanglas seirbhíse a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a áirithiú (Stádas Maith Loingseoireachta).

Cuirfidh na Ballstáit cosc ar mheathlú an Stádais Mhaith Loingseoireachta agus ar mheathlú stádas reatha na gcodanna sin den ghréasán a sháraíonn na híoscheanglais sin cheana féin faoin 18 Iúil 2024.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2030, an méid seo a leanas go háirithe:

(a) go bhfuil ag aibhneacha, canálacha, lochanna, murlaigh, calafoirt intíre agus a mbealaí rochtana doimhneacht cainéil inseolta 2,5 m ar a laghad agus íosairde faoi dhroichid nach féidir a oscailt 5,25 m ar a laghad ag leibhéil tagartha uisce shonraithe, nach sáraítear ach ar líon sainithe laethanta in aghaidh na bliana ar mheán staidrimh;

(b) go bhfoilsíonn na Ballstáit ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air an líon laethanta in aghaidh na bliana dá dtagraítear i bpointe (a) ar lena linn a sháraíonn an leibhéal uisce iarbhír an leibhéal uisce tagartha sonraithe do dhoimhneacht an chainéil loingseoireachta, agus na meán-amanna feithimh ag gach loc;

(c) go n-áirithíonn oibreoirí loc go ndéantar loic a oibriú agus a chothabháil i gcaoi a n-íoslaghdaíonn na hamanna feithimh; agus

(d) go bhfuil aibhneacha, canálacha, lochanna agus murlaigh feistithe le seirbhís faisnéise tráchta abhann le haghaidh gach seirbhíse i gcomhréir le Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle50, chun faisnéis fíor-ama a ráthú d'úsáideoirí thar theorainneacha.

Chun críoch phointe (a) den mhír seo, déanfar na leibhéil tagartha uisce a bhunú ar bhonn líon na laethanta in aghaidh na bliana a chuaigh an leibhéal iarbhír uisce thar an leibhéal tagartha uisce sonraithe. Faoi réir fhormheas na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 172, an dara mír, CFAE, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, a bheidh le tarraingt suas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit sin agus, i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Eorpacha lena mbaineann agus, más infheidhme, i gcomhairle le coimisiúin um loingseoireacht aibhneacha arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta, ina sonrófar na leibhéil tagartha uisce dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, in aghaidh na conaire, in aghaidh an uiscebhealaigh nó in aghaidh an stráice uiscebhealaigh. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin comhsheasmhach leis na ceanglais a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit, lena n-áirítear sna rialacháin arna nglacadh ag na coimisiúin um loingseoireacht aibhneacha arna mbunú ag na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe sin. Déanfar na

50 Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (SFTA) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3) den Rialachán seo.

4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, déanfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-mhínithe, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonaítear díolúintí ó na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, in aghaidh an stráice uiscebhealaigh agus, i gcás inarb iomchuí, in aghaidh an uiscebhealaigh, ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol, ar an mbithéagsúlacht nó ar an oidhreacht chultúir. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás inarb infheidhme. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanach i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

Aon mheathlú ar na híoscheanglais a eascraíonn as gníomhaíocht dhíreach an duine nó as easpa díchill i gcothabháil ghréasán na n-uiscebhealaí intíre, ní mheasfar é a bheith ina údar maith le díolúine a dheonú.

5. I gcás *force majeure*, athbhunóidh na Ballstáit na dálaí inseoltachta go dtí an stádas a bhí acu cheana a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide mar atá.

6. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh lena n-áirithítear cur chuige comhleanúnach maidir le cur i bhfeidhm an Stádais Mhaith Loingseoireachta san Aontas. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a chumhdach leis na treoirlínte sin:

(a) paraiméadair shonracha le haghaidh aibhneacha saorshreabhacha;

(b) paraiméadair chomhlántacha le haghaidh leithead inseolta an chainéil;

(c) bonneagar fuinnimh mhalartaigh a úsáid chun rochtain uile-chonaire ar bhreoslaí malartacha a áirithiú;

(d) úsáid fheidhmchláir dhigiteacha an ghréasáin agus na bpróiseas uathoibriúcháin;

(e) athléimneacht an bhonneagair i gcoinne an athraithe aeráide, guaiseacha nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine nó suaitheadh arna dhéanamh d’aon ghnó; nó

(f) teicneolaíochtaí nua agus nuáil le haghaidh breoslaí fuinnimh agus córais tiomána astaíochtaí nialasacha agus ísealcharbóin a thabhairt isteach agus a chur chun cinn;

*Airteagal 24*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh fhorbairt an bhonneagair uiscebhealaí intíre**

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagair na n-uiscebhealaí intíre, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12 agus in Airteagal 13, ar an méid seo a leanas:

(a) i gcás inarb iomchuí, caighdeáin níos airde a bhaint amach chun nuachóiriú a dhéanamh ar uiscebhealaí atá ann cheana agus chun uiscebhealaí nua a chruthú, chun éilimh an mhargaidh a shásamh;

(b) bearta coiscthe agus maolaithe tuilte agus triomach;

(c) feabhas a chur ar phróisis digiteála agus uathoibriúcháin, go háirithe d’fhonn an tsábháilteacht, an tslándáil agus an inbhuanaitheacht a mhéadú san iompar ar uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear laistigh de nóid uirbeacha;



www.parlament.gv.at

(d) toilleadh an bhonneagair a nuachóiriú agus a leathnú, lena n-áirítear ionaid mhúrála agus scíthe agus a seirbhísí is gá le haghaidh oibríochtaí iompair ilmhódaigh laistigh de limistéar an chalafoirt agus lasmuigh de agus feadh an uiscebhealaigh;

(e) bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair uiscebhealaí intíre agus bhonneagar iompair na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear soithí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí agus bearta chun an tionchar ar dhobharlaigh agus ar an mbithéagsúlacht atá ag brath ar uisce a mhaolú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha;

(f) soithí tarraingthe éadoimhne uiscebhealaí intíre a oireann do leibhéil ísle uisce a fhorbairt agus a úsáid;

(g) agus bonneagar uiscebhealaí intíre á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht na gcosán coisithe agus rothaíochta a áirithiú chun na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn;

(h) gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun meathlú na gceanglas maidir le huiscebhealaí a chosc, lena n-áirítear modhanna chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí seolbhealaigh; agus

(i) i gcás inarb iomchuí, feabhas a chur ar na dálaí loingseoireachta, feadh na n-uiscebhealaí intíre agus droichid nua á dtógáil, nó droichid neamh-inoscailte atá á n-athchóiriú, trí aird ar leith a thabhairt ar a n-airde glanta i gcomparáid leis na droichid atá ann cheana ar stráice uiscebhealaigh ar leith.

### *ROINN 3*

### *BONNEAGAR AN IOMPAIR MHUIRÍ AGUS AN SPÁS MUIRÍ EORPACH*

*Airteagal 25*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

1. Déanann an Spás Muirí Eorpach na comhpháirteanna muirí a ndéantar cur síos orthu i mír 2 a nascadh agus a chomhtháthú leis an ngréasán talún trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a


www.parlament.gv.at

chruthú nó a uasghrádú agus trí chalafoirt mhuirí a fhorbairt ar chríoch na mBallstát agus a naisc chúlchríche, lena n-áirítear limistéar geografach na réigiún is forimeallaí, chun comhtháthú éifeachtúil, inmharthana, inbhuanaithe a sholáthar le modhanna eile iompair.

2. Is éard atá sa Spás Muirí Eorpach:

(a) bonneagar an iompair mhuirí laistigh de limistéar calafoirt an chroíghréasáin agus an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear nascacht na cúlchríche;

(b) gníomhaíochtaí a bhfuil tairbhí níos leithne ag gabháil leo nach bhfuil nasctha le calafoirt shonracha agus a théann chun tairbhe go forleathan don Spás Muirí Eorpach agus don tionscal muirí, ar nós tacaíocht do ghníomhaíochtaí lena n-áirithítear inseoltacht ar fud na bliana (briseadh oighir), lena n-éascaítear an t-aistriú i dtreo iompar muirí inbhuanaithe, lena gcuirtear feabhas ar na sineirgí idir iompar agus fuinneamh, inter alia trí ról na gcalafort mar mhoil fuinnimh a chothú agus trí chabhrú leis an aistriú fuinnimh, agus córais TFC don iompar agus suirbhéanna hidreagrafacha; agus

(c) naisc loingseoireachta gearrthurais inbhuanaithe agus athléimneacha a chur chun cinn, go háirithe na cinn lena gcomhchruinnítear sreabha lasta chun costais sheachtracha dhiúltacha a laghdú ar nós astaíochtaí agus plódú ó iompar de bhóthar laistigh den Aontas, agus na cinn lena gcuirtear feabhas ar rochtain ar na réigiúin is forimeallaí agus ar réigiúin iargúlta, oileánacha agus imeallacha eile trí sheirbhísí muirí inbhuanaithe, rialta agus minice a bhunú nó a uasghrádú.

3. Cuimseofar an méid seo a leanas go háirithe sa bhonneagar iompair mhuirí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2:

(a) calafoirt mhuirí, lena n-áirítear an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt;

(b) bonneagar bunúsach calafoirt amhail imchuacha inmheánacha, ballaí cé, bearta feistiúcháin, ardáin, lamairní, dugaí, cladáin, cúl-líonta agus oibríochtaí míntírithe talún;

(c) canálacha mara;

(d) áiseanna loingseoireachta;

(e) bealaí isteach chuig calafoirt, seolbhealaí agus loic;



www.parlament.gv.at

(f) muirmhúrtha;

(g) naisc na gcalafort leis an ngréasán tras-Eorpach iompair;

(h) córais TFC don iompar, lena n-áirítear EMSWe agus VTMIS;

(i) bonneagar a bhaineann le breoslaí malartacha;

(j) trealamh gaolmhar, ar féidir a áireamh leis, go háirithe, trealamh chun trácht agus lasta a bhainistiú, chun éifeachtaí diúltacha ar an gcomhshaol a laghdú, lena n-áirítear le haghaidh oibríochtaí dramhaíola nialasaí agus bearta maidir leis an ngeilleagar ciorclach, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, chun torann a laghdú, chun breoslaí malartacha a úsáid, mar aon le trealamh lena n-áirithítear inseoltacht ar feadh na bliana go léir, lena n-áirítear trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh suirbhéanna hidreolaíocha, agus trealamh le haghaidh an calafort agus bealaí isteach chuig an gcalafort a dhreideáil agus a chosaint; agus

(k) bonneagar lena n-éascaítear gníomhaíochtaí calafoirt a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

4. Chun bheith mar chuid den ghréasán cuimsitheach, comhlíonfaidh calafort muirí ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) a mhéid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí a bheith níos mó ná 0,1 % de mhéid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí chalafoirt mhuirí uile an Aontais nuair is é an méid tagartha don mhéid iomlán sin meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat;

(b) a mhéid bliantúil iomlán lasta, cibé acu láimhseáil bulclasta nó lasta nach bulclasta é, a bheith níos mó ná 0.1 % den lasta bliantúil iomlán comhfhreagrach a láimhseáiltear i gcalafoirt mhuirí uile an Aontais nuair is é an méid tagartha don mhéid iomlán sin meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat;

(c) a mhéid bliantúil iomlán lasta, i gcás láimhseáil bulclasta agus/nó láimhseáil lasta nach bulclasta é, a bheith níos mó ná 500000 tona gach bliain agus a rannchuidiú le héagsúlú sholáthairtí fuinnimh an Aontais agus le dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite a bheith mar cheann de phríomhghníomhaíochtaí an chalafoirt, nuair is é an méid



www.parlament.gv.at

tagartha don mhéid iomlán sin meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat;

(d) an calafort muirí a bheith suite ar oileán agus é ar aon phointe rochtana amháin ar réigiún NUTS 3 sa ghréasán cuimsitheach de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003; nó

(e) an calafort muirí a bheith suite i gceann de na réigiúin is forimeallaí nó i limistéar imeallach, lasmuigh de gha 200 km ón gcalafort eile is gaire sa ghréasán cuimsitheach.

*Airteagal 26*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don ghréasán cuimsitheach**

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil bonneagar breoslaí malartacha imscartha i gcalafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804;

(b) go bhfuil calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh feistithe leis an mbonneagar is gá chun feidhmíocht chomhshaoil na long i gcalafoirt a fheabhsú, go háirithe saoráidí glactha don seachadadh dramhaíola ó longa i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle51;

(c) go bhfuil córas faireacháin agus faisnéise um thrácht árthach (VTMIS) agus SafeSeaNet á gcur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE; agus

(d) go bhfuil ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta á gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1239.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas, ón 31 Nollaig 2050 ar aghaidh:

(a) go bhfuil calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh a bhfuil méid iomlán bliantúil lasta acu atá níos mó ná 2 mhilliún tona nasctha leis an mbonneagar iarnród agus bóithre

---

**51** Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).



www.parlament.gv.at

agus, i gcás inar féidir, le huiscebhealaí intíre; is é an méid tagartha don mhéid iomlán sin meánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat;

(b) go gcuireann aon chalafort muirí den ghréasán cuimsitheach a fhreastalaíonn ar thrácht lasta críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad ar fáil a bheidh ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus a chuirfidh muirir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm;

(c) go bhfuil canálacha mara, seolbhealaí calafoirt agus inbhir a nascann dhá mhuir, nó a thugann rochtain ón muir ar chalafoirt mhuirí comhfhreagrach ar a laghad d'uiscebhealaí intíre a chomhlíonann ceanglais Airteagal 23; agus

(d) go bhfuil calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh atá nasctha le huiscebhealaí intíre feistithe le toilleadh láimhseála do shoithí uiscebhealaí intíre.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid maidir leis an nasc dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a áirithiú i gcás ina gcoisctear nasc mar sin le srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha.

3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, déanfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-mhínithe, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonaítear díolúintí ó na ceanglais íosta dá dtagraítear i mír 2 ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.


www.parlament.gv.at

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 27*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don chroíghréasán**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil Airteagal 26(1) á chomhlíonadh ag bonneagar muiriompair an chroíghréasáin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 26(2) á gcomhlíonadh ag bonneagar muiriompair an chroíghréasáin faoin 31 Nollaig 2030.

3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, déanfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-mhínithe, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonaítear díolúintí ó na ceanglais íosta dá dtagraítear i mír 2 ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an


www.parlament.gv.at

fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 28*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh fhorbairt an bhonneagair mhuirí agus an Spáis Mhuirí Eorpaigh**

Agus tionscadail leasa choitinn a bhfuil baint acu le bonneagar muirí agus leis an Spás Muirí Eorpach á gcur chun cinn, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13, ar an méid seo a leanas:

(a) rochtain mhuirí a uasghrádú, amhail muirmhúrtha, cainéil farraige, seolbhealaí, loic, dreidireacht agus áiseanna loingseoireachta;

(b) bonneagar bunúsach calafoirt a thógáil nó a uasghrádú, amhail imchuacha inmheánacha, bonneagar breoslaí malartacha, ballaí cé, bearta feistiúcháin, ardáin, lamairní, dugaí, cladáin, cúl-líonta agus oibríochtaí míntírithe talún;

(c) feabhas a chur ar an mbonneagar lena n-idirnasctar na modhanna éagsúla iompair, an trealamh agus na córais dá dtagraítear in Airteagal 37, pointí (a), (b) agus (d); chomh maith le nuachóiriú agus leathnú thoilleadh an bhonneagair iarnróid is gá le haghaidh oibríochtaí iompair i limistéar an chalafoirt nó cóngarach dó, más gá sin chun nascadh leis an ngréasán iarnróid tras-Eorpach;

(d) feabhas a chur ar phróisis digiteála agus uathoibriúcháin, go háirithe d’fhonn sábháilteacht, slándáil, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a mhéadú;

(e) teicneolaíochtaí nua agus nuáil a thabhairt isteach agus a chur chun cinn, chomh maith le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin;

(f) feabhas a chur ar athléimneacht na slabhraí lóistíochta agus na trádála idirnáisiúnta muirí, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide;

(g) bearta laghdaithe torainn agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh;



www.parlament.gv.at

(h) soithí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a chur chun cinn a fhónann agus a oibríonn naisc loingseoireachta gearrthurais, agus bearta a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair mhuirí do chuairteanna ar chalafoirt agus do bharrfheabhsú shlabhra an tsoláthair i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, mar shampla scéimeanna éiceadhreasachtaí a úsáid;

(i) gníomhaíochtaí atá nasctha le gníomhaíochtaí tairbheacha níos leithne agus naisc loingseoireachta gearrthurais a chur chun cinn faoi chuimsiú an Spáis Mhuirí Eorpaigh, lena n-áirítear rochtain fheabhsaithe ar na réigiúin is forimeallaí agus ar réigiúin iargúlta, oileánacha agus imeallacha eile a chur chun cinn;

(j) iompar farantóireachta astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a chur chun cinn mar mhodh iompair paisinéirí inbhuanaithe;

(k) bearta a bhfuil sé d'aidhm acu sciar an lasta a mhéadú, lena n-áirítear do naisc loingseoireachta gearrthurais, a aistríonn ó iompar de bhóthar agus ó aeriompar chuig iompar muirí nó uiscebhealaí intíre agus chuig iompar d’iarnród, chun costais dhiúltacha sheachtracha amhail astaíochtaí agus brú tráchta a laghdú; agus

(l) feabhas a chur ar an rochtain ar na réigiúin is forimeallaí agus ar réigiúin iargúlta, oileánacha agus imeallacha eile.

## *ROINN 4*

### *BONNEAGAR AN IOMPAIR DE BHÓTHAR*

*Airteagal 29*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

1. Cuimseoidh bonneagar iompair de bhóthar an méid seo leanas, go háirithe:

(a) bóithre, lena n-áirítear:

(i) droichid;


www.parlament.gv.at

(ii) tolláin;

(iii) acomhail;

(iv) crosairí;

(v) acomhail mótarbhealaí;

(vi) crua-ghruanna; agus

(vii) bonneagar a mhaolaíonn an tionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear réitigh caomhnaithe fána nó maolaithe torainn;

(b) trealamh gaolmhar, lena n-áirítear, córais meá-faoi-shiúl;

(c) bonneagar digiteach agus córais TFC don iompar;

(d) bealaí rochtana ar chríochfoirt lasta ilmhódacha;

(e) naisc na gcríochfort lasta agus na n-ardán lóistíochta leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(f) críochfoirt busanna;

(g) bonneagar a bhaineann le saoráidí le haghaidh breoslaí malartacha; agus

(h) limistéir pháirceála agus scíthe, lena n-áirítear limistéir pháirceála shábháilte agus shlána le haghaidh feithiclí tráchtála.

2. Is iad na bóithre dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo agus a shonraítear sna léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I na bóithre sin a bhfuil ról tábhachtach acu sa trácht fadraoin lasta agus paisinéirí, a chomhtháthaíonn na príomh-lárionaid uirbeacha agus eacnamaíocha agus a idirnascann le modhanna eile iompair.

3. Sa trealamh a bhaineann le bóithre dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), féadfar a áireamh, go háirithe, trealamh don bhainistiú tráchta, don fhaisnéis agus don treoraíocht bealaigh, trealamh chun muirir ar dholaí agus úsáideoirí a thobhach, trealamh sábháilteachta, trealamh chun éifeachtaí diúltacha ar an gcomhshaol a laghdú, chun feithiclí a bhfuil modhanna tiomána malartacha acu a athbhreoslú nó a athluchtú, agus trealamh do limistéir pháirceála atá slán sábháilte le haghaidh feithiclí tráchtála.



www.parlament.gv.at

*Airteagal 30*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don ghréasán cuimsitheach**

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéantar sábháilteacht an bhonneagair iompair de bhóthar a áirithiú, go ndéantar faireachán uirthi, agus, nuair is gá, go ndéantar í a fheabhsú i gcomhréir le Treoir 2008/96/CE;

(b) go ndéantar na bóithre a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú agus a chothabháil de réir caighdeáin arda cháilíochta agus sábháilteachta;

(c) go ndéantar na bóithre a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú agus a chothabháil le hardleibhéal cosanta comhshaoil, lena n-áirítear, mar is iomchuí, trí bhearta laghdaithe torainn agus trí uisce a ritheann chun srutha a bhailiú, a chóireáil agus a scaoileadh;

(d) go gcomhlíonann tolláin bóithre ar faide iad ná 500 m Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52];

(e) go n-áirithítear idir-inoibritheacht na gcóras bailithe dolaí, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus le Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2020/204 ón gCoimisiún[54] agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/203 ón gCoimisiún[55];

---

52 Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta do tholláin sa ghréasán tras-Eorpach bóithre (IO L 167, 30.4.2004, lch. 39).

53 Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45).

54 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/204 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 maidir le hoibleagáidí mionsonraithe soláthraithe Eorpacha um Sheirbhís Dolaí Leictreonacha, inneachar íosta an ráitis fearainn Eorpaigh um Sheirbhís Dolaí Leictreonacha, comhéadain leictreonacha, ceanglais maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/750/CE (IO L 43, 17.2.2020, lch. 49).

55 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/203 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 maidir le haicmiú feithiclí, oibleagáidí úsáideoirí Eorpacha um Sheirbhís Dolaí Leictreonacha, ceanglais maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus íoschritéir incháilitheachta maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra (IO L 43, 17.2.2020, lch. 41).



www.parlament.gv.at

(f) i gcás inarb infheidhme, go dtoibhítear dolaí nó muirir ar úsáideoirí i gcomhréir le Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle56;

(g) go bhfuil Treoir 2010/40/AE á comhlíonadh ag aon chóras cliste iompair ar bhonneagar iompair de bhóthar agus go ndéantar an córas cliste iompair sin a imscaradh ar bhealach atá i gcomhréir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn na Treorach sin; agus

(h) go bhfuil bonneagar breoslaí malartacha á imscaradh ar an ngréasán bóithre i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh ag na bóithre dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (a), den ghréasán cuimsitheach, faoin 31 Nollaig 2050:

(a) go ndearnadh an bóthar a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú go speisialta do mhótarthrácht;

(b) go bhfuil limistéir scíthe ar fáil ag achar nach mó ná 100 km ó chéile, lena gcuirtear ar fáil spás páirceála sábháilte agus leordhóthanach, agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht saothair atá éagsúil; agus

(c) go bhfuil córais meá-faoi-shiúl suiteáilte gach 300 km ar an meán ar ghréasán Ballstáit.

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, nuair a bhíonn córais meá-faoi-shiúl á suiteáil acu, féadfaidh na Ballstáit díriú ar stráicí de bhóithre a mbíonn ard-déine tráchta lasta orthu. Leis na córais meá-faoi-shiúl, beifear in ann feithiclí agus cónaisc feithiclí a shainaithint ar dócha gur sháraigh siad na meáchain údaraithe uasta a leagtar amach i dTreoir 96/53/CE.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go n-imscarfar nó go n-úsáidfear na modhanna chun teagmhais nó dálaí a bhaineann le sábháilteacht a bhrath, agus go mbaileofar na sonraí ábhartha maidir le trácht ar

---

[56] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirear a ghearradh ar fheithiclí as bonneagair bhóthair a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

bhóithre, chun íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún57:

(a) i gcás an bhonneagair atá sa ghréasán cuimsitheach cheana faoin 31 Nollaig 2030; agus

(b) i gcás an bhonneagair nua atá sa ghréasán cuimsitheach faoin 31 Nollaig 2050 nó, i gcás ina bhfuil an stráice den bhóthar críochnaithe roimhe sin, faoin dáta a bhí sé críochnaithe.

4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúintí ón gceanglas a leagtar amach i mír 2, i ndáil le bóithre nach dtéann a ndlús tráchta thar 10000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo, nó ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach le haon iarraidh mar sin, ós rud é freisin go bhfuil na bonneagair lena mbaineann faoi réir measúnuithe tionchair, iniúchtaí agus cigireachtaí ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus, i gcás inar gá, faoi réir gníomhaíochtaí feabhais i gcomhréir le Treoir 2008/96/CE. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás inarb infheidhme. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanach i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

---

57 Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta tráchta uilíoch a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí (IO L 247, 18.9.2013, lch. 6).

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 31*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair le haghaidh an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh bonneagar bóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe Airteagal 30(1).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh ag na bóithre dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (a), faoin 31 Nollaig 2030 i gcás bhonneagar bóithre an chroíghréasáin, agus faoin 31 Nollaig 2040 i gcás bhonneagar bóithre an chroíghréasáin bhreisithe:

(a) go ndearnadh na bóithre a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú go speisialta do mhótarthrácht;

(b) go bhfuil, cé is moite de phointí speisialta nó ar bhonn sealadach, carrbhealaí ar leith ag na bóithre don trácht ó gach ceann den dá threo, iad scartha ó chéile le stiall dealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta nó scartha ar bhealach eile lena n-áirithítear leibhéal coibhéiseach sábháilteachta; agus

(c) nach dtrasnaíonn na bóithre ar comhréidh le haon bhóthar, iarnród, trambhealach, raon rothar nó cosán.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an méid a leanas á gcomhlíonadh ag bonneagar bóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe, faoin 31 Nollaig 2040:

(a) go bhfuil limistéir scíthe ar fáil feadh bhóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe ag achar nach mó ná 60 km ó chéile, lena gcuirtear spás páirceála

leordhóthanach sábháilte, agus saoráidí iomchuí, ar fáil, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht saothair atá éagsúil; agus

(b) na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 30(2), pointe (c).

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil limistéir pháirceála atá slán sábháilte forbartha faoin 31 Nollaig 2040, ar feadh bhóithre an chroíghreásáin agus an chroíghréasáin bhreisithe nó laistigh d'achar tiomána 3 km ón mbealach amach is gaire ó bhóthar den ghréasán tras-Eorpach iompair, agus achar uasta 150 km idir dhá limistéar mar sin, lena gcuirtear go leor spás páirceála ar fáil d'fheithiclí tráchtála agus lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Féadfaidh na Ballstáit díriú ar stráicí bóithre a mbíonn ard-déine tráchta lasta orthu.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann an bonneagar bóithre na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 30(3):

(a) i gcás an bhonneagair a bhí sa chroíghréasán cheana féin, faoin 31 Nollaig 2025, agus, i gcás an bhonneagair a bhí sa chroíghréasán breisithe cheana féin, faoin 31 Nollaig 2030; agus

(b) i gcás an bhonneagair nua atá sa chroíghréasán, faoin 31 Nollaig 2030, nó, i gcás an bhonneagair nua atá sa chroíghréasán breisithe, faoin 31 Nollaig 2040 nó, i gcás ina bhfuil an stráice den bhóthar críochnaithe roimhe sin, faoin dáta a bhí sé críochnaithe.

6. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonófar díolúintí ó na ceanglais a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 maidir le bóithre nach mó an dlús tráchta orthu ná 10000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo nó ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin, ós rud é freisin go bhfuil na bonneagair lena mbaineann faoi réir measúnuithe tionchair, iniúchtaí agus cigireachtaí ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus, i gcás inar gá, faoi réir gníomhaíochtaí feabhais i gcomhréir le Treoir 2008/96/CE. Déanfar an iarraidh ar dhíolúintí a chomhordú leis an mBallstát comharsanach nó leis na Ballstáit chomharsanacha i gcás stráicí trasteorann. Féadfaidh na Ballstáit chomharsanacha tuairim a thabhairt don Bhallstát a iarrann an

díolúine. Cuirfidh an Ballstát tuairimí na mBallstát comharsanach i gceangal lena iarraidh. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thuairimí na mBallstát comharsanach lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 32*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh forbairt bonneagair bóithre**

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar bóithre, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13, ar an méid seo a leanas:

(a) sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus riachtanais úsáideoirí leochaileacha agus úsáideoirí bóithre maidir lena n-éagsúlacht go léir á gcur san áireamh, go háirithe daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

(b) brú tráchta ar na bóithre atá ann cheana a mhaolú, go háirithe trí bhainistiú cliste tráchta, lena n-áirítear muirir dhinimiciúla ar phlódú nó dolaí a athrú bunaithe ar an am den lá, den tseachtain nó den séasúr;

(c) feabhas a chur ar phróisis digiteála agus uathoibriúcháin, teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar rialú comhlíontachta i ndáil le creat dlíthiúil an Aontais maidir le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear uirlisí forfheidhmiúcháin cliste agus uathoibrithe agus bonneagar cumarsáide;

(d) agus bonneagar bóithre á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht na gcosán coisithe agus rothaíochta a áirithiú d'fhonn na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn agus feabhas a chur, i gcás inarb ábhartha, ar an mbonneagar le haghaidh soghluaisteacht ghníomhach; agus

(e) limistéir pháirceála atá slán sábháilte a fhorbairt lena gcuirfear go leor spáis páirceála ar fáil le haghaidh feithiclí tráchtála agus lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir leis an ngréasán cuimsitheach.

## *ROINN 5*

## *BONNEAGAR AERIOMPAIR*

*Airteagal 33*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

1. Cuimseofar le bonneagar aeriompair an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) aerspás, bealaí agus aerbhealaí;

(b) aerfoirt, lena n-áirítear an bonneagar agus an trealamh is gá d'oibríochtaí ar talamh agus d'oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an aerfoirt, agus ingearphoirt;

(c) naisc na n-aerfort leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

(d) Córais BAT/SAL agus an trealamh gaolmhar, lena n-áirítear trealamh spásbhunaithe;

(e) bonneagar a bhaineann le breoslaí malartacha, agus soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad;

(f) bonneagar chun breoslaí malartacha a tháirgeadh ar an láthair agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí aeráide, astaíochtaí comhshaoil agus astaíochtaí torainn ó aerfoirt nó ó oibríochtaí aerfoirt gaolmhara a laghdú, ar nós seirbhísí láimhseála ar an talamh, oibríochtaí aerárthaí agus iompar paisinéirí ar talamh;

(g) bonneagar a úsáidtear chun dramhaíl ar leithligh a bhailiú, chun dramhaíl a chosc agus chun gníomhaíochtaí a dhéanamh i réimse an gheilleagair chiorclaigh; agus

(h) spásfoirt.

2. Chun a bheith mar chuid den ghréasán cuimsitheach, comhlíonfaidh aerfort ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás aerfoirt lasta, gur 0.2 % ar a laghad de mhéid bliantúil iomlán lasta aerfoirt uile an Aontais atá sa mhéid bliantúil iomlán lasta;

(b) i gcás aerfoirt paisinéirí, gur 0.1 % ar a laghad de mhéid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí aerfoirt uile an Aontais atá sa trácht bliantúil iomlán paisinéirí, ach amháin má tá an t-aerfort i dtrácht suite níos mó ná 100 km ón aerfort is gaire sa ghréasán cuimsitheach, nó níos mó ná 200 km i gcás ina bhfuil líne iarnróid ardluais sa réigiún ina bhfuil sé suite.

Tá an méid bliantúil iomlán paisinéirí agus an méid bliantúil iomlán lasta bunaithe ar mheánmhéid na dtrí bliana is deireanaí atá ar fáil, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat.

*Airteagal 34*

**Ceanglais maidir le bonneagar iompair don chroíghréasán agus don ghréasán cuimsitheach**

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh aerfoirt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair lena mbaineann méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí de bhreis is 12 mhilliún paisinéir nasctha leis an ngréasán tras-Eorpach iarnróid, lena n-áirítear an gréasán iarnróid ardluais i gcás inar féidir, lena n-éascófar seirbhísí fad-achair faoin 31 Nollaig 2040, ach amháin i gcás ina gcoisceann srianta geografacha sonracha nó srianta suntasacha fisiceacha na naisc sin;

(b) go mbeidh aerfoirt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair lena mbaineann méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí de bhreis is 4 mhilliún paisinéir agus níos lú ná 12 mhilliún paisinéir


www.parlament.gv.at

nasctha leis an ngréasán iarnróid tras-Eorpach nó, i gcás ina bhfuil an t-aerfort suite i nód uirbeach den ghréasán iarnróid tras-Eorpach nó gar dó, leis an nód uirbeach sin, d'iarnród, de mheitreo, d'iarnród éadrom, de thrambhealaí, de charr cábla nó, go heisceachtúil, de réitigh iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha eile, faoin 31 Nollaig 2050, ach amháin i gcás ina gcoisctear naisc den sórt sin mar gheall ar shrianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha;

(c) go dtairgfidh aon aerfort den ghréasán tras-Eorpach iompair ar a laghad críochfort amháin a bheidh ar oscailt do na hoibreoirí agus do na húsáideoirí uile ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus a chuirfidh muirir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm;

(d) go bhfuil feidhm ag comhchaighdeáin bhunúsacha chun eitlíocht shibhialta a chosaint ar ghníomhartha de chur isteach neamhdhleathach, mar a ghlac an tAontas iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle58, maidir leis an mbonneagar aeriompair;

(e) gurb amhlaidh atá an bonneagar um bainistiú aerthráchta le gur féidir an tAerspás Eorpach Aonair a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004, (CE) Uimh. 551/2004 agus (AE) 2018/1139, maidir le hoibríochtaí aeriompair, chun feidhmíocht agus inbhuanaitheacht an chórais eitlíochta Eorpaigh, rialacha cur chun feidhme agus sonraíochtaí an Aontais a fheabhsú;

(f) go bhfuil bonneagar breoslaí malartacha á imscaradh in aerfoirt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804; agus

(g) in aerfoirt an chroíghréasáin agus an ghréasáin chuimsithigh ina bhfuil méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí de bhreis is ceithre mhilliún paisinéir, go gcuirfear bonneagar ar fáil le haghaidh aersholáthar réamhchóirithe d'aerárthaí ina stad ag láithreacha teagmhála aerárthaigh arna n-úsáid le haghaidh oibríochtaí iompair tráchtála faoin 31 Nollaig 2030 i gcás aerfoirt an chroíghréasáin agus faoin 31 Nollaig 2040 i gcás aerfoirt an ghréasáin chuimsithigh.

58 Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).


www.parlament.gv.at

Beidh an méid bliantúil iomlán paisinéirí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (g), den chéad fhomhír bunaithe ar an meánmhéid trí bliana is deireanaí atá ar fáil ar an 18 Iúil 2024, bunaithe ar an staidreamh arna fhoilsiú ag Eurostat.

2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-mhínithe, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúintí i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a), (b) agus (g), ar fhoras srianta geografacha sonracha nó srianta suntasacha fisiceacha, sa chás nach bhfuil córas iarnróid ar an gcríoch, nó i gcás toradh diúltach ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe, nó tionchair dhiúltacha shuntasacha ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Féadfaidh Ballstáit deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 35*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh fhorbairt an bhonneagair aeriompair**

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le bonneagar aeriompair, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 12 agus in Airteagal 13, ar an méid seo a leanas:

(a) éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil na n-aerfort a mhéadú;

(b) tacú le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus córas idir-inoibritheach, go háirithe iad siúd arna bhforbairt ag tionscadal SESAR i gcomhréir leis an Máistirphlean BAT don Eoraip, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar chomhtháthú iomlán sábháilte aerfheithiclí nua le foireann agus gan foireann a áirithiú;

(c) feabhas a chur ar phróisis digiteála agus uathoibriúcháin, go háirithe d'fhonn an tsábháilteacht agus an tslándáil a mhéadú;

(d) feabhas a chur ar idirnaisc ilmhódacha idir aerfoirt agus bonneagar modhanna eile iompair, agus idir aerfoirt agus nóid uirbeacha i gcás inarb iomchuí;

(e) feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus tionchair aeráide, chomhshaoil agus thorainn a mhaolú, go háirithe trí theicneolaíochtaí nua agus nuáil, breoslaí malartacha, aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí agus bonneagar astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí agus bonneagar breoslaí malartacha eile a thabhairt isteach a chomhlíonann Rialachán (AE) 2023/1804, chomh maith le breoslaí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle59;

(f) aerfoirt an ghréasáin chuimsithigh agus an chroíghréasáin a bhfuil méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí de bhreis is 4 mhilliún paisinéir acu a nascadh leis an ngréasán agus, i gcás inarb infheidhme, le nóid uirbeacha chomhfhreagracha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, d'iarnród, de mheitreo, d'iarnród éadrom, de thrambhealaí, de charr cábla nó, go heisceachtúil, de réitigh iompair phoiblí eile astaíochtaí nialasacha; agus

(g) bonneagar a sholáthraíonn aersholáthar réamhchóirithe d'aerárthaí ina stad ag cianláithreacha agus láithreacha teagmhála sna haerfoirt den ghréasán tras-Eorpach iompair ina bhfuil méid bliantúil iomlán tráchta paisinéirí de níos lú ná 4 mhilliún paisinéir.

[59] Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj).



www.parlament.gv.at

## *ROINN 6*

### *BONNEAGAR LE HAGHAIDH CRÍOCHFOIRT LASTA ILMHÓDACHA*

*Airteagal 36*

**Críochfoirt lasta ilmhódacha a shainaithint**

1. Is críochfoirt atá ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach iad críochfoirt lasta ilmhódacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus tá siad:

(a) suite i gcalafoirt mhuirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad, nó cóngarach dóibh;

(b) suite i gcalafoirt intíre an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad, nó cóngarach dóibh;

(c) suite in aerfoirt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad; nó

(d) aicmithe mar chríochfoirt iarnróid nó críochfoirt ar uiscebhealaí intíre an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad.

2. Déanfaidh na Ballstáit a seacht ndícheall a áirithiú go mbeidh toilleadh leordhóthanach críochfoirt lasta ilmhódaigh ann le freastal ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus na sreabha tráchta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh, go háirithe sreabha tráchta lena bhfreastalaítear ar nóid uirbeacha, ar lárionaid thionsclaíocha, ar chalafoirt agus ar mhoil lóistíochta.

3. Faoin 19 Iúil 2027, déanfaidh na Ballstáit anailís mhargaidh agus anailís ionchasach ar chríochfoirt lasta ilmhódacha ar a gcríoch. Déanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, leis an anailís sin:

(a) scrúdú a dhéanamh ar shreabha tráchta lasta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, in aghaidh an mhóid iompair;

(b) críochfoirt lasta ilmhódacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair atá ann faoi láthair ar a gcríoch a shainaithint, agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le críochfoirt lasta ilmhódacha nua nó toilleadh breise trasloingsithe i gcríochfoirt atá ann cheana; agus

(c) anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí dáileadh leordhóthanach na gcríochfort lasta ilmhódach a áirithiú le toilleadh leordhóthanach trasloingsithe chun freastal ar na riachtanais a shainaithnítear i bpointe (b), agus é á chur san áireamh leis sin na críochfoirt atá suite i limistéir teorann na mBallstát comharsanach.

Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le seoltóirí, oibreoirí iompair agus lóistíochta, chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha eile a oibríonn ar a gcríoch. Cuirfidh siad torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh ina n-anailís.

Cuirfidh na Ballstáit torthaí na hanailíse in iúl don Choimisiún gan mhoill.

4. I gcás ina sainaithnítear san anailís dá dtagraítear i mír 3 an gá atá le críochfoirt lasta ilmhódacha nua nó le toilleadh breise trasloingsithe i gcríochfoirt atá ann cheana, ullmhóidh na Ballstáit plean gníomhaíochta chun gréasán críochfort lasta ilmhódach a fhorbairt, lena n-áirítear suíomhanna inar sainaithníodh na riachtanais sin.

Cuirfear an plean gníomhaíochta in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an anailís dá dtagraítear i mír 3.

Ar bhonn an phlean gníomhaíochta sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi liosta na gcríochfort iarnróid agus na gcríochfort ar uiscebhealaí intíre a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur le hIarscríbhinn I agus le hIarscríbhinn II.

5. Chun bheith ina chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair agus chun bheith ar an liosta in Iarscríbhinn II, comhlíonfaidh críochfort iarnróid nó críochfort ar uiscebhealaí intíre ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil trasloingsiú bliantúil lasta aige atá níos mó ná 800000 tona, i gcás lasta nach bulclasta é, nó níos mó ná 0,1 % den lasta bliantúil iomlán comhfhreagrach a láimhseáiltear i gcalafoirt mhuirí uile an Aontais, i gcás bulclasta;

(b) go bhfuil sé mar an bpríomhchríochfort iarnróid atá ainmnithe ag an mBallstát le haghaidh réigiún NUTS 2, i gcás nach bhfuil críochfoirt iarnróid ar bith a chomhlíonann pointe (a) sa réigiún sin de NUTS 2;


www.parlament.gv.at

(c) go bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh an Ballstát le hIarscríbhinn I agus le hIarscríbhinn II é i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.

*Airteagal 37*

**Comhpháirteanna an bhonneagair**

Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, le críochfoirt lasta ilmhódacha:

(a) bonneagar lena ndéantar na modhanna éagsúla iompair laistigh de limistéar críochfoirt nó gar dó a idirnascadh;

(b) trealamh ar nós craenacha, iompróirí, nó feistí eile trasloingsithe chun lasta a bhogadh idir modhanna iompair éagsúla agus chun lasta a shuí agus a stóráil;

(c) limistéir thiomnaithe amhail limistéar geata, limistéar idirmheánach maolánach agus feithimh, limistéar trasloingsithe agus lánaí tiomána nó luchtaithe;

(d) córais TFC don iompar atá ábhartha d'oibríochtaí éifeachtúla críochfoirt ar nós na n-oibríochtaí sin lena n-éascaítear an phleanáil toillte bonneagair, oibríochtaí iompair, naisc idir na modhanna, agus an trasloingsiú; agus

(e) bonneagar le haghaidh breoslaí malartacha.

*Airteagal 38*

**Ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de**

1. Na críochfoirt lasta ilmhódacha uile, atá ar oscailt do na hoibreoirí agus do na húsáideoirí uile ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus a chuireann muirir thrédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt intíre mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad agus i ngach críochfort iarnróid agus i ngach críochfort ar feadh uiscebhealaí intíre a shonraítear ar na léarscáileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus a liostaítear in Iarscríbhinn II, déanfaidh na Ballstáit a seacht ndícheall chun a áirithiú ar bhealach cothrom neamh-idirdhealaitheach go bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh acu:

(a) go bhfuil siad nasctha le dhá mhodh iompair ar a laghad atá ar fáil sa limistéar;


www.parlament.gv.at

(b) go bhfuil siad feistithe, faoin 31 Nollaig 2030, laistigh den chríochfort nó laistigh den fhad 3 km ón gcríochfort le stáisiún athluchtaithe amháin ar a laghad, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (52), de Rialachán (AE) 2023/1804, atá tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair, agus, i gcás inarb iomchuí, stáisiún athbhreoslaithe amháin, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (59), den Rialachán sin, a úsáidtear le haghaidh hidrigine agus atá tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair; agus

(c) go bhfuil siad feistithe le huirlisí digiteacha chun an méid seo a leanas a éascú faoin 31 Nollaig 2030:

(i) oibríochtaí éifeachtúla críochfoirt a bhféadfaidh an méid seo a bheith in áireamh leo: fótaigheataí, córas oibrithe críochfoirt, brathadóir digiteach teachta agus imeachta do thiománaithe, ceamaraí nó braiteoirí eile ar threalamh trasloingsithe chomh maith le córais ceamara cois rianta; agus

(ii) sreabha faisnéise a sholáthar laistigh de chríochfort agus idir na modhanna iompair feadh an tslabhra lóistíochta agus an críochfort atá in ann faisnéis a mhalartú le córais oscailte idir-inoibritheacha.

2. Na críochfoirt lasta ilmhódacha sin dá dtagraítear i mír 1 agus atá nasctha leis an ngréasán iarnróid agus a dhéanann trasloingsiú ingearach, déanfaidh na Ballstáit a seacht ndícheall a áirithiú ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach go bhfuil toilleadh leordhóthanach trasloingsithe acu faoin 31 Nollaig 2030 agus go bhfuil siad in ann, na cineálacha aonad luchtaithe idirmhódach craein-iniompartha seo a leanas a láimhseáil: coimeádán, cabhail shoghluaiste nó leathleantóir.

3. Na críochfoirt lasta ilmhódacha dá dtagraítear i mír (1) agus atá nasctha leis an gcroíghréasán iarnróid nó leis an gcroíghréasán iarnróid breisithe, déanfaidh na Ballstáit a seacht ndícheall a áirithiú ar bhealach cothrom neamh-idirdhealaitheach go bhfuil siad in ann freastal ar thraenacha 740 m ar fhad gan ionramháil nó, mura bhfuil sé sin inmharthana ó thaobh na heacnamúlachta de, go ndéantar bearta leordhóthanacha chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil an fhreastail ar thraenacha 740 m ar fhad faoin 31 Nollaig 2040.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le críochfoirt lasta ilmhódacha nach bhfuil nasctha ach le gréasáin iarnróid iargúlta.

4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, glacfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-mhínithe, gníomhartha cur chun feidhme lena ndeonaítear díolúintí ó na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal


www.parlament.gv.at

seo ar fhoras srianta sonracha geografacha nó srianta suntasacha fisiceacha, go háirithe i gcás ina bhfuil an críochfort suite i limistéar atá srianta ó thaobh spáis de, ar fhoras toraidh dhiúltaigh ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe, nó ar fhoras tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar míniú leordhóthanach i ndáil le haon iarraidh mar sin. Féadfaidh Ballstát deonú roinnt díolúintí a iarraidh in aon iarraidh amháin.

Measúnóidh an Coimisiún an iarraidh i bhfianaise an mhínithe a tugadh faoin gcéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil de bhun na chéad fhomhíre. Má mheasann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis arna soláthar, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát an fhaisnéis bhreise sin a fhorlíonadh laistigh de 30 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise sin a fháil.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an díolúine arna hiarraidh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó an iarraidh de bhun na chéad fhomhíre a fháil nó, i gcás inar chuir na Ballstáit lena mbaineann tuilleadh faisnéise ar fáil de bhun an tríú fomhír, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis is déanaí sin a fháil, cibé acu is déanaí. Mura ndéanann an Coimisiún cinneadh sainráite laistigh de na teorainneacha ama sin, measfar gur deonaíodh an díolúine.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 39*

**Tosaíochtaí breise d'fhorbairt an bhonneagair iompair ilmhódaigh**

Agus tionscadail leasa choitinn a bhfuil baint acu le bonneagar iompair ilmhódaigh á gcur chun cinn, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12 agus Airteagal 13, ar an méid seo a leanas:

(a) idirnascadh na modhanna éagsúla iompair a éascú;

(b) na príomhbhacainní teicniúla agus riaracháin ar iompar ilmhódach a bhaint, lena n-áirítear trí Fhaisnéis Leictreonach faoi Iompar Lastais (eFTI) a chur chun feidhme;

(c) sreabhadh rianúil faisnéise a fhorbairt chun tacú le seirbhísí iompair ar fud an chórais thras-Eorpaigh iompair;



www.parlament.gv.at

(d) an idir-inoibritheacht a éascú ar mhaithe leis an gcomhroinnt sonraí, rochtain ar shonraí agus athúsáid sonraí laistigh de na modhanna iompair agus eatarthu;

(e) a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, go mbeadh taobhlaigh agus críochfoirt lasta ilmhódacha ar an ngréasán tras-Eorpach iompair in ann traenacha atá 740 m ar fhad a láimhseáil gan ionramháil;

(f) síneadh agus leictriú a dhéanamh ar na taobhlaigh amach agus isteach, coigeartuithe ar chórais chomharthaíochta agus feabhsuithe ar chumraíocht na rianta;

(g) a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí taobhlaigh a aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1435 mm; agus

(h) bonneagar iompair ilmhódaigh a chur chun cinn lena n-éascaítear aistriú módach éifeachtach i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe.

***ROINN 7***

***NÓID UIRBEACHA***

*Airteagal 40*

**Comhpháirteanna na nód uirbeach**

1. Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, i nód uirbeach:

(a) bonneagar iompair sa nód uirbeach atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, lena n-áirítear seachbhealaí; agus

(b) pointí rochtana ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, atá ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, go háirithe calafoirt, aerfoirt, chomh maith le stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna agus críochfoirt lasta ilmhódacha.

2. Liostaítear na cathracha atá i lár gach nóid uirbigh den ghréasán tras-Eorpach iompair in Iarscríbhinn II. Chun bheith mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair agus chun bheith liostaithe in Iarscríbhinn II, beidh daonra 100000 áitritheoir nó níos mó ag nód uirbeach, nó, i gcás

nach ann do nód uirbeach mar sin i réigiún NUTS 2, is é príomhnód an réigiúin sin de NUTS 2 a bheidh mar chuid den ghréasán.

*Airteagal 41*

**Ceanglais na nód uirbeach**

1. Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á fhorbairt ag na Ballstáit i nóid uirbeacha, chun feidhmiú éifeachtach an ghréasáin ar fad a áirithiú gan scrogaill, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) infhaighteacht bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe le breoslaí malartacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804;

(b) faoin 31 Nollaig 2027:

(i) go ndéanfaí plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI) a ghlacadh, agus go ndéanfaí faireachán air, maidir le gach nód uirbeach lena n-áirítear inter alia bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú agus chun aistriú i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe, chun soghluaisteacht éifeachtúil astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear lóistíocht uirbeach, chun truailliú aeir agus truailliú torainn a laghdú agus, i gcás inarb iomchuí, chun measúnú a dhéanamh ar rochtain an úsáideora ar iompar; agus

(ii) sonraí maidir le soghluaisteacht uirbeach in aghaidh an nóid uirbigh a bhailiú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i réimsí na hinbhuanaitheachta, na sábháilteachta agus na hinrochtaineachta de réir na dtáscairí agus na modheolaíochta dá dtagraítear i mír 2;

(c) faoin 31 Nollaig 2030, go bhfuil moil paisinéirí ilmhódacha forbartha chun naisc an chéad mhíle agus an mhíle deiridh a éascú, lena n-áirítear rochtain ar bhonneagar iompair phoiblí agus ar shoghluaisteacht ghníomhach a éascú, agus atá feistithe le stáisiún athluchtaithe amháin ar a laghad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52), de Rialachán (AE) 2023/1804, atá tiomnaithe do bhusanna agus do chóistí; déanfaidh na Ballstáit scrúdú freisin ar stáisiúin athbhreoslaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (59), den Rialachán sin, a úsáidtear le haghaidh hidrigine, atá tiomnaithe do fhreastal ar bhusanna agus ar chóistí, a fhorbairt sna moil sin; agus


www.parlament.gv.at

(d) faoin 31 Nollaig 2040, go bhfuil críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad forbartha, faoi réir anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe, mura bhfuil críochfort den sórt sin ann cheana, ionas go mbeidh toilleadh leordhóthanach trasloingsithe ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó.

Féadfaidh críochfort lasta ilmhódach amháin freastal ar roinnt nóid uirbeacha agus a bheith suite sa nód uirbeach é féin nó gar dó. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

2. Agus PSUInna á nglacadh agus faireachán á dhéanamh orthu, déanfaidh na húdaráis áitiúla, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta i gcás inarb ábhartha, a seacht ndícheall chun a áirithiú go bhfuil na PSUInna i gcomhréir leis na treoirlínte in Iarscríbhinn V agus sreabha iompair tras-Eorpacha fadraoin á gcur san áireamh ag an am céanna.

Tráth nach déanaí ná an 19 Iúil 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme:

(a) lena sainítear, i líon teoranta, na táscairí atá le húsáid i gcomhair an bhailithe sonraí dá bhforáiltear faoi mhír 1, pointe (b), den Airteagal seo;

(b) lena mbunaítear modheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a thíolacadh de bhun mhír 1 den Airteagal seo; agus

(c) lena sonraítear spriocdhátaí aonair chun na sonraí sin a thíolacadh.

Tréimhse 3 go 5 bliana a shocrófar do na spriocdhátaí sin.

Ullmhófar an gníomh cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus lena n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus, nuair a bheidh an méid sin á dhéanamh, cuirfear san áireamh infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le pleananna soghluaisteachta uirbí atá ann cheana.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

3. Bunóidh an Coimisiún freisin, tráth nach déanaí ná an 19 Iúil 2025, comhéadan idirlín lena gceadófar do na húdaráis ábhartha PSUInna agus na táscairí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a thíolacadh, agus lena gcuirfear ar chumas na mBallstát a áirithiú gur tíolacadh na PSUInna agus na táscairí.

4. Faoin 19 Iúil 2025, ainmneoidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagal 8(5), pointe teagmhála náisiúnta i ndáil le PSUInna agus bunóidh siad clár náisiúnta um PSUInna a mbeidh sé d'aidhm aige tacú leis na nóid uirbeacha chun na PSUInna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), pointe (i), den Airteagal seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 42*

**Tosaíochtaí breise le haghaidh nóid uirbeacha**

Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le nóid uirbeacha, tabharfar aird, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12 agus Airteagal 13, ar an méid seo a leanas:

(a) naisc an chéad mhíle agus an mhíle deiridh idir na pointí rochtana ar an ngréasán tras-Eorpach iompair dá dtagraítear in Airteagal 40(1), pointe (b), agus chuig na pointí rochtana sin, chun feidhmíocht an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a mhéadú, mar shampla meitreonna nó trambhealaí;

(b) idirnasc gan uaim idir bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus an bonneagar le haghaidh iompar inbhuanaithe réigiúnach agus áitiúil, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a áireamh:

(i) i gcás paisinéirí, an cumas rochtain a fháil ar fhaisnéis, a dturais a chur in áirithe agus a íoc agus a dticéid a aisghabháil trí sheirbhísí soghluaisteachta digití ilmhódaí chun go mbeidh cúrsaí taistil na bhfeithiclí barrfheabhsaithe d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú na sreabh tráchta agus ar shábháilteacht ar bhóithre agus d'fhonn brú tráchta agus truailliú an aeir a laghdú; agus

(ii) i gcás lasta, saoráidí lóistíochta uirbeacha chun feabhas a chur ar chomhdhlúthú an tseachadta i limistéir uirbeacha, ar nós micreamhol agus moil lóistíochta timthrialla, go háirithe iad siúd atá nasctha le bonneagar iompair iarnróid agus uisce;

(c) idirnascadh inbhuanaithe, gan uaim agus sábháilte an bhonneagair iompair paisinéirí idir iarnróid, bóithre agus, de réir mar is iomchuí, uiscebhealaí intíre, aer agus bonneagar muirí, lena n-áirítear bonneagar do mhodhanna gníomhacha a chomhtháthú, go háirithe agus bonneagar iompair á thógáil nó á uasghrádú;


www.parlament.gv.at

(d) idirnascadh inbhuanaithe, gan uaim agus sábháilte an bhonneagair iompair lasta idir iarnróid, bóithre agus, de réir mar is iomchuí, uiscebhealaí intíre, aer agus bonneagar muirí chomh maith le naisc iomchuí le hardáin agus saoráidí lóistíochta;

(e) éifeachtaí diúltacha an iompair idirthurais iarnróid agus bóthair ar limistéir uirbeacha a mhaolú;

(f) iompar agus soghluaisteacht éifeachtúil, ísealtorainn, astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear glasú na bhflíteanna uirbeacha i gcomhair paisinéirí agus lasta;

(g) i gcás inarb iomchuí, méadú ar sciar módach an iompair phoiblí agus ar na modhanna gníomhacha trí bhearta chun soghluaisteacht paisinéirí a threorú go príomha i bhfabhar na modhanna sin, lena n-áirítear bonneagar sábháilte agus slán do mhodhanna gníomhacha;

(h) seachadadh éifeachtúil, ísealtorainn, ísealcharbóin lasta i limistéir uirbeacha a chur chun cinn;

(i) i gcás inarb iomchuí, inrochtaineacht agus nascacht a mhéadú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe, agus rochtain ar iompar cliste, inbhuanaithe, inacmhainne; agus

(j) bearta nithiúla a ghlacadh lena gcothófar imscaradh níos leithne uirlisí TFC agus córas cliste iompair, a mbeidh rochtain oscailte orthu ag na hoibreoirí uile, le gur féidir cúrsaí taistil a bharrfheabhsú d'fheithiclí d'fhonn bainistiú na sreabh tráchta a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, truailliú an aeir agus an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, chomh maith le faisnéis fíor-ama a chur ar fáil maidir le bonneagar breoslaí malartacha atá ar fáil.

## CAIBIDIL IV

## *FORÁLACHA LE HAGHAIDH IOMPAR CLISTE ATHLÉIMNEACH*

*Airteagal 43*

### Córais TFC don iompar

1. Beidh na córais TFC don iompar de chineál trína mbeifear in ann bainistiú toillte agus tráchta agus malartú faisnéise a dhéanamh laistigh de na modhanna iompair agus eatarthu, le haghaidh oibríochtaí iompair ilmhódaigh agus seirbhísí breisluacha i ndáil leis an iompar,


www.parlament.gv.at

feabhsuithe ar an athléimneacht, ar an tsábháilteacht, ar an tslándáil, ar an bplódú agus ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil agus chomhshaoil, agus le haghaidh nósanna imeachta simplithe riaracháin. Déanfaidh na córais TFC don iompar gur fusa a bheidh an nascadh gan uaim idir an bonneagar agus na sócmhainní soghluaiste.

2. Déanfar na córais TFC seo a leanas don iompar a imscaradh i gcomhréir le forálacha sonracha a leagtar síos i ndlí an Aontais agus laistigh de theorainneacha na bhforálacha sin, ar fud an Aontais, chun a áirithiú go mbeidh tacar bunchumas idir-inoibritheach i ngach Ballstát:

(a) i gcás iarnród: an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta agus paisinéirí dá dtagraítear sa tSonraíocht Theicniúil don Idir-inoibritheacht, go háirithe aschur ó Shift2Rail agus ón gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa;

(b) i gcás uiscebhealaí intíre: seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS);

(c) i gcás iompair de bhóthar: CCI;

(d) i gcás iompair mhuirí: le haghaidh seirbhísí um bainistiú an tráchta soithí, VTMIS, agus le haghaidh malartú faisnéise, EMSWe;

(e) i gcás aeriompair: na córais BAT/SAL, go háirithe córais an tionscadail SESAR; agus

(f) i gcás iompair ilmhódaigh: eFTI.

3. Féadfaidh na Ballstáit córais TFC eile don iompar a chur chun cinn freisin, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach comhordaithe, comhchuibhithe ar an ngréasán tras-Eorpach iompair. Féadfar a áireamh orthu sin feabhsuithe digiteála d’iarnróid, Spás an Aontais do Shonraí Soghluaisteachta a chur chun cinn agus creataí lena n-éascaítear malartú sonraí gnó le gnó, i gcás ina mbunaíonn an tAontas iad, ar mhaithe le trédhearcacht agus barrfheabhsú an tslabhra soláthair, agus bonneagar iomchuí TFC lena gceadaítear forfheidhmiú cliste bunaithe ar mhalartú sonraí fíor-ama idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis forfheidhmiúcháin atá riachtanach chun comhlíonadh na gceanglas rialála is infheidhme a sheiceáil, lena n-áirítear le linn d’fheithiclí a bheith ag gluaiseacht.

*Airteagal 44*

**Seirbhísí inbhuanaithe iompair lasta**

Cuirfidh na Ballstáit tionscadail leasa choitinn chun cinn a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtúla iompair lasta a úsáideann bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus a rannchuidíonn le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus iarmhairtí diúltacha eile comhshaoil agus socheacnamaíocha a laghdú, ar nós truailliú aeir agus truailliú torainn, agus arb é is aidhm dóibh:

(a) úsáid inbhuanaithe an bhonneagair iompair a fheabhsú lena n-áirítear trí é a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil;

(b) úsáid seirbhísí iompair nuálacha a chur chun cinn, lena n-áirítear naisc loingseoireachta gearrthurais i gcreat an Spáis Mhuirí Eorpaigh, córais TFC don iompar agus forbairt an bhonneagair choimhdigh is gá chun spriocanna na seirbhísí sin ar i réimse an chomhshaoil agus na sábháilteachta is mó iad, a bhaint amach;

(c) oibríochtaí seirbhísí an iompair ilmhódaigh a éascú, lena n-áirítear na sreabha faisnéise riachtanacha a ghabhann leo, agus comhar idir rannpháirtithe an tslabhra lóistíochta a fheabhsú, lena n-áirítear seoltóirí, oibreoirí, soláthraithe seirbhíse agus a gcustaiméirí;

(d) éifeachtúlacht acmhainní agus oibriú le hastaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a spreagadh, go háirithe i réimsí na dteicneolaíochtaí, na n-oibríochtaí, tharraingt na bhfeithiclí, na tiomána/an ghalbhruithe, phleanáil na gcóras agus na n-oibríochtaí; nó

(e) naisc leis na codanna sin den Aontas is leochailí agus is iargúlta a fheabhsú, go háirithe leis na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánda, imeallacha agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra agus seirbhísí tráthrialta agus minice a chur chun cinn.

*Airteagal 45*

**Teicneolaíochtaí nua agus an nuáil**

Ionas go mbeidh an gréasán tras-Eorpach iompair in ann coinneáil suas le forbairtí nuálacha teicneolaíocha agus lena n-imscaradh, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, ar bhealach comhordaithe, tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu go háirithe:

(a) tacú le dícharbónú an iompair, agus dícharbónú an iompair a chur chun cinn, trí aistriú chuig feithiclí, traenacha, soithí agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí


www.parlament.gv.at

arna gcumhachtú le breoslaí malartacha agus chuig teicneolaíochtaí iompair agus gréasáin eile atá nuálach agus inbhuanaithe;

(b) teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn ar mhaithe le hiompar agus soghluaisteacht paisinéirí agus lasta a fheabhsú agus a éascú;

(c) dícharbónú na modhanna iompair uile a fheabhsú tríd an éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh, réitigh astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí arna gcumhachtú le breoslaí malartacha a thabhairt isteach, agus an bonneagar comhfhreagrach a sholáthar, i gcás inar féidir sin trí shineirgí leis an ngréasán tras-Eorpach fuinnimh;

(d) tacú le glacadh agus imscaradh teicneolaíochtaí digiteacha nua, go háirithe an malartú sonraí agus an bonneagar nascachta le clúdach gan bhriseadh ar fud an ghréasáin a chur chun cinn chun an leibhéal agus an fheidhmíocht is airde bonneagair dhigitigh a áirithiú agus chun leibhéil níos airde uathoibriúcháin a bhaint amach, agus béim ar leith á leagan ar an earnáil iarnróid;

(e) sábháilteacht agus inbhuanaitheacht gluaiseacht daoine agus iompar earraí a fheabhsú;

(f) oibriú, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin a fheabhsú, lena n-áirítear trí sheirbhísí soghluaisteachta digití ilmhódaí a fhorbairt amhail réitigh 'Shoghluaisteachta ar Éileamh' a fhorbairt;

(g) bealaí éifeachtúla a chur chun cinn chun faisnéis inrochtana intuigthe a chur ar fáil do na húsáideoirí agus do na soláthraithe seirbhísí iompair uile maidir le hidirnaisc, idir-inoibritheacht agus ilmhódúlacht agus maidir le tionchair a roghanna iompair ar an gcomhshaol;

(h) bearta a chur chun cinn chun seachtrachtaí diúltacha a laghdú, ar nós brú tráchta, dochar don tsláinte agus truailliú de shaghas ar bith, lena n-áirítear torann, agus astaíochtaí;

(i) teicneolaíocht slándála a thabhairt isteach;

(j) feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh suaitheadh agus an athraithe aeráide trí uasghrádú agus dearadh bonneagair, chomh maith le réitigh dhigiteacha atá cibearshlán arb é is aidhm dóibh an gréasán a chosaint i gcomhthéacs tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine; agus


www.parlament.gv.at

(k) forbairt agus úsáid córas TFC don iompar agus teicneolaíochtaí nua don iompar a chur chun cinn a thuilleadh sna modhanna iompair agus idir na modhanna iompair.

Chun críocha phointe (c) den chéad mhír, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist le bonneagar iompair comhfhreagrach:

(i) go bhféadfaí rochtain ar an eangach, píblínte agus saoráidí eile is gá le haghaidh an tsoláthair fuinnimh a áireamh leis;

(ii) go gcuirfí an comhéadan bonneagair-feithicle san áireamh, lena n-áirítear athluchtú cliste déthreoch;

(iii) go bhféadfaí córais TFC don iompar a áireamh leis;

(iv) go mbeadh sé mar mhol fuinnimh le freastal ar mhodhanna éagsúla iompair, chun táirgeadh áitiúil fuinnimh ghlain a nascadh le feidhmeanna soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha; agus

(v) go rannchuideodh sé freisin le teicneolaíochtaí eile a imscaradh, dlús á chur mar sin le dícharbónú an gheilleagair.

*Airteagal 46*

**Athléimneacht an bhonneagair**

1. Agus tionscadail leasa choitinn á bpleanáil agus á gcur chun feidhme, déanfaidh na Ballstáit gach iarracht iomchuí chun feabhas a chur ar shlándáil agus athléimneacht an bhonneagair i leith an athraithe aeráide, guaiseacha nádúrtha, bagairtí hibrideacha, tubaistí de dhéantús an duine, tionóiscí agus idirbhristeacha oibríochtúla, chomh maith le suaitheadh arna dhéanamh d’aon ghnó a mbíonn éifeacht aige ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais. Go háirithe, tabharfar aird ar an méid seo a leanas:

(a) idirspleáchais, nascachtaí agus éifeachtaí cascáideacha le gréasáin eile ar nós an ghréasáin teileachumarsáide agus leictreachais;

(b) sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht i bhfianaise guaiseacha iomadúla;


www.parlament.gv.at

(c) cáilíocht bonneagair struchtúraigh feadh a shaolré ina iomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí comhshaoil agus na dálaí aeráide a mheastar a bheidh ann amach anseo;

(d) ní mór don chosaint shibhialta freagairt don suaitheadh, lena n-áirítear suaitheadh ar iompar earraí contúirteacha; agus

(e) cibearshlándáil agus athléimneacht an bhonneagair, agus aird ar leith á tabhairt ar bhonneagar trasteorann.

2. Tionscadail leasa choitinn nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ina leith i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE, beidh na tionscadail sin faoi réir a ndíonta ó thaobh na haeráide de. Déanfar an díonadh ó thaobh na haeráide agus an dea-chleachtas agus an treoraíocht is déanaí atá ar fáil á gcur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an bonneagar iompair athléimneach in aghaidh dhrochthionchair an athraithe aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca i leith na haeráide a dhéanamh air, agus trí chostais na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhtháthú san anailís costais is tairbhe. Gan dochar do ghníomhartha eile de chuid an Aontais, níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le tionscadail a bhfuil tús curtha le próiseas soláthair an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith faoin 18 Iúil 2024.

3. Faoin 19 Iúil 2026, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, measúnú ar athléimneacht agus leochaileacht an chroíghréasáin i leith iarmhairtí an athraithe aeráide, a bhféadfaidh sé dea-chleachtais a ullmhú agus a chur ar fáil go poiblí ar a bhonn maidir le bearta oiriúnaithe féideartha chun athléimneacht an ghréasáin a áirithiú.

*Airteagal 47*

**Rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí**

1. Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht is féidir chun a áirithiú go ndéantar bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chosaint ar rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí, trí mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí féideartha don tslándáil nó don ord poiblí ag eascairt as gnóthas tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadal leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leis.

2. Agus cinneadh á dhéanamh an dócha go mbeadh éifeacht ar an mbonneagar ó thaobh na slándála nó an oird phoiblí de mar gheall ar ghnóthas tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadal leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leis, féadfaidh na Ballstáit na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith aige sin ar an méid seo a leanas, inter alia, a mheas:

(a) soláthar na n-ionchur is riachtanach do thógáil, oibriú agus cothabháil an bhonneagair; agus

(b) an rochtain ar fhaisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí pearsanta, nó an cumas an fhaisnéis sin a rialú in éineacht le tógáil, oibriú agus cothabháil an bhonneagair.

Féadfaidh na Ballstáit, go háirithe, na tosca a liostaítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2019/452 a chur san áireamh freisin.

3. Gan dochar do Rialachán (AE) 2019/452, ná do gach Ballstát ar orthu féin amháin atá an fhreagracht as a slándáil náisiúnta, mar a fhoráiltear in Airteagal 4(2) CAE, ná do cheart gach Ballstáit a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE, aon uair a mheasann Ballstát gur dócha go mbeadh éifeacht ar bhonneagar ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh na slándála nó an oird phoiblí de, mar gheall ar ghnóthas tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadal leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leis, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas faoi aon bhearta iomchuí arna nglacadh chun an riosca sin a mhaolú.

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le duine nádúrtha a bheith rannpháirteach i dtionscadal leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leis, lena n-áirítear duine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí, laistigh de ghnóthas tríú tír, ar feadh tréimhse áirithe ama, do dhuine eile agus faoina stiúradh, agus luach saothair á fháil ag an duine nádúrtha sin mar chúiteamh orthu.

*Airteagal 48*

**Soghluaisteacht mhíleata**

1. Agus bonneagar á thógáil nó á uasghrádú ar na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a fhorluíonn leis an ngréasán iompair mhíleata a shainaithnítear sna 'Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas' a d'fhormheas an Chomhairle an 26 Meitheamh 2023 agus an 23 Deireadh Fómhair 2023 agus in aon doiciméad lena n-athbhreithnítear na ceanglais sin arna fhormheas ina dhiaidh sin, breithneoidh na Ballstáit a riachtanaí, a ábhartha agus a indéanta a bheadh sé dul níos faide ná na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán seo, chun freastal ar mheáchan, méid nó scála iompair mhíleata trúpaí agus ábhair.

2. Faoin 19 Iúil 2025 agus ceanglais bhunreachtúla na mBallstát á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún staidéar chun féidearthachtaí a shainaithint i ndáil le gluaiseachtaí mórscála ar

gearrfhógra ar fud an Aontais, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht mhíleata. Le linn an staidéir sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit.

*Airteagal 49*

**Cothabháil agus saolré an tionscadail**

Gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit i ndáil le cothabháil an bhonneagair a phleanáil, a mhaoiniú agus a bhainistiú agus gan dochar do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh na Ballstáit gach iarracht is féidir chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéanfar bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chothabháil ar bhealach lena soláthróidh sé, le linn a shaolré, ardleibhéal seirbhíse agus sábháilteachta atá oiriúnaithe don sreabhadh tráchta, agus go ndéanfar riachtanais chothabhála choisctheacha, feabhsuithe ar a athléimneacht agus na costais mheasta thar shaolré an bhonneagair a chur san áireamh le linn chéim pleanála na tógála nó an uasghrádaithe;

(b) pleanáil chothabhála fhadtéarmach do bhóithre agus, i gcás inarb ábhartha, do bhonneagar na n-uiscebhealaí intíre; agus

(c) comhsheasmhacht idir na riachtanais chothabhála agus athnuachana i gcás bonneagar iarnróid a bhaineann le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus na straitéise táscaí forbartha bonneagair iarnróid dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 2012/34/AE agus an chomhaontaithe chonarthaigh dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2012/34/AE.

*Airteagal 50*

**Inrochtaineacht do gach úsáideoir**

Leis an mbonneagar tras-Eorpach iompair beifear in ann soghluaisteacht gan uaim agus inrochtaineacht a chur ar fáil do na húsáideoirí uile, go háirithe:

(a) daoine atá faoi bhochtaineacht iompair nó atá leochaileach, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; agus

(b) daoine atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin iargúlta, tuaithe, oileánacha, imeallacha, agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir ar tearc a ndaonra.

## CAIBIDIL V

## *CUR CHUN FEIDHME IONSTRAIMÍ NA GCONAIRÍ IOMPAIR EORPACHA AGUS TOSAÍOCHTAÍ COTHROMÁNACHA*

*Airteagal 51*

**Ionstraim na gConairí Iompair Eorpacha agus tosaíochtaí cothrománacha**

1. Is ionstraim iad na Conairí Iompair Eorpacha chun cur chun feidhme comhordaithe na gcodanna sin de chroíghréasán agus de chroíghréasán breisithe an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a éascú agus tá sé i gceist leo, go háirithe, naisc thrasteorann a fheabhsú, naisc atá in easnamh a chur isteach agus scrogaill a bhaint laistigh den Aontas agus, i gcás inarb iomchuí, naisc le gréasán tras-Eorpach iompair na dtíortha comharsanacha a fheabhsú.

2. Chun iompar ilmhódach atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach agus chun rannchuidiú le comhtháthú trí chomhar críochach feabhsaithe, beidh na Conairí Iompair Eorpacha dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) an comhtháthú módach, go háirithe d'fhonn na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol a láidriú, go háirithe an t-iarnród, uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais;

(b) idir-inoibritheacht agus leanúnachas an ghréasáin;

(c) forbairt chomhordaithe an bhonneagair do gach modh iompair, go háirithe i stráicí trasteorann, go háirithe d'fhonn córas lasta iarnróid idir-inoibritheach a fhorbairt mar aon le gréasán iarnróid fad-achair paisinéirí, lena n-áirítear ar ardluas, ar fud an Aontais, agus d'fhonn comhtháthú éifeachtúil inbhuanaithe an bhonneagair uiscebhealaí intíre agus mhuirí le modhanna eile iompair a áirithiú;

(d) tacú le forbairt chomhordaithe chomhtháite a dhéanamh ar réitigh nuálacha do dhigiteáil agus idir-inoibritheacht an iompair agus lena n-imscaradh; agus

(e) imscaradh bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn.



www.parlament.gv.at

3. Le Conairí Iompair Eorpacha, cuirfear ar chumas na mBallstát cur chuige comhordaithe agus sioncrónaithe a bhaint amach maidir le hinfheistíocht i mbonneagar.

4. Is iad ERTMS agus an Spás Muirí Eorpach an dá thosaíocht chothrománacha i dtaca le cur chun feidhme an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Na hionstraimí arna mbunú i gcomhréir leis an gCaibidil seo, éascóidh siad imscaradh tráthúil ERTMS agus comhtháthú an bhonneagair agus na seirbhísí muiriompair isteach sa ghréasán tras-Eorpach iompair.

*Airteagal 52*

**Comhordú na gConairí Iompair Eorpacha agus tosaíochtaí cothrománacha**

1. Chun cur chun feidhme comhordaithe na gConairí Iompair Eorpacha, ERTMS agus an Spáis Mhuirí Eorpaigh a éascú, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, agus tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus, i gcás inarb iomchuí, leis na tíortha comharsanacha ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha iad, Comhordaitheoir Eorpach amháin a ainmniú le haghaidh gach Conaire agus gach tosaíochta cothrománaí.

2. Roghnófar an Comhordaitheoir Eorpach, go háirithe, ar bhonn an eolais atá aige nó aici ar chúrsaí a bhaineann le hiompar, le mórthionscadail a mhaoiniú nó le meastóireacht a dhéanamh orthu ó thaobh na socheacnamaíochta agus an chomhshaoil de, chomh maith leis an taithí atá aige nó aici ar cheapadh beartas an Aontais. Roghnófar an Comhordaitheoir Eorpach le haghaidh téarma 4 bliana ar a laghad, tréimhse a fhéadfar a athnuachan. Bainfidh sainchúram an Chomhordaitheora Eorpaigh le cur chun feidhme conaire amháin nó tosaíochta cothrománaí amháin.

3. Sonrófar sa chinneadh ón gCoimisiún lena n-ainmneofar an Comhordaitheoir Eorpach an chaoi a bhfuil na cúraimí dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7 le cur i gcrích.

4. Gníomhóidh an Comhordaitheoir Eorpach in ainm an Choimisiúin agus thar a cheann, agus cuirfidh an Coimisiún an cúnamh rúnaíochta is gá ar fáil.

5. Déanfaidh na Comhordaitheoirí Eorpacha an méid seo a leanas:

(a) tacóidh siad le cur chun feidhme comhordaithe na Conaire Iompair Eorpaí nó na tosaíochta cothrománaí lena mbaineann;

(b) déanfaidh siad plean oibre a tharraingt suas i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha iad agus déanfaidh siad faireachán ar a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 54;

(c) rachaidh siad i gcomhairle le Fóram na Conaire nó leis an bhfóram comhchomhairleach maidir leis na tosaíochtaí cothrománacha, faoi seach, i ndáil leis an bplean oibre sin agus lena chur chun feidhme agus cuirfidh siad an Fóram ar an eolas go tráthrialta maidir le cur chur chun feidhme an phlean oibre;

(d) tuairisceoidh siad do na Ballstáit, do na tíortha comharsanacha ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha iad, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún agus, de réir mar is iomchuí, do na heintitis eile go léir a bhfuil baint dhíreach acu le forbairt na Conaire Iompair Eorpaí nó na tosaíochta cothrománaí faoi aon deacracht a bheadh ann agus, go háirithe tráth a bhíonn bac á chur ar fhorbairt conaire nó tosaíochta cothrománaí, d'fhonn cuidiú chun teacht ar réitigh iomchuí; agus

(e) déanfaidh siad tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstát lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gConairí Iompair Eorpacha agus na dtosaíochtaí cothrománacha; leis an tuarascáil stádais bhliantúil sin, díreofar ar an dul chun cinn atá déanta ar na príomhthosaíochtaí agus na príomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc ar chineál na bhfadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme, agus molfar réitigh fhéideartha in leith.

6. Gan dochar d’inniúlachtaí an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus d’inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú, comhoibreoidh Comhordaitheoirí Eorpacha na gConairí Iompair Eorpacha i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus leis an rialachas lasta iarnróid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cuidiú chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint d’iompar lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha, agus na tairbhí a chuirtear ar fáil don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach sa Rialachán seo á gcur san áireamh; agus

(b) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, ar nós bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha.

7. Déanfaidh Comhordaitheoirí Eorpacha na gConairí Iompair Eorpacha an méid seo a leanas:

(a) comhoibriú go dlúth leis na Ballstáit lena mbaineann chun cuidiú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta do línte paisinéirí iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha a shainaithint; agus

(b) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, ar nós bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha.

8. Comhoibreoidh Comhordaitheoirí Eorpacha na gConairí Iompair Eorpacha go dlúth leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre a éascú, i gcás inarb ábhartha, d'fhonn a sineirgí a mhéadú.

9. De bhun Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2021/1153, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhordaitheoir Eorpach le linn do scrúdú a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún ar iarratais ar chistiú ón Aontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) le haghaidh Conairí Iompair Eorpacha nó tosaíochtaí cothrománacha laistigh den sainordú atá ag an gComhordaitheoir Eorpach, chun comhsheasmhacht agus cur chun cinn gach conaire nó tosaíochta cothrománaí a áirithiú, agus nascacht an ghréasáin á cur san áireamh ag an am céanna. Fíoróidh an Comhordaitheoir Eorpach an bhfuil tionscadail arna moladh ag na Ballstáit, nó ag tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, do chomhchistiú SCE comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre dá dtagraítear i mír 5, pointe (b), den Airteagal seo.

10. Mura bhféadann an Comhordaitheoir Eorpach a shainordú nó a sainordú a chur i gcrích go sásúil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann, an sainordú sin a fhoirceannadh. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina chinneadh agus ainmneoidh sé Comhordaitheoir Eorpach nua i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 53*

**Rialachas na gConairí Iompair Eorpacha agus tosaíochtaí cothrománacha**

1. I gcás gach Conaire Iompair Eorpaí agus gach tosaíochta cothrománaí, beidh ardrúnaíocht agus fóram comhchomhairleach, is iad sin 'Fóram na Conaire' agus 'an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na tosaíochta cothrománaí' de chúnamh ag an gComhordaitheoir Eorpach faoi seach agus a chuid nó a cuid cúraimí maidir leis an bplean oibre agus a chur chun feidhme á gcur i gcrích aige nó aici.

2. Is é nó í an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh 'Fóram na Conaire' go foirmiúil agus a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air. Tiocfaidh na Ballstáit lena mbaineann ar chomhaontú maidir le ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcuid féin den Chonair Iompair Eorpach, áiritheoidh siad go ndéantar ionadaíocht ar an rialachas lasta iarnróid, agus cabhróidh siad le go mbeidh ionadaíocht ag bainisteoirí bonneagair ábhartha eile, ar nós údaráis agus rialachas na gcalafort muirí agus intíre.

3. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na tíortha comharsanacha ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha iad maidir le ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcodanna féin den Chonair Iompair Eorpach.

4. I gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha na gconairí a bhunú agus féadfaidh sé nó sí a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach orthu, ar meithleacha iad a bheidh dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) idir-inoibritheacht agus imscaradh teicneolaíochtaí nua agus bonneagair nua;

(b) tionscadail bhonneagair a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe ag stráicí trasteorann;

(c) seirbhísí iarnróid trasteorann do phaisinéirí;

(d) scrogaill oibríochtúla;

(e) nóid uirbeacha;

(f) comhar le tríú tíortha; agus

(g) ábhair eile a mheastar a bheith riachtanach.



www.parlament.gv.at

I gcás inarb ábhartha, comhoibreoidh an Comhordaitheoir Eorpach leis an rialachas lasta iarnróid agus déanfaidh sé nó sí gníomhaíochtaí na meithleacha a chomhordú leis chun dúbláil oibre a sheachaint.

5. Is é nó í an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na tosaíochta cothrománaí agus a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air. Na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann agus le hionadaithe na dtíortha comharsanacha lena mbaineann agus na n-earnálacha ábhartha, beidh siad in ann páirt a ghlacadh san Fhóram comhchomhairleach le haghaidh na tosaíochta cothrománaí. Ainmneoidh gach Ballstát ionadaí freagrach náisiúnta amháin a bhfuil baint aige nó aici le comhordú imscaradh ERTMS sa Bhallstát sin chun freastal ar Fhóram comhchomhairleach ERTMS. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha ad hoc a chur ar bun freisin.

6. Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann leis an gComhordaitheoir Eorpach, glacfaidh siad páirt i bhFóram na Conaire agus san Fhóram comhchomhairleach le haghaidh na tosaíochta cothrománaí agus tabharfaidh siad an fhaisnéis is gá chun na cúraimí a leagtar síos san Airteagal seo a chur i gcrích don Chomhordaitheoir Eorpach, lena n-áirítear faisnéis faoi chonairí a fhorbairt sna pleananna agus sna cláir náisiúnta ábhartha a rannchuidíonn le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh Iompair.

7. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach dul i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, maidir le cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2021/1187, féadfar dul i gcomhairle leis na húdaráis ainmnithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), den Treoir sin. Ina theannta sin, oibreoidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60] agus leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa, agus oibreoidh an Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar

[60] Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).



www.parlament.gv.at

leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle61.

*Airteagal 54*

**Plean oibre an Chomhordaitheora Eorpaigh**

1. Déanfaidh gach Comhordaitheoir Eorpach um na Conairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha plean oibre a tharraingt suas, ar a dhéanaí faoin 19 Iúil 2026 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, ina mbeidh anailís mhionsonraithe ar staid chur chun feidhme na conaire nó na tosaíochta cothrománaí faoina inniúlacht nó faoina hinniúlacht, agus faoina mhéid atá ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh acu, mar aon leis na tosaíochtaí i dtaca lena bhforbairt amach anseo.

2. Déanfar an plean oibre a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, na tíortha comharsanacha ar cuid den Chonair Iompair Eorpach iad, agus i gcomhairle le Fóram na Conaire agus leis an rialachas lasta iarnróid, nó le Fóram comhchomhairleach na tosaíochta cothrománaí. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann plean oibre Conaire Iompair Eorpaí a fhormheas. Rachfar i gcomhairle le tíortha comharsanacha ar cuid de Chonair Eorpach iad. Cuirfidh an Coimisiún an plean oibre faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar fhaisnéis.

Agus an plean oibre á dhréachtú aige nó aici, cuirfidh an Comhordaitheoir Eorpach an plean cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 san áireamh.

3. Leis an bplean oibre le haghaidh na Conaire Iompair Eorpaí, cuirfear anailís mhionsonraithe ar fáil ar staid chur chun feidhme na conaire lena mbaineann, lena n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) cur síos ar shaintréithe na conaire, go háirithe na stráicí trasteorann;

(b) anailís ar a mhéid a chomhlíonann an chonair na ceanglais ó thaobh an bhonneagair iompair de atá sa Rialachán seo agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis sin, lena n-áirítear aon mhoilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann;

61 Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).


www.parlament.gv.at

(c) sainaithint na nasc atá in easnamh agus na scrogall a chuireann bac ar fhorbairt na conaire, agus aird ar leith á tabhairt ar na stráicí trasteorann;

(d) anailís ar na hinfheistíochtaí is gá, lena n-áirítear na foinsí éagsúla maoiniúcháin agus cistiúcháin a gealladh nó a beartaíodh, nó a gealladh agus a beartaíodh, araon, chun na tionscadail is gá le haghaidh fhorbairt agus chríochnú na conaire a chur chun feidhme, go háirithe i stráicí trasteorann;

(e) cur síos ar na réitigh fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar na hinfheistíochtaí riachtanacha agus ar na scrogaill, go háirithe le haghaidh línte paisinéirí agus lasta agus naisc na conaire, d'fhonn na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh;

(f) plean, a bhféadfadh garspriocanna táscacha idirmheánacha a bheith ann, chun bacainní fisiceacha, teicniúla, digiteacha, oibríochtúla agus riaracháin idir modhanna iompair agus laistigh díobh a bhaint agus chun iompar ilmhódach éifeachtúil inrochtana a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar iarnród agus a stráicí trasteorann agus ar na naisc náisiúnta atá in easnamh.

Chun anailís a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí agus chun an plean a ullmhú, déanfaidh an Comhordaitheoir Eorpach an méid seo a leanas:

(i) pleananna náisiúnta agus cláir náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 60(1) den Rialachán seo a chur san áireamh;

(ii) comhoibriú le bord feidhmiúcháin agus le bord bainistíochta na conaire i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 maidir leis na gnéithe a bhaineann le lasta iarnróid;

(iii) gnéithe atá ábhartha don chonair den anailís agus de na pleananna gníomhaíochta a d'fhorbair na Ballstáit de bhun Airteagal 36(4) den Rialachán seo agus den liosta dá dtagraítear in Airteagal 18, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 a chur san áireamh maidir leis na gnéithe a bhaineann leis na críochfoirt lasta ilmhódacha;

(iv) torthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 52(7), pointe (b), a chur san áireamh maidir leis an ngné a bhaineann le seirbhísí paisinéirí; agus


www.parlament.gv.at

(v) moltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus obair na n-údarás ainmnithe mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2021/1187 a chur san áireamh;

(g) torthaí an fhaireacháin ar fheidhmíocht tráchta lasta iarnróid a rinne an rialachas lasta iarnróid i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus liosta cuspóirí, spriocanna agus beart na conaire a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010, mar bhealach chun tosaíochtaí oibríochtúla Airteagal 19 den Rialachán seo a bhaint amach;

(h) sainaithint na mbeart i nóid uirbeacha, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus leis na pointí teagmhála náisiúnta PSUI, ar féidir leo rannchuidiú le feidhmiú éifeachtach an iompair lasta agus paisinéirí ar an gconair agus le cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, agus iad i gcomhréir le PSUInna ábhartha ag an am céanna;

(i) sainaithint tosaíochtaí d'fhorbairt na conaire, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann;

(j) anailís ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar an mbonneagar agus, i gcás inarb iomchuí, bearta a mholtar chun athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a fheabhsú; agus

(k) bearta atá le glacadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa, torann agus, de réir mar is iomchuí, seachtrachtaí diúltacha eile a mhaolú.

4. Déanfaidh an Comhordaitheoir Eorpach tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí agus inarb ábhartha, do thíortha comharsanacha agus an plean oibre á chur chun feidhme acu, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tosaíochtaí a shocrú sa phleanáil náisiúnta, trí chuidiú le fadhbanna cur chun feidhme agus na scrogaill a shainaithint, lena n-áirítear saincheisteanna oibríochtúla, ar gach conair nó le haghaidh gach tosaíochta cothrománaí;

(b) pleanáil na dtionscadal agus na n-infheistíochtaí, na costais a bhaineann leo sin agus an amlíne cur chun feidhme a mheastar chun na Conairí Iompair Eorpacha nó an tosaíocht chothrománach a chur chun feidhme; agus

(c) an obair sa chomhlacht maoirseachta nó i gcomhlacht comhchosúil stiúrtha de chuid eintiteas aonair, i gcás inarb ábhartha, chun tionscadail bhonneagair trasteorann a chomhordú, a thógáil nó a bhainistiú, i gcomhréir le hAirteagal 8(6).

*Airteagal 55*

**Gníomhartha cur chun feidhme**

1. Gan dochar d'Airteagal 8(5) den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún, faoi réir formheas a fháil ó na Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 172, an dara mír, CFAE, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun gach Conair Iompair Eorpach a chur chun feidhme, lena gcumhdaítear a príomhstráicí trasteorann, chomh maith le líon teoranta tionscadal sonrach eile ar stráicí náisiúnta atá ríthábhachtach d'fheidhmiú na Conaire chun naisc atá in easnamh a chur chun feidhme nó chun mórscrogaill a bhaint. Beidh roghnú na dtionscadal atá le cur san áireamh sna gníomhartha cur chun feidhme bunaithe ar an anailís mar a comhaontaíodh leis na Ballstáit í sa chéad phlean oibre de chuid na gComhordaitheoirí Eorpacha arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 54 den Rialachán seo. Is é is aidhm do na gníomhartha cur chun feidhme socrú comhleanúnach tosaíochtaí a áirithiú le haghaidh pleanáil bhonneagair agus infheistíochta trí gharspriocanna táscacha a bhunú agus an amlíne ionchais a bhunú do chur chun feidhme na dtionscadal sainaitheanta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme a tharraingt suas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus tabharfar cothrom le dáta iad gach 4 bliana nó arna iarraidh sin do na Ballstáit sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

2. Gan dochar d'Airteagal 8(5) den Rialachán seo, agus faoi réir formheas a fháil ó na Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 172, an dara mír, CFAE, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun stráicí trasteorann a chur chun feidhme, nó chun na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme a tharraingt suas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus tabharfar cothrom le dáta iad gach 4 bliana nó arna iarraidh sin do na Ballstáit sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).


www.parlament.gv.at

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a leasú chun an dul chun cinn atá déanta, moilleanna a tharla nó nuashonruithe ar na cláir náisiúnta a chur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

4. Go dtí go mbeidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo curtha chun feidhme go hiomlán, agus mura bhforáiltear a mhalairt sna gníomhartha cur chun feidhme sin, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann tuarascáil a chur in iúl don Choimisiún gach 2 bhliain ar an dul chun cinn atá déanta, ina léireofar go háirithe na gealltanais airgeadais a rinneadh sa phlean náisiúnta buiséadach. Féadfar tagairt a dhéanamh sa tuarascáil don fhaisnéis a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 57.

*Airteagal 56*

**Comhar le tíortha comharsanacha atá rannpháirteach sna Conairí Iompair Eorpacha agus sna tosaíochtaí cothrománacha**

1. Conair Iompair Eorpach nó tosaíocht chothrománach a shíneann chuig tíortha comharsanacha sonracha, beidh a Comhordaitheoir Eorpach i dteideal comhoibriú leis na tíortha sin agus páirt a thabhairt dóibh i ngníomhaíochtaí ábhartha na conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha mar a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 53(2) agus (4) nó i bhfóram comhchomhairleach na tosaíochta cothrománaí, i gcás inarb infheidhme.

2. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach comhoibriú freisin le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis na Conairí Iompair Eorpacha nó leis an tosaíocht chothrománach a shíneann chomh fada le tíortha comharsanacha atá ina mball de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin á ndéanamh aige nó aici.

3. Féadfaidh an tAontas comhaontuithe ardleibhéil a thabhairt i gcrích leis na tíortha comharsanacha lena mbaineann d’fhonn cur chuige comhordaithe agus sioncrónaithe a bhaint amach maidir le cur chun feidhme na gConairí Iompair Eorpacha agus na dtosaíochtaí cothrománacha.

## CAIBIDIL VI

## *FORÁLACHA COITEANNA*

*Airteagal 57*

**Tuairisciú agus faireachán**

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ar bhonn tráthrialta, cuimsitheach, trédhearcach faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a thabhairt chun críche trí thionscadail leasa choitinn a bheith á gcur chun feidhme agus maidir leis na hinfheistíochtaí arna ndéanamh chun na críche sin.

2. Áireofar san fhaisnéis sin sonraí teicniúla bliantúla a bhaineann leis na ceanglais maidir le bonneagar iompair a leagtar síos i gCaibidil III murar bailíodh an fhaisnéis sin cheana ar leibhéal an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun críocha feidhmchlár nó bunachair sonraí eile de chuid an Aontais.

3. Áiritheofar an tarchur sin ar bhealach uathoibrithe tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Go dtí go mbeidh an fheidhmiúlacht malartaithe sonraí uathoibrithe in TENtec lán-oibríochtúil, áiritheofar an tarchur sin gach 2 bhliain.

4. Maidir le hinfheistíochtaí a bhaineann le tionscadail leasa choitinn, déanfaidh na Ballstáit sonraí airgeadais a tharchur gach 2 bhliain i bhfoirm sonraí comhiomlánaithe bliantúla in aghaidh an mhodha iompair agus in aghaidh an ghréasáin (croíghréasán, croíghréasán breisithe agus gréasán cuimsitheach).

5. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos liosta na sonraí teicniúla atá le tarchur de bhun mhír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

6. Áiritheoidh an Coimisiún go mbíonn rochtain éasca ag an bpobal ar TENtec, lena n-éascaítear malartú uathoibrithe sonraí le córais náisiúnta agus le feidhmchláir agus foinsí sonraí ábhartha eile de chuid an Aontais. Is é a bheidh in TENtec faisnéis a bhaineann go sonrach le

tionscadal faoi leith agus faisnéis nuashonraithe maidir le foirmeacha agus méideanna an chomhchistiúcháin ón Aontas agus, chomh maith leis sin, maidir leis an dul chun cinn a dhéantar maidir le gach tionscadal.

Áiritheoidh an Coimisiún freisin nach gcuireann TENtec aon fhaisnéis ar fáil don phobal atá rúnda, nó a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d'aon phróiseas soláthair phoiblí i mBallstát nó a d’fhéadfadh tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas sin.

7. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a seacht ndícheall cáilíocht, iomláine agus comhsheasmhacht na sonraí i gcóras faisnéise TENtec a áirithiú. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile d’fhonn malartú uathoibrithe sonraí a éascú idir córais náisiúnta agus foinsí sonraí agus TENtec.

*Airteagal 58*

**An gréasán a nuashonrú**

1. Faoi réir formheas a fháil ón mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 172, an dara mír, CFAE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo chun Iarscríbhinní I agus II a leasú, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) athruithe a eascraíonn as na tairseacha cainníochtúla a leagtar síos in Airteagal 21(3), pointe (a), in Airteagal 25(4), pointí (a) agus (b), agus in Airteagal 33(2) agus as na tairseacha cainníochtúla agus na ceanglais cháilíochtúla a leagtar amach in Airteagal 25(4), pointe (c), a chur san áireamh; i ndáil leis sin, déanfaidh an Coimisiún:

(i) calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a áireamh sa ghréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur mó a meánmhéid tráchta le 3 bliana anuas ná an tairseach ábhartha; agus

(ii) calafoirt mhuirí agus aerfoirt a eisiamh ón ngréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur lú a meánmhéid tráchta le 6 bliana anuas ná 85 % den tairseach ábhartha ach amháin calafoirt mhuirí a áirítear sa ghréasán cuimsitheach ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25(4), pointe (d) nó (e), ina leith, nó arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann;



www.parlament.gv.at

(b) calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a áireamh sa ghréasán cuimsitheach nó sa chroíghréasán, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcás ina bhfuil breisluach Eorpach breise faighte ag an mbonneagar sin mar gheall ar a thábhacht gheostraitéiseach don Aontas agus i gcás ina léirítear go bhfuil ceanglais na roinne ábhartha i gCaibidil III á gcomhlíonadh nó, de rogha air sin, i gcás ina bhfuil údar réasúnta ann lena cheapadh go gcomhlíonfar na sprioc-amanna ábhartha chun na ceanglais sin a chomhlíonadh;

(c) nóid uirbeacha a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair, má thaispeántar go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 40(2);

(d) nóid uirbeacha a eisiamh ón ngréasán tras-Eorpach iompair má léirítear nach gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 40(2) a thuilleadh, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann;

(e) nóid uirbeacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 40(2) a eisiamh ón ngréasán tras-Eorpach iompair arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcásanna eisceachtúla cuí-mhínithe i gcomhaontú le húdaráis ábhartha an nóid uirbigh lena mbaineann;

(f) críochfoirt iarnróid agus críochfoirt ar uiscebhealaí intíre arna sainaithint ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 36(5) a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair nó críochfoirt iarnróid a eisiamh ón ngréasán tras-Eorpach iompair arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann nó críochfort lasta ilmhódach dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointí (a), (b) agus (c), a eisiamh arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann; nó

(g) ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 57(1), na léarscáileanna do bhonneagar bóithre, iarnróid agus uiscebhealaí intíre a choigeartú ar bhealach atá teoranta go docht chun an dul chun cinn atá déanta i gcur i gcrích an ghréasáin a léiriú; agus na léarscáileanna sin á gcoigeartú, ní dhéanfaidh an Coimisiún aon choigeartú ar ailíniú bealaí thar an méid a cheadaítear le cinneadh ábhartha údaraithe an tionscadail.

Beidh na hoiriúnuithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír bunaithe ar an staidreamh is déanaí atá ar fáil, arna fhoilsiú ag Eurostat nó, mura mbíonn an staidreamh sin ar fáil, ag oifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát, ach gan na blianta a chur san áireamh ar tharla meath suntasach ar shreabha tráchta lena linn de bharr imeachtaí gan choinne.

Agus nóid uirbeacha á n-eisiamh ón ngréasán tras-Eorpach iompair, mar a thagraítear dó i bpointe (d) den chéad fhomhír, arna iarraidh sin don Bhallstát, beidh tuairim ó údaráis ábhartha an nóid uirbigh lena mbaineann ag gabháil leis an iarraidh.

Féadfar a áireamh sa choigeartú dá dtagraítear i bpointe (g) den chéad fhomhír oiriúnú ar stádas tógálacha nua atá marcáilte mar línte poncanna ar léarscáileanna na nIarscríbhinní lena n-áirítear, faoi réir thoiliú an Bhallstáit chomharsanaigh nó na mBallstát comharsanach, a naisc thrasteorann. Féadfar uasghrádú ar stráicí trasteorann a áireamh sa choigeartú freisin, faoi réir thoiliú an dá Bhallstát lena mbaineann.

2. Le gníomh tarmligthe lena n-áirítear nód uirbeach in Iarscríbhinn II, de bhun mhír 1, pointe (c), den Airteagal seo, déanfar an méid a leanas:

(a) síneadh 3 bliana a chur leis na sprioc-amanna a leagtar síos le hAirteagal 41(1), pointí (b) agus (c), go dtí an 31 Nollaig 2030 agus an 31 Nollaig 2033, faoi seach; agus, i gcás na nód uirbeach sin a áirítear in Iarscríbhinn II tar éis do na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 41(1), pointe (b) nó (c), dul in éag, síneadh 3 bliana a chur leis na sprioc-amanna sin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin; agus

(b) síneadh 5 bliana a chur leis an spriocdháta is infheidhme chun na ceanglais faoi Airteagal 41(1), pointe (d), a chomhlíonadh, go dtí an 31 Nollaig 2045; agus, i gcás na nód uirbeach sin a áirítear in Iarscríbhinn II tar éis don sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 41(1), pointe (d), dul in éag, síneadh 5 bliana a chur leis an sprioc-am sin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin.

3. Le gníomh tarmligthe lena n-áirítear críochfort iarnróid in Iarscríbhinní I agus II, de bhun mhír 1, pointe (f), den Airteagal seo, déanfar an méid a leanas:

(a) síneadh 3 bliana a chur leis na sprioc-amanna a leagtar síos le hAirteagal 38(1), pointe (c), agus le hAirteagal 38(2), go dtí an 31 Nollaig 2033; agus, i gcás na gcríochfort iarnróid sin a áirítear in Iarscríbhinní I agus II tar éis do na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 38(1), pointe (c), agus in Airteagal 38(2) dul in éag, síneadh 3 bliana a chur leis na sprioc-amanna sin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin; agus

(b) síneadh 5 bliana a chur leis an sprioc-am a leagtar síos le hAirteagal 38(3), go dtí an 31 Nollaig 2045; agus, i gcás na gcríochfort iarnróid sin a áirítear in Iarscríbhinní I agus


www.parlament.gv.at

II tar éis don sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 38(3) dul in éag, síneadh 5 bliana a chur leis an sprioc-am sin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin.

4. Tionscadal leasa choitinn a bhaineann le bonneagar a áirítear den chéad uair, trí ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 1, sa ghréasán tras-Eorpach iompair, beidh an tionscadal sin incháilithe do chúnamh airgeadais ón Aontas faoi na hionstraimí atá ar fáil don ghréasán tras-Eorpach iompair ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin.

Tionscadail leasa choitinn a bhaineann le bonneagar a eisiadh ón ngréasán tras-Eorpach iompair, ní bheidh siad incháilithe a thuilleadh ó dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 1. Ní dhéanfaidh deireadh na hincháilitheachta difear do chinntí maoiniúcháin nó deontais arna nglacadh ag an gCoimisiún roimh an dáta sin.

5. Faoi réir Airteagal 172, an dara mír, CFAE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo chun Iarscríbhinn IV a leasú chun léarscáileanna táscacha de ghréasáin bhonneagair iompair tíortha comharsanacha a áireamh nó a oiriúnú. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar chomhaontuithe ardleibhéil maidir le gréasáin bonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann.

*Airteagal 59*

**Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha**

Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca leis an gcomhairliúchán le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta agus lena rannpháirtíocht a bhaineann le tionscadal leasa choitinn, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na tionscadail sna céimeanna tógála agus pleanála. I gcás tionscadail leasa choitinn a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2021/1187, ní mór a ceanglais a urramú. Déanfaidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis sin, go sonrach a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán le daoine ar leochaileach a gcás agus lena gcuimsiú.

*Airteagal 60*

**Pleananna náisiúnta a ailíniú le beartas iompair an Aontais**


www.parlament.gv.at

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn na pleananna agus na cláir náisiúnta a rannchuidíonn leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt comhleanúnach le beartas iompair an Aontais agus leis na tosaíochtaí agus na sprioc-amanna a leagtar amach sa Rialachán seo. Cuirfidh siad san áireamh freisin, inter alia, na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre do na conairí ábhartha agus do na tosaíochtaí cothrománacha do na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 55(1) agus (2).

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún na dréachtphleananna náisiúnta ábhartha nó na dréachtchláir náisiúnta ábhartha a rannchuidíonn le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair nó achomaireacht díobh, agus aon mhodhnú suntasach orthu sin a luaithe is féidir tar éis comhairliúchán poiblí maidir leis an bplean nó leis an gclár sin a bheith seolta.

Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir le comhleanúnachas na ndréachtphleananna náisiúnta agus na ndréachtchlár náisiúnta leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre do na Conairí Iompair Eorpacha comhfhreagracha agus na tosaíochtaí cothrománacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 55(1) agus (2). Ní dhéanfaidh an tuairim difear do bhailíocht na bpleananna náisiúnta ná na gclár náisiúnta agus ní chuirfidh sí cosc ar a nglacadh ná ar a gcur i bhfeidhm.

Cuirfidh na Ballstáit na leaganacha críochnaithe de na pleananna náisiúnta nó na cláir náisiúnta ar fáil don Choimisiún freisin a luaithe a ghlactar iad.

*Airteagal 61*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Chun críocha Airteagal 23(3), an dara fomhír, den Rialachán seo, tabharfaidh an Coiste arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Threoir 91/672/CEE ón gComhairle[62] cúnamh don Choimisiún.

[62] Treoir 91/672/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le teastais náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d’uiscebhealach intíre a aithint go cómhalartach (IO L 373, 31.12.1991, lch. 29).



www.parlament.gv.at

3. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú mír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 62*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus Airteagal 58(1) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 18 Iúil 2024. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus in Airteagal 58(1) agus (5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(3) agus Airteagal 58(1) agus (5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 63*

**Athbhreithniú**

1. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus le cúnamh ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, measúnú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin ina ndéanfar meastóireacht go háirithe ar a mhéid atá an Rialachán seo á chomhlíonadh aige.

Cuirfear san áireamh leis an measúnú an tuarascáil bhliantúil stádais agus na pleananna oibre arna dtarraingt suas ag na Comhordaitheoirí Eorpacha de bhun Airteagal 52(5), pointe (e), agus Airteagal 54(1) faoi seach, chomh maith leis na pleananna agus na cláir náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 60(1).

2. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus le cúnamh ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, athbhreithniú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh, ina ndéanfar meastóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a chomhlíonann siad an Rialachán seo;

(b) dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear aon mhoill a d'fhéadfadh a bheith ann;

(c) athruithe ar shreabha iompair paisinéirí agus lasta;

(d) forbairtí maidir le hinfheistíocht sa bhonneagar náisiúnta iompair; agus

(e) an gá atá le leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán seo.


www.parlament.gv.at

Sa mheastóireacht, déanfar an tionchar atá ag patrúin tráchta atá ag teacht chun cinn agus an tionchar atá ag forbairtí ábhartha i bpleananna infheistíochta bonneagair a mheas freisin.

3. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar cé acu an dócha nó nach dócha go gcomhlíonfaidh an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach dá bhforáiltear sa Rialachán seo Caibidlí II, III agus IV faoin dá sprioc-am an 31 Nollaig 2040 agus an 31 Nollaig 2050, de réir mar is infheidhme, agus an staid eacnamaíoch agus bhuiséadach san Aontas agus sna Ballstáit aonair á cur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin, i gcomhairle leis na Ballstáit, ar cé acu ba cheart nó nár cheart an croíghréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach a mhodhnú chun forbairtí sna sreabha iompair agus sa phleanáil infheistíochta náisiúnta a chur san áireamh.

*Airteagal 64*

**Moill i dtabhairt chun críche an chroíghréasáin, an chroíghréasáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh**

1. I gcás moill shuntasach i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe nó ar an ngréasán cuimsitheach, i gcomparáid leis an amlíne ionchais tosaigh a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 55, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann na cúiseanna atá leis an moill a mhíniú. Tabharfaidh an Ballstát nó na Ballstáit na cúiseanna sin laistigh de 3 mhí ón iarraidh. Ar bhonn an fhreagra a thugtar, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann chun an fhadhb ba chúis leis an moill a réiteach.

2. I gcás ina mbaineann an stráice a bhfuil moill ann ina leith le Conair Iompair Eorpach, beidh an Comhordaitheoir Eorpach páirteach d'fhonn tacú leis na Ballstáit chun an fhadhb a réiteach.

3. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE agus d'Airteagal 8(5) den Rialachán seo, tar éis don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na cúiseanna arna dtabhairt ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann de bhun na chéad mhíre den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil moill shuntasach i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe nó ar an ngréasán cuimsitheach atá inchurtha i leith an Bhallstáit nó na mBallstát gan míniú leordhóthanach a bheith tugtha ina leith, féadfaidh sé moltaí a thabhairt don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann d'fhonn an mhoill sin a dhíothú agus tuilleadh moilleanna a chosc nó a laghdú.



www.parlament.gv.at

*Airteagal 65*

**Díolúintí**

Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe aon cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le críochfoirt lasta ilmhódacha, ní bheidh feidhm acu maidir leis an gCipir, le Málta, le hoileáin agus leis na limistéir is forimeallaí chomh fada nach mbíonn aon chóras iarnróid bunaithe ar a gcríoch. Na forálacha a bhaineann le páirceáil shábháilte shlán, ní bheidh feidhm acu maidir leis an gCipir, le Málta, le hoileáin ná leis na limistéir is forimeallaí.

Ní bheidh feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach de 1435 mm don iarnród in Airteagal 17 maidir le hÉirinn, le hoileáin ná leis na réigiúin is forimeallaí.

*Airteagal 66*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1153**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 67*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 913/2010**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*‘Airteagal 1*

**Cuspóir agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le conairí idirnáisiúnta iarnróid i gcomhair lasta iarnróid iomaíoch a eagrú, a rialú agus a bhainistiú d’fhonn gréasán iarnróid Eorpach do lasta iomaíoch a fhorbairt. Leagtar rialacha amach leis maidir le conairí lasta a


www.parlament.gv.at

eagrú agus a bhainistiú, mar aon leis an bpleanáil tháscach infheistíochta i gcomhair conairí lasta.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialachas, bainistiú agus úsáid bonneagair iarnróid a áirítear sna conairí lasta, gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis an mbonneagar sin a phleanáil agus a chistiú.'

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*'Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid63.

2. De bhreis ar na sainmhínithe dá dtagraítear i mír 1:

(a) ciallaíonn 'conair lasta' línte iarnróid lasta na Conaire Iompair Eorpaí mar a shainmhínítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt64 agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear an bonneagar iarnróid agus an trealamh agus na seirbhísí ábhartha iarnróid a ghabhann leis i gcomhréir le Treoir 2012/34/AE;

(b) ciallaíonn 'plean cur chun feidhme' an doiciméad ina gcuirtear i láthair an modh, an straitéis agus na bearta a bheartaíonn na páirtithe lena mbaineann a chur chun feidhme, ar modh, straitéis agus bearta iad is gá agus is leordhóthanach chun an chonair lasta a eagrú agus a bhainistiú;

(c) ciallaíonn "críochfort" an tsuiteáil a sholáthraítear feadh an chonair lasta agus a socraíodh go speisialta chun go mbeifí in ann earraí a luchtú ar thraenacha lasta nó earraí a dhíluchtú uathu agus chun go mbeifí in ann na seirbhísí lasta iarnróid a chomhtháthú leis na seirbhísí bóthair, muirí, abhann agus aeir, agus chun go mbeifí in

[63] IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.
[64] IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj;


www.parlament.gv.at

ann comhdhéanamh traenacha lasta a fhoirmiú nó a mhodhnú; agus, i gcás inar gá, chun go mbeifí in ann nósanna imeachta teorann a fheidhmiú ag teorainneacha le tríú tíortha Eorpacha;

(d) ciallaíonn 'Comhordaitheoir Eorpach' an Comhordaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2024/1679."

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil II:

'NA CONAIRÍ LASTA A RIALÚ AGUS A EAGRÚ'

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*'Airteagal 3*

**Conairí lasta a rialú agus a bhainistiú**

1. Déanfaidh na Ballstáit agus na bainisteoirí bonneagair atá freagrach as an gconair lasta atá mar chuid den Chonair Iompair Eorpach sin rialú na conaire lasta a choigeartú ón 18 Iúil 2024 nó i gcás ina ndéanfar leasú ar ailíniú Conaire Iompair Eorpaí de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán 2024/1679, laistigh de 18 mí ó dháta an leasaithe sin. I gcásanna cuí-mhínithe agus tar éis comhaontú a fháil ón gCoimisiún, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse go 24 mhí. Glacfaidh bord feidhmiúcháin agus bord bainistíochta na conaire na bearta is gá chun eagrú agus bainistiú na conaire lasta i gcomhréir le hAirteagail 9 go 19 den Rialachán sin a chur in oiriúint don ailíniú geografach nua.

2. Féadfaidh bord feidhmiúcháin conaire lasta cinneadh a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar ghnéithe riaracháin, oibríochtúla agus idir-inoibritheachta na seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta do phaisinéirí ar an gconair. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 11 ná 14 maidir leis na seirbhísí sin.'

(5) scriostar Airteagail 4 go 7;

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

‘1. I gcás gach conaire lasta, bunóidh na Ballstáit lena mbaineann bord feidhmiúcháin a bheidh freagrach as cuspóirí ginearálta na conaire lasta a shainiú, as maoirsiú a dhéanamh agus as na bearta a dhéanamh dá bhforáiltear go sainráite i mír 7 den Airteagal seo agus in Airteagail 9 agus 11, in Airteagal 14(1) agus in Airteagal 22. Is iad ionadaithe údaráis na mBallstát lena mbaineann a bheidh ar an mbord feidhmiúcháin. Déanfaidh an bord feidhmiúcháin measúnú tráthrialta ar an gcomhsheasmhacht idir na cuspóirí ginearálta agus na cuspóirí a shainíonn an bord bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (c).

2. I gcás gach conaire lasta, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, na comhlachtaí leithdháileacháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Threoir 2012/34/AE, bord bainistíochta a bhunú a bheidh freagrach as na bearta a dhéanamh dá bhforáiltear go sainráite i míreanna 5, 7, 8 agus 9 den Airteagal seo agus in Airteagail 9 go 12, in Airteagal 13(1), in Airteagal 14(2), (6) agus (9), in Airteagal 16(1), in Airteagal 17(1), agus in Airteagail 18 agus 19 den Rialachán seo. Is iad ionadaithe na mbainisteoirí bonneagair a bheidh ar an mbord bainistíochta.’

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘2a. Féadfaidh Ballstát a bhain úsáid as Airteagal 5(4) roimh an 18 Iúil 2024, a chinneadh nach mbeidh bainisteoir bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a chríoch rannpháirteach sa bhord bainistíochta arna chur ar bun de bhun mhír 2 den Airteagal seo ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana ón 18 Iúil 2024. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile atá rannpháirteach sa chonair lasta lena mbaineann faoina chinneadh.

Sa chás sin, comhoibreoidh an Ballstát agus an bainisteoir bonneagair lena mbaineann leis an mbord bainistíochta i gcás inar gá chun feidhmeanna an bhoird sin a chur i gcrích.

Féadfaidh Ballstát a bhaineann úsáid as an gcéad fhomhír den mhír seo a chinneadh, tráth ar bith ina dhiaidh sin le linn na tréimhse 10 mbliana dá dtagraítear inti, go mbeidh bainisteoir bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a chríoch rannpháirteach sa bhord bainistíochta arna chur ar bun de bhun mhír 2 den Airteagal seo. Tabharfaidh sé fógra gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile atá rannpháirteach sa chonair lasta lena mbaineann faoina chinneadh.


www.parlament.gv.at

2b. Féadfaidh Éire a chinneadh nach mbeidh ionadaithe a húdarás ná bainisteoir bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a críoch rannpháirteach sa bhord feidhmiúcháin nó sa bhord bainistíochta arna chur ar bun de bhun mhíreanna 1 agus 2, nó i gceachtar acu. Tabharfaidh Éire fógra gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile atá rannpháirteach sa chonair lasta lena mbaineann faoina cinneadh.

Sa chás sin, comhoibreoidh na húdaráis agus an bainisteoir bonneagair nó na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann leis an mbord feidhmiúcháin agus leis an mbord bainistíochta i gcás inar gá chun feidhmeanna na mbord sin a chur i gcrích.

Féadfaidh Éire a chinneadh, tráth ar bith ina dhiaidh sin, go mbeidh ionadaithe a húdarás agus an bainisteoir bonneagair nó na bainisteoirí bonneagair atá freagrach as an mbonneagar iarnróid ar a críoch rannpháirteach sa bhord feidhmiúcháin nó sa bhord bainistíochta arna chur ar bun de bhun mhíreanna 1 agus 2, nó sa dá bhord. Tabharfaidh sí fógra gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile atá rannpháirteach sa chonair lasta lena mbaineann faoina cinneadh.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 go 8:

'4. Déanfaidh an bord feidhmiúcháin a chinntí ar bhonn toilithe fhrithpháirtigh ó ionadaithe údaráis na mBallstát lena mbaineann atá rannpháirteach sa bhord feidhmiúcháin.

5. Déanfaidh an bord bainistíochta a chinntí, lena n-áirítear cinntí maidir lena stádas dlíthiúil, maidir le bunú a struchtúir eagrúcháin, agus maidir lena acmhainní agus lena fhoireann, ar bhonn toilithe fhrithpháirtigh ó na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann atá rannpháirteach sa bhord feidhmiúcháin. Féadfaidh an bord bainistíochta a bheith ina eintiteas dlítheanach neamhspleách. Féadfaidh sé a bheith ina ghrúpáil Eorpach um leas eacnamaíoch de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2137/85 ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE)65.

[65] IO L 199, 31.7.1985, lch. 1.;

6. Freagrachtaí an bhoird feidhmiúcháin agus an bhoird bainistíochta, beidh siad gan dochar do neamhspleáchas na mbainisteoirí bonneagair dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de Threoir 2012/34/AE.

7. Bunóidh an bord bainistíochta grúpa comhairleach arb é a bheidh ann bainisteoirí agus úinéirí chríochfoirt na conaire lasta, lena n-áirítear, i gcás inar gá sin, calafoirt mhara agus calafoirt uiscebhealaí intíre. Féadfaidh an grúpa comhairleach sin tuairim a eisiúint maidir le haon togra ón mbord bainistíochta a mbeadh iarmhairtí díreacha aige ar an infheistíocht agus ar bhainistiú na gcríochfort. Féadfaidh sé tuairimí féintionscnaimh a eisiúint freisin. Cuirfidh an bord bainistíochta aon tuairimí den sórt sin san áireamh. I gcás easaontais idir an bord bainistíochta agus an grúpa comhairleach, féadfaidh an grúpa comhairleach an t-ábhar a tharchur chuig an mbord feidhmiúcháin. Cuirfidh an bord feidhmiúcháin an Comhordaitheoir Eorpach lena mbaineann ar an eolas agus gníomhóidh sé mar idirghabhálaí agus eiseoidh sé tuairim maidir leis an ábhar in am trátha. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach lena mbaineann tuairim a eisiúint freisin in am trátha maidir leis an ábhar. Is é an bord bainistíochta, áfach, a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.

8. Cuirfidh an bord bainistíochta grúpa comhairleach breise ar bun agus beidh an grúpa sin comhdhéanta de na gnóthais iarnróid ar spéis leo úsáid a bhaint as an gconair lasta. Féadfaidh an grúpa comhairleach sin tuairim a eisiúint maidir le haon togra ón mbord bainistíochta a mbeidh iarmhairtí aige ar na gnóthais sin. Féadfaidh sé tuairimí féintionscnaimh a eisiúint freisin. Cuirfidh an bord bainistíochta aon tuairimí den sórt sin san áireamh. I gcás easaontais idir an bord bainistíochta agus an grúpa comhairleach, féadfaidh an grúpa comhairleach an t-ábhar a tharchur chuig an mbord feidhmiúcháin. Cuirfidh an bord feidhmiúcháin an Comhordaitheoir Eorpach agus na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2012/34/AE agus a mbaineann an chonair lasta leo ar an eolas. Gníomhóidh an bord feidhmiúcháin mar idirghabhálaí agus eiseoidh sé tuairim maidir leis an ábhar in am trátha. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach lena mbaineann tuairim a eisiúint freisin in am trátha maidir leis an ábhar. Is é an bord bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.'

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:



www.parlament.gv.at

‘10. Oibreoidh an bord feidhmiúcháin agus an bord bainistíochta i gcomhar leis an gComhordaitheoir Eorpach lena mbaineann an chonair lasta chun tacú le forbairt tráchta iarnróid lasta feadh na conaire.’

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*‘Airteagal 9*

**Bearta chun an chonair lasta a fhorbairt**

1. Déanfaidh an bord bainistíochta, 6 mhí ar a dhéanaí roimh an chonair lasta a chur i mbun oibríochta, plean cur chun feidhme a tharraingt suas agus a fhoilsiú. Rachaidh an bord bainistíochta i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagail 8(7) agus 8(8) ar an dréachtphlean cur chun feidhme. Cuirfidh an bord bainistíochta an plean cur chun feidhme faoi bhráid an bhoird feidhmiúcháin lena fhormheas.

Áireofar an méid seo a leanas sa phlean sin:

(a) cur síos ar shaintréithe na conaire lasta, lena n-áirítear scrogaill, agus clár na mbeart is gá chun eagrú agus bainistiú na conaire lasta a fheabhsú;

(b) eilimintí fíor-riachtanacha an staidéir dá dtagraítear i mír 3;

(c) na cuspóirí i leith na gconairí lasta, go háirithe i dtéarmaí fheidhmíocht na conaire lasta agus í á cur in iúl mar cháilíocht na seirbhíse agus toilleadh na conaire lasta i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo, agus, i gcás inarb ábhartha, spriocanna cainníochtúla nó cáilíochtúla a bhaineann leis na cuspóirí sin. Cuirfidh na cuspóirí agus na spriocanna san áireamh na tosaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/1679;

(d) na bearta chun Airteagail 12 go 19 a chur chun feidhme agus na bearta chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na conaire lasta, bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(3), d’fhonn na cuspóirí agus na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo a bhaint amach;

(e) tuairimí agus measúnú na ngrúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) maidir le forbairt na conaire;



www.parlament.gv.at

(f) achoimre ar an gcomhar agus ar thorthaí an chomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11, lena n-áirítear tuairimí na ngrúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) agus achoimre ar fhreagraí na bpáirtithe leasmhara eile.

Agus an plean cur chun feidhme á tharraingt suas aige, cuirfidh an bord bainistíochta san áireamh na cuspóirí agus na bearta atá i bplean oibre an Chomhordaitheora Eorpaigh, dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2024/1679. Áireofar sa phlean cur chun feidhme tagairt do na gnéithe den phlean oibre atá ábhartha don trácht lasta iarnróid feadh na conaire.

Déanfaidh an bord bainistíochta na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo agus na bearta dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo a athbhreithniú agus a choigeartú go tráthrialta, bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 19(3) tar éis dul i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) agus leis an gComhordaitheoir Eorpach.

2. Déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bplean cur chun feidhme, gach 4 bliana ar a laghad, agus cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean, an margadh lasta iarnróid ar an gconair lasta agus an fheidhmíocht arna tomhas i gcomhréir leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1.

3. Déanfaidh an bord bainistíochta staidéar ar an margadh iompair i ndáil leis na hathruithe a thagann ar an trácht ar an gconair agus leis na hathruithe a mheastar a thiocfaidh uirthi, ag cumhdach na gcineálacha éagsúla tráchta, idir iompar lasta agus paisinéirí agus déanfar an staidéar sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil. Leis an staidéar sin, déanfar athbhreithniú freisin, i gcás inar gá sin, ar na costais agus na tairbhí socheacnamaíocha a éiríonn as forbairt na conaire lasta.

4. Cuirfear san áireamh sa phlean cur chun feidhme forbairt na gcríochfort, lena n-áirítear an anailís mhargaidh agus ionchasach ar chríochfoirt lasta ilmhódacha mar aon le pleananna gníomhaíochta Bhallstáit na conaire lasta, dá dtagraítear in Airteagal 36(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1679.

5. De réir mar is iomchuí, déanfaidh an bord bainistíochta bearta chun comhoibriú le lucht riaracháin réigiúnaigh nó áitiúil, nó leo araon, i ndáil leis an bplean cur chun feidhme.’


www.parlament.gv.at

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*'Airteagal 11*

**Infheistíocht a phleanáil**

1. Oibreoidh bord feidhmiúcháin agus bord bainistíochta conaire lasta i gcomhar leis an gComhordaitheoir Eorpach lena mbaineann an chonair lasta i ndáil leis na riachtanais bhonneagair agus infheistíochta a eascraíonn as an trácht lasta iarnróid chun tacú le tarraingt suas an phlean oibre dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2024/1679.

2. Rachaidh an bord bainistíochta i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) maidir le riachtanais forbartha bonneagair agus infheistíochta. Beidh an comhairliúchán bunaithe ar dhoiciméadacht leordhóthanach cothrom le dáta maidir leis an bpleanáil bonneagair ar leibhéal na conaire agus ar an leibhéal náisiúnta. Beidh míniú cuí leordhóthanach ag gabháil leis na tuairimí ó na grúpaí comhairleacha maidir le hinfheistíocht. Áiritheoidh an bord feidhmiúcháin go ndéanfar comhordú leordhóthanach idir na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin agus na sásraí comhordúcháin ar an leibhéal náisiúnta mar a shainítear in Airteagal 7e de Threoir 2012/34/AE.

3. Leis an gcomhordú agus an gcomhairliúchán, tabharfar aghaidh go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) riachtanais toillte an iompair lasta iarnróid atá ábhartha do phleanáil an bhonneagair agus na hinfheistíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le traenacha lasta nach lú a bhfad ná 740 m, agus an gá atá le toilleadh de bhun Airteagal 14(2) den Rialachán seo agus aon bhonneagar a dhearbhaítear a bheith plódaithe de bhun Airteagal 47 de Threoir 2012/34/AE á chur san áireamh;

(b) ceanglais bhonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair atá ábhartha don iompar lasta iarnróid mar a shainmhínítear i gCaibidlí II agus III de Rialachán (AE) 2024/1679;

(c) an gá atá le hinfheistíochtaí spriocdhírithe chun scrogaill áitiúla a bhaint, feabhsuithe ar nóid agus ar bhealaí rochtana iarnróid nó trealamh teicniúil lena gcuirtear feabhas ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil.'


www.parlament.gv.at

(9) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

'3. Glacfaidh an t-ionad uileghnó cinneadh maidir le hiarratais ar na bealaí traenach réamhshocraithe a shonraítear in Airteagal 14(3) agus ar an toilleadh cúltaca a shonraítear in Airteagal 14(5). Déanfaidh sé an toilleadh a leithdháileadh i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an leithdháileadh toilltemar a leagtar amach i dTreoir 2012/34/AE. Cuirfidh sé na bainisteoirí bonneagair inniúla ar an eolas gan mhoill faoi na hiarratais sin agus faoin gcinneadh a ghlacfar.

4. Maidir le haon iarraidh i dtaca le toilleadh bonneagair nach bhféadfar a chomhlíonadh de bhun mhír 3, cuirfidh an t-ionad uileghnó an t-iarratas ar thoilleadh bonneagair ar aghaidh gan mhoill chuig na bainisteoirí bonneagair inniúla agus, i gcás inarb ábhartha, chuig na comhlachtaí leithdháileacháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Threoir 2012/34/AE, agus déanfaidh siadsan cinneadh faoin iarratas sin i gcomhréir le hAirteagal 38 agus le Caibidil IV, Roinn 3, den Treoir sin agus cuirfidh siad an cinneadh sin in iúl don ionad uileghnó chun go leanfaidh an t-ionad sin den phróiseáil.'

(10) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcomhréir le hAirteagal 39 de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh an bord feidhmiúcháin an creat a shainiú do leithdháileadh an toillte bonneagair ar an gconair lasta.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ar bhonn na meastóireachta a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh bainisteoirí bonneagair na conaire lasta conairí traenach idirnáisiúnta réamhshocraithe le haghaidh na dtraenacha lasta a shainiú agus a eagrú go comhpháirteach de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir 2012/34/AE, agus aitheantas á thabhairt acu don ghá atá le toilleadh de chineálacha eile iompair, lena n-áirítear iompar paisinéirí. Déanfaidh siad na hamanna aistir, minicíochtaí, amanna fágála agus ceann scríbe agus na ródúcháin atá oiriúnach do na seirbhísí iompair lasta a éascú d'fhonn iompar earraí a mhéadú ar thraenacha lasta ar an gconair lasta. Foilseofar na conairí traenach réamhshocraithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta deireanach chun glacadh le hiarrataí ar thoilleadh dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a

ghabhann le Treoir 2012/34/AE. Más gá, féadfaidh bainisteoirí bonneagair roinnt conairí lasta éagsúla comhordú a dhéanamh ar chonairí traenach idirnáisiúnta réamhshocraithe a mbíonn toilleadh á thairiscint acu ar na conairí lasta lena mbaineann.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Má tá údar maith ann leis de réir riachtanais an mhargaidh agus de réir na meastóireachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair an toilleadh cúltaca a shainiú go comhpháirteach do thraenacha idirnáisiúnta lasta a ghluaiseann ar na conairí lasta, agus aitheantas á thabhairt acu don ghá atá ag cineálacha eile iompair le toilleadh, lena n-áirítear iompar paisinéirí, agus coinneoidh siad an cúltaca sin ar fáil laistigh dá dtráthchláir chríochnaitheacha oibre chun go mbeidh siad in ann freagairt go tapa agus go hiomchuí nuair a fhaightear iarrataí ad hoc ar thoilleadh dá dtagraítear in Airteagal 48 de Threoir 2012/34/AE. Déanfar an toilleadh sin a chur i gcúltaca ar feadh tréimhse faoin teorainn ama roimh an am atá sceidealta dó, de réir mar a chinneann an bord bainistíochta. Ní rachaidh an teorainn ama sin thar 60 lá.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Ach amháin i gcás force majeure, lena n-áirítear obair phráinneach neamh-intuartha atá fíor-riachtanach don tsábháilteacht, conair thraenach a leithdháiltear ar oibríocht lasta de bhun an Airteagail seo, ní fhéadfar í a chur ar ceal tráth is giorra ná dhá mhí roimh an tráth dá sceidealtar í sa tráthchlár oibre más rud é nach bhformheasann an t-iarratasóir lena mbaineann an cealú sin. Sa chás sin, déanfaidh an bainisteoir bonneagair lena mbaineann iarracht conair thraenach a bheidh ar comhcháilíocht léi agus a bheidh chomh hiontaofa léi a thairiscint don iarratasóir agus beidh sé de cheart ag an iarratasóir glacadh léi nó diúltú di. Beidh an fhoráil seo gan dochar d'aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag an iarratasóir faoi chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 44(1) de Threoir 2012/34/AE. Ar aon chuma, féadfaidh an t-iarratasóir an t-ábhar a tharchur chuig an gcomhlacht rialála dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo.'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. I mír 4 agus i mír 9 den Airteagal seo, leis na tagairtí do bhainisteoirí bonneagair, áireofar i gcás inarb ábhartha, na comhlachtaí leithdháileacháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Threoir 2012/34/AE.’

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*‘Airteagal 15*

**Iarratasóirí údaraithe**

D’ainneoin Airteagal 41(1) de Threoir 2012/34/AE, féadfaidh iarratasóirí seachas na gnóthais iarnróid agus na grúpálacha idirnáisiúnta a chomhthiomsaíonn siad, ar nós seoltóirí, gníomhairí seolta lasta agus oibreoirí iompair chomhcheangailte, na conairí iarnróid idirnáisiúnta réamhshocraithe a shonraítear in Airteagal 14(3) agus an toilleadh cúltaca a shonraítear in Airteagal 14(5) a iarraidh. Chun ceann de na conairí traenach sin a úsáid le haghaidh iompair lasta ar an gconair lasta, déanfaidh na hiarratasóirí sin gnóthas iarnróid a cheapadh chun comhaontú a thabhairt i gcrích leis an mbainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 2012/34/AE.’

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17(2):

‘2. Déanfaidh gach bainisteoir bonneagair lena mbaineann rialacha tosaíochta a tharraingt suas le haghaidh an bhainistithe idir na cineálacha éagsúla tráchta sa chuid sin de na conairí lasta atá faoi réimse freagrachta an bhainisteora bonneagair i gcomhréir leis na spriocanna comhchoiteanna nó i gcomhréir leis na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó i gcomhréir leo araon. Foilseofar na rialacha tosaíochta sin sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE.’

(13) in Airteagal 18, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an fhaisnéis go léir atá sa ráiteas gréasáin do ghréasáin náisiúnta maidir leis an gconair lasta, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE;’

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

*'Airteagal 19*

**Cáilíocht na seirbhíse sa chonair lasta**

1. Déanfaidh bord bainistíochta na conaire lasta comhoiriúnacht idir na scéimeanna feidhmíochta, dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2012/34/AE, a chur chun cinn feadh na conaire lasta.

2. Déanfaidh an bord bainistíochta faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí a sholáthraíonn na bainisteoirí bonneagair d'iarratasóirí chun a bhfeidhmeanna riachtanacha a chomhlíonadh, chomh fada le raon feidhme Airteagail 12 go 18, agus ar fheidhmíocht seirbhísí lasta iarnróid ar an gconair lasta. Déanfar faireachán ar fheidhmíocht i dtéarmaí cáilíochtúla agus cainníochtúla, i gcás inarb iomchuí bunaithe ar tháscairí feidhmíochta a bhaineann le cuspóirí agus spriocanna na conaire lasta arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (c). Rachaidh an bord bainistíochta i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) agus leis an gComhordaitheoir Eorpach maidir le táscairí feidhmíochta ábhartha.

3. Déanfaidh an bord bainistíochta measúnú ar thorthaí an fhaireacháin feidhmíochta maidir leis na cuspóirí agus na spriocanna a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (c), agus leis na tosaíochtaí oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/1679.

4. Déanfaidh an bord bainistíochta tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú ina gcuirfear i láthair torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéantar de bhun an Airteagail seo. Cuirfear i láthair sa tuarascáil tuairimí agus measúnú feidhmíochta arna dhéanamh ag na grúpaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus (8) i gcuid thiomnaithe ar leith den tuarascáil. Cuirfidh an bord bainistíochta an tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an bhoird feidhmiúcháin lena formheas.'

(15) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Comhoibreoidh na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2012/34/AE chun faireachán a dhéanamh ar an iomaíocht sa chonair lasta iarnróid. Go háirithe, áiritheoidh siad go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ann


www.parlament.gv.at

ar an gconair agus beidh siad freagrach as an achomharc dá bhforáiltear faoi Airteagal 56(1) den Treoir sin. Malartóidh siad an fhaisnéis riachtanach a fhaigheann siad ó bhainisteoirí bonneagair agus ó pháirtithe ábhartha eile.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Aon ionadaithe gaolmhara de chuid bainisteoirí bonneagair mar a thagraítear dóibh in Airteagal 40(1), an dara fomhír, de Threoir 2012/34/AE, áireoidh siad go soláthrófar, gan mhoill, an fhaisnéis uile is gá chun déileáil leis an ngearán nó leis an imscrúdú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus arna hiarraidh ag comhlacht rialála an Bhallstáit ina bhfuil an t-ionadaí gaolmhar suite. Beidh an comhlacht rialála sin i dteideal an fhaisnéis sin faoin gconair thraenach idirnáisiúnta lena mbaineann a aistriú chuig na comhlachtaí rialála a luaitear i mír 3 den Airteagal seo.'

(16) scriostar Airteagal 21;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 22 agus 23:

*'Airteagal 22*

**Faireachán ar an gcur chun feidhme**

Gach 4 bliana ón tráth a bhunaítear conair lasta, déanfaidh an bord feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán seo torthaí an phlean cur chun feidhme don chonair sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na torthaí sin agus tabharfaidh sé fógra faoina anailís don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 62 de Threoir 2012/34/AE.

*Airteagal 23*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar bhonn tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, den chéad uair faoin 10 Samhain 2015, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin.'

(18) scriostar an Iarscríbhinn.



www.parlament.gv.at

*Airteagal 68*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 le héifeacht ón 18 Iúil 2024.

Tagairtí don Rialachán atá á aisghaireadh,.i. Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 69*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2024.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

## LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

| | |
|---|---|
| IARSCRÍBHINN I | Léarscáileanna den Ghréasán Cuimsitheach, den Chroíghréasán Breisithe agus den Chroíghréasán |
| IARSCRÍBHINN II | Liosta de nóid an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair |
| IARSCRÍBHINN III | Ailíniú na gConairí Iompair Eorpacha |
| IARSCRÍBHINN IV | Léarscáileanna táscacha den Ghréasán Tras-Eorpach Iompair arna leathnú chuig tríú tíortha sonracha |
| IARSCRÍBHINN V | Treoirlínte pleanála maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe le haghaidh nóid uirbeacha |
| IARSCRÍBHINN VI | Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1153 |
| IARSCRÍBHINN VII | Tábla comhghaoil |



www.parlament.gv.at

## IARSCRÍBHINN I

## LÉARSCÁILEANNA DEN GHRÉASÁN CUIMSITHEACH, DEN CHROÍGHRÉASÁN BREISITHE AGUS DEN CHROÍGHRÉASÁN



www.parlament.gv.at

**Uiscebhealaí Intíre**

| Gréasán | Stádas | | |
|---|---|---|---|
| Croíghréasán | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú | | |
| Croíghréasán | Tógáil nua | | |

**Iarnróid**

| Gréasán | Stádas | Gnáthluas | ≥ 200 km/h* |
|---|---|---|---|
| Croíghréasán | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2030 | | |
| Croíghréasán | Tógáil nua le haghaidh 2030 | | |
| Croíghréasán | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2040 | | |
| Croíghréasán | Tógáil nua le haghaidh 2040 | | |
| Cuimsitheach | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2050 | | |
| Cuimsitheach | Tógáil nua le haghaidh 2050 | | |
| Cuimsitheach/ | Beartaithe | <--> <-> | <--> <-> |

**Bóithre**

| Gréasán | Stádas | | |
|---|---|---|---|
| Croíghréasán | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2030 | | |
| Croíghréasán | Tógáil nua le haghaidh 2030 | | |
| Croíghréasán | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2040 | | |
| Croíghréasán | Tógáil nua le haghaidh 2040 | | |
| Cuimsitheach | Críochnaithe agus/nó le huasghrádú faoi 2050 | | |
| Cuimsitheach | Tógáil nua le haghaidh 2050 | | |
| Cuimsitheach/ | Beartaithe | | <--> <-> |


**Nóid**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Croíghréasán | Calafoirt** | | |
| Cuimsitheach | Calafoirt** | | |
| Croíghréasán | Aerfoirt** | | |
| Cuimsitheach | Aerfoirt** | | |
| Croíghréasán | RRT (críochfoirt iarnróid agus bóthair) / críochfoirt feadh uiscebhealaí intíre | | |
| Cuimsitheach | RRT (críochfoirt iarnróid agus bóthair) / críochfoirt feadh uiscebhealaí intíre | | |
| | Príomhchathracha | | |
| | Nóid uirbeacha | | |

* Luas thart ar 200km/h, atá beartaithe mar mheánluach táscach gan feidhm dhlíthiúil
** Lena n-áirítear críochfoirt ilmhódacha lasta



www.parlament.gv.at







www.parlament.gv.at

An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
Uiscebhealaí intíre agus croíchalafoirt
**Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

EU






www.parlament.gv.at

**An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach: Lasta iarnróid, croíchalafoirt agus críochfoirt iarnróid agus bóthair (RRT)**
**Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

EU







www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
Paisinéirí iarnróid agus croí-aerfoirt
**Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

EU



## An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach: Bóithre, croíchalafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair (RRT) agus aerfoirt

**Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

EU



## An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
## **Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

BE BG CZ **DK** DE **EE** IE EL ES FR HR IT CY **LV LT** LU HU MT NL AT PL PT RO SI SK **FI SE**

1




| Croíghréasán | Gréasán cuimsitheach | Croíghréasán | Nóid uirbeacha |
|---|---|---|---|
| Uiscebhealaí intíre<br>Uiscebhealaí intíre / Tógáil nua | Calafoirt | Calafoirt | Príomhchathracha<br>Nóid uirbeacha |

TENtec



www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:

**Paisnéirí iarnróid** agus aerfoirt

BE BG CZ **DK** DE **EE** IE EL ES FR HR IT CY **LV LT** LU HU MT NL AT PL PT RO SI SK **FI SE**

1







www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
**Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

**BE** BG CZ DK DE EE **IE** EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

2







www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Paisnéirí iarnróid,** aerfoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL PT RO SI SK FI SE

2







www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach

**Bóithre,** calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair agus aerfoirt

BE BG CZ DK DE EE **IE** EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

2




| *Croíghréasán Iarnróid* | *Croíghréasán Breisithe Iarnróid* | *Gréasán Cuimsitheach Iarnróid* | *Croíghréasán Cuimsitheach* | *Nóid uirbeacha* |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Gnáthluas Gnáthluas / Tógáil nua. ≥ 200 km/h ≥ 200 km/h / Tógáil nua Beartaithe | Gnáthluas Gnáthluas / Tógáil nua. ≥ 200 km/h ≥ 200 km/h /Tógáil nua. | Gnáthluas Gnáthluas / Tógáil nua ≥ 200 km/h ≥ 200 km/h / New Constr. Beartaithe | Aerfoirt | Príomhchathracha Nóid Uirbeacha |

TENtec

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach
**Bóithre,** calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair agus aerfoirt
**BE** BG CZ DK DE EE **IE** EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

2



## An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
## **Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL PT RO SI SK FI SE








www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Paisinéirí iarnróid,** aerfoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES **FR** HR IT CY LV LT **LU** HU MT NL AT PL PT RO SI SK FI SE

3







www.parlament.gv.at


0
150
300
km
Amsterdam
Bruxelles/Brussel
Luxembourg
Paris
Croíghréasán Bóithre
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Beartaithe
Croíghréasán Breisithe Bóithre
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Gréasán Cuimsitheach Bóithre
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Beartaithe
Croíghréasán Cuimsitheach
Calafoirt
RRT
Aerfoirt
Nóid Uirbeacha
Príomhchathracha
Nóid Uirbeacha
TENtec

An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
**Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

**BE** BG CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

4







www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Lasta iarnróid,** calafoirt agus críochfoirt iarnróid agus bóthair (RRT)

**BE** BG CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

4






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe an Gréasán Cuimsitheach:
**Paisinéirí iarnróid,** aerfoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT **LU** HU MT **NL** AT PL PT RO SI SK FI SE

4







www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at




| Croíghréasán | Cuimsitheach | Croíghréasán | Nóid Uirbeacha |
|---|---|---|---|
| Uiscebhealaí intíre | Calafoirt | Calafoirt | Príomhchathracha |
| Uiscebhealaí intíre / Tógáil nua | | | Nóid Uirbeacha |

TENtec



www.parlament.gv.at







www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Paisinéirí iarnróid,** aerfoirt

BE BG **CZ** DK **DE** EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL **AT** PL PT RO **SI** SK

5




0
150
300
km
København
Berlin
Amsterdam
Praha
Luxembourg
Wien
Bratislava
Budapest
Ljubljana
Zagreb
Croíghréasán Bóithre
Croíghréasán Breisithe Bóithre
Gréasán Cuimsitheach Bóithre
Croíghréasán Cuimsitheach
Nóid Uirbeacha
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Beartaithe
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Bóthar
Bóthar/ Tógáil nua
Beartaithe
Calafoirt
RRT
Aerfoirt
Príomhchathracha
Nóid Uirbeacha
TENtec

An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
**Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

BE BG **CZ** DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU **HU** MT NL AT **PL** PT RO SI **SK** FI SE

6





| Croíghréasán | Cuimsitheach | Croíghréasán | Nóid uirbeacha |
|---|---|---|---|
| Uiscebhealaí intíre<br>Uiscebhealaí intíre / Tógáil nua | Calafoirt | Calafoirt | Príomhchathracha<br>Nóid uirbeacha |

TENtec

Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Lasta iarnróid,** calafoirt agus críochfoirt iarnróid agus bóthair (RRT)
BE BG **CZ** DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU **HU** MT NL AT **PL** PT RO SI **SK** FI SE


6








www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:

**Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL **ES** FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL **PT** RO SI SK FI SE

7



An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Lasta iarnróid,** calafoirt agus críochfoirt iarnróid (RRT)

BE BG CZ DK DE EE IE EL **ES** FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL **PT** RO SI SK FI SE

7







www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe an Gréasán Cuimsitheach
**Bóithre,** calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair agus aerfoirt
BE BG CZ DK DE EE IE EL **ES** FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL **PT** RO SI SK FI SE 7



An Gréasán Cuimsitheach agus an Croíghréasán:
**Uiscebhealaí intíre** agus calafoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR **HR IT** CY LV LT LU HU **MT** NL AT PL PT RO **SI** SK FI SE

8




| Croíghréasán | Cuimsitheach | Croíghréasán | Nóid Uirbeacha |
|---|---|---|---|
| Uiscebhealaí intíre<br>Uiscebhealaí intíre / Tógáil nua | Calafoirt | Calafoirt | Príomhchathracha<br>Nóid Uirbeacha |

TENtec



www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Lasta iarnróid,** calafoirt agus críochfoirt iarnróid (RRT)
BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR **HR IT** CY LV LT LU HU **MT** NL AT PL PT RO **SI** SK FI SE

8



An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Paisinéirí iarnróid,** aerfoirt

BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR **HR IT** CY LV LT LU HU **MT** NL AT PL PT RO **SI** SK FI SE

8



An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach
**Bóithre,** calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair agus aerfoirt
BE BG CZ DK DE EE IE EL ES FR **HR IT** CY LV LT LU HU **MT** NL AT PL PT RO **SI** SK FI

8






www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe agus an Gréasán Cuimsitheach:
**Lasta iarnróid,** calafoirt agus críochfoirt iarnróid (RRT)

9







www.parlament.gv.at






www.parlament.gv.at

An Croíghréasán, an Croíghréasán Breisithe & an Gréasán Cuimsitheach
**Bóithre,** calafoirt, críochfoirt iarnróid agus bóthair agus aerfoirt
BE **BG** CZ DK DE EE IE EL ES FR HR IT CY LV LT LU HU MT NL AT PL PT **RO** SI SK

9







www.parlament.gv.at


N
Sofia
Athína
0 135 270 km
0 25 50 km
Lefkosia
Croíghréasán
Cuimsitheach
Croíghréasán
Nóid Uirbeacha
Uiscebhealaí intíre
Uiscebhealaí intíre / Tógáil nua
Calafoirt
Calafoirt
Príomhchathracha
Nóid Uirbeacha
TENtec

## IARSCRÍBHINN V

## TREOIRLÍNTE PLEANÁLA MAIDIR LE SOGHLUAISTEACHT UIRBEACH INBHUANAITHE LE hAGHAIDH NÓID UIRBEACHA

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na treoirlínte maidir le nóid uirbeacha chun Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe a fhorbairt.

1. Spriocanna agus cuspóirí: is é an sprioc lárnach is ceart a bheith ag plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI) inrochtaineacht a fheabhsú do gach úsáideoir sa limistéar feidhmiúil uirbeach, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus soghluaisteacht íseal-astaíochtaí ardcháilíochta sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil, tríd an limistéar feidhmiúil uirbeach agus laistigh de, agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an iompar poiblí agus ag an tsoghluaisteacht ghníomhach chuige sin á chur san áireamh. Go háirithe, ba cheart dó tacú le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh lena rannchuidítear le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle deiridh chomh maith le críochfoirt lasta ilmhódacha a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú.

2. Fís fhadtéarmach agus plean cur chun feidhme ghearrthéarmaigh: ba cheart straitéis fhadtéarmach maidir le bonneagar iompair agus seirbhísí ilmhódacha a fhorbairt amach anseo a bheith san áireamh in PSUI, nó ba cheart do PSUI a bheith nasctha le straitéis den sórt sin atá ann cheana féin. Ba cheart a áireamh ann freisin plean seachadta maidir le cur chun feidhme gearrthéarmach na straitéise. Ba cheart dó a bheith leabaithe i gcur chuige comhtháite maidir le forbairt inbhuanaithe an limistéir uirbigh agus a bheith nasctha le pleanáil ábhartha úsáide talún agus spásúlachta. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an bhfís fhadtéarmach agus ar an bplean cur chun feidhme ghearrthéarmaigh i dtéarmaí airgeadais go díreach sa PSUI nó, de rogha air sin, trí thagairt a dhéanamh do phleanáil ardleibhéil eile atá ann cheana nó do phleanáil ghaolmhar eile, gan gealltanais airgeadais a thuar.

3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: ba cheart do PSUI iompar ilmhódach a chur chun cinn trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht gan uaim, inbhuanaithe agus inrochtana a éascú. Ba cheart a áireamh ann

gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe ar nós iompar poiblí, soghluaisteacht chomhroinnte, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar muir a mhéadú. Ba cheart a áireamh ann freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, chun feabhas a chur ar inrochtaineacht do gach úsáideoir agus chun brú tráchta a laghdú, chomh maith le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir le caighdeáin an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe d'úsáideoirí soghonta bóithre lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, úsáideoirí modhanna gníomhacha.

4. Feidhmiú éifeachtach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair: ba cheart a áireamh mar is cuí le PSUI an tionchar a bheadh ag bearta uirbeacha éagsúla ar na sreabha tráchta, idir phaisinéirí agus lasta, ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus é mar aidhm leis sin idirthuras, seach-chonair nó idirnascadh gan uaim a áirithiú trí nóid uirbeacha agus timpeall orthu, lena n-áirítear maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha agus íseal-astaíochtaí. Ba cheart a áireamh leis sin go háirithe gníomhaíochtaí chun brú tráchta a mhaolú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus scrogaill a dhéanann difear do shreabha tráchta ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhaint.

5. Cur chuige rannpháirteach: ba cheart forbairt agus cur chun feidhme PSUI a bheith bunaithe ar chur chuige comhtháite ina mbeidh ardleibhéal comhair, comhordaithe agus comhairliúcháin ar fud na leibhéal éagsúil rialtais agus ar fud na n-údarás ábhartha. Ba cheart do shaoránaigh, ionadaithe na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eacnamaíocha a bheith rannpháirteach freisin.

6. Táscairí faireacháin agus feidhmíochta: ba cheart cuspóirí, spriocanna agus táscairí a áireamh in PSUI a bheidh mar bhonn agus mar thaca le haghaidh fheidhmíocht an chórais iompair uirbigh mar atá faoi láthair agus amach anseo. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta.

# IARSCRÍBHINN VI

## LEASUITHE AR RIALACHÁN (AE) 2021/1153

Leasaítear Cuid III den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'NAISC THRASTEORANN AGUS NAISC ATÁ IN EASNAMH';

(2) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Liostaí táscacha de naisc thrasteorann réamhshainithe agus naisc atá in easnamh';

(b) scriostar an chéad ró leis an teideal '"Conair an Atlantaigh" den chroíghréasán' agus an dara ró ina bhfuil a ailíniú;

(c) scriostar an cúigiú ró leis an teideal '"Conair Mhuir Bhailt" – Mhuir Aidriad" den chroíghréasán' agus an séú ró ina bhfuil a ailíniú;

(d) scriostar an naoú ró leis an teideal '"Conair na Meánmhara" den chroíghréasán' agus an deichiú ró ina bhfuil a ailíniú;

(e) scriostar an tríú ró déag leis an teideal '"Conair na Mara Thuaidh – Mhuir Bhailt" den chroíghréasán' agus an ceathrú ró déag ina bhfuil a ailíniú;

(f) scriostar an seachtú ró déag leis an teideal '"Conair na Mara Thuaidh – na Meánmhara" den chroíghréasán' agus an t-ochtú ró déag ina bhfuil a ailíniú;

(g) scriostar an t-aonú ró is fiche leis an teideal '"Conair an Oirthir – na Meánmhara Thoir" den chroíghréasán' agus an dara ró is fiche ina bhfuil a ailíniú;

(h) scriostar an cúigiú ró is fiche leis an teideal '"Conair na Réine – na nAlp" den chroíghréasán' agus an séú ró is fiche ina bhfuil a ailíniú;

(i) scriostar an tríochadú ró leis an teideal '"Conair na Réine – na Danóibe" den chroíghréasán' agus an t-aonú ró is tríocha ina bhfuil a ailíniú;



www.parlament.gv.at

(j) scriostar an cúigiú ró is tríocha leis an teideal '"Conair Chríoch Lochlann – na Meánmhara" den chroíghréasán' agus an séú ró is tríocha ina bhfuil a ailíniú.

## IARSCRÍBHINN VII

### TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Airteagal 5 | Airteagal 5(1) agus (2) |
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | Airteagal 8 |
| Airteagal 8 | Airteagal 9 |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 10(1) |
| Airteagal 9(2) | Airteagal 6(1) agus Airteagal 10(4) |
| — | Airteagal 11(2) agus (3) |
| Airteagal 10 | Airteagal 12 |
| — | Airteagal 13 |
| Airteagal 11 | Airteagal 14 |
| Airteagal 12(1) | Airteagal 38(1)(a) |
| Airteagal 12(2)(a) | Airteagal 18(1)(a) |


www.parlament.gv.at

| | |
|---|---|
| Airteagal 12(2)(b) agus (c) | Airteagal 15(1) |
| Airteagal 12(2)(d) | Airteagal 15(2)(a) |
| — | Airteagal 15(2)(b) agus (c) |
| — | Airteagal 15 (3) go (6) |
| Airteagal 12(2)(e) | — |
| Airteagal 12(3) | Airteagal 15(7) agus Airteagal 18(8) |
| — | Airteagal 19 |
| Airteagal 13 | Airteagal 20 |
| Airteagal 14(1) | Airteagal 21(1) |
| Airteagal 14(2) | Airteagal 21(3) |
| Airteagal 14(3) | Airteagal 21(2) |
| Airteagal 15(1) | Airteagal 22(1)(a) |
| Airteagal 15(2) | Airteagal 22(1)(b) |
| — | Airteagal 22(1)(c) |
| — | Airteagal 22(2) |
| — | Airteagal 23(1) |
| Airteagal 15(3)(a) | Airteagal 23(3) agus (4) |
| Airteagal 15(3)(b) | Airteagal 23(2) |
| Airteagal 15(3)(c) | Airteagal 23(3), an chéad fhomhír, pointe (d) |
| — | Airteagal 23(5) agus (6) |


www.parlament.gv.at

| | |
|---|---|
| Airteagal 16 | Airteagal 24 |
| Airteagal 17(1) | Airteagal 29(1) |
| Airteagal 17(2) | Airteagal 29(2) |
| Airteagal 17(3) | Airteagal 30(2)(a) |
| — | Airteagal 30(2)(b) agus (c) |
| — | Airteagal 30(3) agus (4) |
| Airteagal 17(4) | Airteagal 29(3) |
| Airteagal 18 | Airteagal 30(1) |
| Airteagal 19 | Airteagal 32 |
| Airteagal 20(1) | Airteagal 25(3) |
| Airteagal 20(2) | Airteagal 25(4) |
| Airteagal 20(3) | Airteagal 25(3) |
| Airteagal 21 | Airteagal 25(1) agus (2) |
| Airteagal 22 | Airteagal 26 |
| Airteagal 23 | Airteagal 28 |
| Airteagal 24(1) | Airteagal 33(1) |
| Airteagal 24(2) | Airteagal 33(2) |
| Airteagal 25 | Airteagal 34 |
| Airteagal 26 | Airteagal 35 |
| — | Airteagal 36 (1) go (4) |
| Airteagal 27 | Airteagal 36(5) |

| | |
|---|---|
| — | Airteagal 37 |
| Airteagal 28 | Airteagal 38 |
| Airteagal 29 | Airteagal 39 |
| — | Airteagal 40 |
| Airteagal 30 | Airteagal 41 |
| — | Airteagal 42 |
| Airteagal 31 | Airteagal 43 |
| Airteagal 32 | Airteagal 44 |
| Airteagal 33 | Airteagal 45 |
| Airteagal 34 | Airteagal 4 (d) |
| Airteagal 35 | Airteagal 46 |
| — | Airteagal 47 |
| — | Airteagal 48 |
| — | Airteagal 49 |
| Airteagal 36 | Airteagal 5(3) |
| Airteagal 37 | Airteagal 50 |
| Airteagal 38(1) | Airteagal 6(3) agus 10(2) |
| Airteagal 38(2) | — |
| Airteagal 38(3) | Airteagal 6(1), Airteagal 10(4) agus Airteagal 63(1) |
| Airteagal 39(1) | Airteagal 5 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 39(2)(a), pointí (i) agus (ii) | Airteagal 16 |
| Airteagal 39(2)(a), pointe (iii) | Airteagal 18 |
| Airteagal 39(2)(a), pointe (iv) | Airteagal 17 |
| Airteagal 39(2)(b) | Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) |
| Airteagal 39(2)(c) | Airteagal 31 |
| Airteagal 39(2)(d) | Airteagal 34 (1)(f) |
| Airteagal 39(3) | Airteagal 16(11), Airteagal 18(8) agus Airteagal 31(6) |
| Airteagal 40 | — |
| Airteagal 41(1) | Airteagal 10(3) |
| Airteagal 41(2) | Airteagal 27(2) |
| — | Airteagal 27(3) |
| Airteagal 41(3) | Airteagal 34(1) |
| Airteagal 42 | Airteagal 51 |
| Airteagal 43 | Airteagal 7 |
| Airteagal 44 | Airteagal 11(1) |
| — | Airteagal 11(2) agus (3) |
| Airteagal 45 (1) go (5) | Airteagal 52 (1) go (5) |
| — | Airteagal 52(7) agus (8) |
| Airteagal 45(6) | Airteagal 53(7) |


www.parlament.gv.at

| | |
|---|---|
| Airteagal 45(7) | Airteagal 53(6) |
| Airteagal 45(8) | Airteagal 52(9) |
| Airteagal 45(9) | Airteagal 52(10) |
| Airteagal 46(1) | Airteagal 53(1) |
| — | Airteagal 53(3) |
| Airteagal 46(2) | Airteagal 53(4) |
| — | Airteagal 53(5) |
| Airteagal 47(1) | Airteagal 54 |
| — | Airteagal 55(1) |
| Airteagal 47(2) | Airteagal 55(2) |
| — | Airteagal 55(3) agus (4) |
| Airteagal 47(3) | Airteagal 54(4) |
| Airteagal 48 | Airteagal 52(6) |
| — | Airteagal 56 |
| Airteagal 49(1) | Airteagal 57 |
| — | Airteagal 60(1) |
| Airteagal 49(2) | Airteagal 60(2) |
| Airteagal 49(3) | — |
| Airteagal 49(4) | Airteagal 58(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 49(5) | Airteagal 58(4) |
| Airteagal 49(6) | Airteagal 58(5) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 50 | Airteagal 59 |
| Airteagal 51 | Airteagal 8(8) |
| Airteagal 52 | Airteagal 61 |
| Airteagal 53 | Airteagal 62 |
| Airteagal 54 | Airteagal 63 |
| Airteagal 55 | Airteagal 8(6) |
| Airteagal 56 | Airteagal 64 |
| Airteagal 57 | Airteagal 65 |
| — | Airteagal 66 |
| — | Airteagal 67 |
| Airteagal 58 | Airteagal 10(2) agus Airteagal 68 |
| Airteagal 59 | Airteagal 68 |
| Airteagal 60 | Airteagal 69 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| — | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn IV |
| — | Iarscríbhinn V |
| — | Iarscríbhinn VI |

’



www.parlament.gv.at